


2018

Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle Contae Longfoirt





AN LONGFORT

Comhairle Chontae An Longfoirt
Longford County Council



FORT

CONNECTED
People • Place • Opportunity

CLÁR ÁBHAIR

BAILL TOFA CHOMHAIRLE CONTAE LONGFOIRT	4
RÉAMHRÁ ÓN gCATHAOIRLEACH AGUS PRÍOMHFHEIDHMEANNACH	5
PRÍOMHRÉIMISÍ FEIDHME FREAGRACHTA.....	6
TUARASCÁIL BHLIANTÚIL BHARDAS BHAILE UÍ MHATHÁIN.....	7
TUARASCÁIL BHLIANTÚIL BHARDAS AN GHRANÁIRD	8
TUARASCÁIL BHLIANTÚIL BHARDAS LONGFOIRT	10
TUARASCÁLACHA Ó CHOISTÍ POLASAITHE STRAITÉISIGH (2014-2019)	12
FORBAIRT EACNAMAÍOCH AGUS POBAIL, SEIRBHÍSÍ CHORPARÁIDEACH, CHULTÚRTHA AGUS SOSA, ACMHAINNÍ DAONNA, PLEANÁIL AGUS RIALÚ TÓGÁLA	14
Forbairt agus Rannpháirtíocht Phobail	14
Comhchoiste Polasaithe	16
Coiste Forbartha Eacnamaíoch Longfoirt	18
Gréasán Rannpháirtíochta Poiblí.....	21
Comhpháirtíocht Spóirt Longfoirt	23
Forbairt Eacnamaíoch agus Fiontar	27
Oifigí Fiontair Áitiúil.....	29
Forbairt Thurasóireachta	31
Oifig Ealaíne Longfoirt	32
Seirbhísí Chorparáideach	35
Acmhainní Daonna	39
Sláinte, Sábháilteacht agus Folláine san Obair.....	41
Seirbhísí Leabharlainne, Cultúrtha, Oidhreacht agus Cartlainne	44
Pleanáil	54
Athshlánú.....	57
CÓRAIS AIRGEADAIS AGUS FAISNÉISE	60
Airgeadas	60
Córais Faisnéise	62
TITHÍOCHT, INFREASTRUCHTÚR AGUS SEIRBHÍSÍ CHOMHSHAOIL, SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA.....	64
Tithíocht.....	64
Seirbhísí Chomhshaoil	67
Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála.....	71
Cosaint Shibhialta.....	72
Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre.....	73
Seirbhísí Tréidliachta	76
Seirbhísí Uisce	78
AGUISÍNÍ	
Aguisín 1: Tuarascáil ar Phlean Corparáideach (2015 - 2019).....	79
Aguisín 2: Ballraíocht an Chomhairle i gCoistí.....	80
Aguisín 3: Comhdhálacha freastalaithe ag Ball Tofa.....	81
Aguisín 4: Táscairí Feidhmíochta	82

BAIL TOFA CHOMHAIRLE CONTAE LONGFOIRT

DÚICHE BHARDAIS BHAILE UÍ MHATHÁIN



Cllr. Mick Cahill
Fianna Fáil



Cllr. Mark Casey
Neamhspleách



Cllr. Gerard
Farrell
Fine Gael



Cllr. Colm Murray
Fine Gael



Cllr. Pat O'Toole
Fianna Fáil



Cllr. Paul Ross
Fine Gael

DÚICHE BHARDAIS AN GHRANÁIRD



Cllr. Paraic
Brady
Fine Gael



Cllr. Micheál
Carrigy
Fine Gael



Cllr. John Duffy
Fine Gael
(Éirithe as
Márta)



Cllr. Gerry
Hagan
Fine Gael
(Comhthofa
Aibreán)



Cllr. Luie
McEntire
Fianna Fáil




Cllr. Martin
Mulleady
Fianna Fáil



Cllr. P.J. Reilly
Fianna Fáil

DÚICHE BHARDAIS LONGFOIRT



Cllr. John
Browne
Fine Gael



Cllr. Seamus
Butler
Fianna Fáil



Cllr. Joe Flaherty
Fianna Fáil



Cllr. Peggy Nolan
Fine Gael



Cllr. Mae Sexton
Neamhspleách



Cllr. Gerry
Warnock
Neamhspleách

RÉAMHRÁ ÓN gCATHAOIRLEACH AGUS PRÍOMHFHEIDHMEANNACH

Cuirimid fáilte roimh fhoilseachán Tuarascála Bhliantúil Chomhairle Contae Longfoirt 2018. Luann an Tuarascáil Bhliantúil scála agus éagsúlacht na ngníomhaíochtaí laistigh an Chomhairle agus léiríonn sé tiomantas Chomhairle Contae Longfoirt chun freastal, ionadaíocht agus treorú a thabhairt do phobail ár gContae.

In 2018 chonaic muid fianaise fáis eacnamaíoch agus cumhachtú pobail i gContae Longfoirt chomh maith le béim an Rialtais Lárnaigh leanúnach ar ár gContae. Bhí go leor gníomhaíochta ar thionscnaíochtaí áitiúla agus náisiúnta i gContae Longfoirt i bhforbairt eacnamaíoch, turasóireachta agus pobail ar feadh na bliana.

Rinne comhlachtaí bunaithe go háitiúil Red Seal agus Avery Dennison fógraí móra poist agus lean an obair ar an tionscadal Center Parcs Iasmuigh Bhaile Uí Mhatháin. Chuidigh cláir faoi mhaoiniú an Rialtais amhail na Cláir Athshlánaithe Tuaithe agus Uirbigh, Scéim Bhaile agus Sráidbhaile, CLAR, LIS agus Scéim Athchruthaithe Tuaithe, a theastaigh comh-mhaoiniú ag Comhairle Contae Longfoirt uaidh, le pobail ar fud an Chontae in 2018.

In 2018 rinne Comhairle Longfoirt dul chun cinn suntasach i bhforbairt thurasóireachta le infheistíocht i dtionscadail amhail Rian Glas na Canálach Ríoga agus Ionad Léirithe Ghránaire. Lean muid freisin ag comhoibriú lenár gcomharsan agus gníomhaireachtaí stáit chun tionscadail turasóireachta réigiúnacha a fhorbairt agus chun Lár na Tíre a chur chun cinn mar cheann scríbe turasóireachta, agus chuireamar fáilte roimh sheoladh an bhranda turasóireachta nua dár réigiún, Croíthailte Folaithe na hÉireann.

Sa bhliain sin, tháinig freisin an Gréasán Gáis Nádúrtha go Contae Longfoirt.

I measc na n-éachtaí spéisiúla eile le linn na bliana, áirítear -

- *Cruinniú Tithíochta, Ag Atógáil na hÉireann, a shocraigh targaidí i gcomhair seachadta tithíochta sóisialaí, reachtáilte i mí Eanáir.*
- *Aithníodh freagra an Chomhairle do Stoirm Emma go háitiúil agus go náisiúnta mar iontach. In ainneoin coinníollacha an-dúshlánacha, bhí ár bhfreagra eagraithe agus curtha i bhfeidhm ar bhealach sábháilte éifeachtach le linn mhí an Mhárta.*
- *Thug Amharclann an Druid léiriú den scoth ar "Waiting for Godot" ag Samuel Beckett go dtí Backstage Theatre Longfoirt mar chuid dá thuras 2018 i mí an Mhárta.*
- *Bhuaigh Longfort Duais as Clár Ambasádóra um Chosc ar Choireanna ag Dámhachtainí Aoisbháúil Náisiúnta i mí Aibreáin.*
- *Seoladh i mí Aibreáin tionscnaíochta €2 milliún "Croíthailte Folaithe na hÉireann" ag Fáilte Ireland, chun cuidiú le turasóireacht ar feadh réigiúin Lár na Tíre.*
- *Rinne dhá chomhlacht cliant IDA, Red Seal Cups agus Avery Dennison, fógraí suntasacha do phoist i mí Bealtaine, le fógra 300 post i gcomhair Longfoirt.*
- *D'oscail an tAire Eoghan Murphy scéim thithíochta nua i mBaile Uí Mhatháin agus ag iompú an fód ar scéim tithíochta in Lanesboro, i mí Iúil.*
- *Rinneadh seoladh wi-fi poiblí saor in aisce nua in Lanesboro, i ndiaidh maoinithe rathúil tríd an Scéim Athnuachana do Bhailte agus Sráidbhailte i mí Iúil.*
- *Críochnaíodh Cuid Longfoirt Riain Ghlais na Canálach Ríoga, a chuireann nasc céadaicme ilchuspóireach do shiúlóid agus rothaíocht easbhóthair ón Life i mBaile Átha Cliath, i mí Lúnasa.*
- *Bhí an Cathaoirleach, Comhairleoir Luie McEntire, tofa mar Uachtarán le Cumann Rialtais Áitiúil na hÉireann (AILG) i mí Mheán Fómhair.*
- *Tháinig grúpa cuairteoirí amhra ó bhailte Saint Nabord sa bhFrainc (áit dhúchais Ghinearál Humbert) agus athachtú Chogadh Bhéal Átha na Muc, mar chuid dá dturas 1798, i mí Dheireadh Fómhair.*
- *Fógra maoinithe €1 milliún don tionscadal Longfort Nasctha tríd an gCiste Forbartha Athchóirithe, i mí na Samhna.*
- *Reachtáladh an Léacht Cuimhneacháin Albert Reynolds, ina raibh Rt Hon Sir John Major KG CH, leas-Thaoiseach an UK, ina aoichainteoir.*

Léiríonn na éachtaí sin Contae a bhfuil a Chomhairle Contae ag soláthar ceannasaíochta dár gcuid pobail. Léiríonn siad freisin Contae ina bhfuil pobail cumhachtaithe chun feabhas a chur ar chaighdeán saoil dóibh féin agus dár gContae.

Ní bheadh sé indéanta na éachtaí luaite sa Tuarascáil Bhliantúil seo a bhaint amach gan ionchur cnusaitheach na mBall Tofa, an Chathaoirigh, an Choiste Polasaithe Straitéisigh, Coistí Dúiche Barsais, Bail na gCoistí Polasaithe Straitéisigh, Foireann Bainistíochta agus Fostaithe Chomhairle Contae Longfoirt, in éineacht le go leor eagraíochtaí deonacha agus pobail lena bhfuil an Comhairle ag idirghníomhú. Is trína dtiomantas leanúnach amháin gur féidir leis an eagraíocht aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin go muiníneach agus go mbíonn a dtacaíocht agus comhoibriúocht aitheanta le buíochas.



PRÍOMHRÉIMSÍ FEIDHME FREAGRACHTA

Soláthraítear príomh-sheirbhísí Chomhairle Contae Longfoirt laistigh Struchtúir na Stiúrthóireachta a leanas. Clúdaíonn an trí Stiúrthóireacht na réimsí -



Barbara Heslin, Stíúthóir Seirbhísí
le freagracht as

- Forbairt Eacnamaíoch, Fiontair agus Turasóireachta
- Forbairt Pobail
- Leabharlanna, Cultúr agus Oidhreacht
- Acmhainní Daonna agus Seirbhísí Chorparáideacha
- Sláinte agus Sábháilteacht
- Pleanáil
- Athshlánú
- Dúiche Bhardais Bhaile Uí Mhatháin



John Brannigan, Stíúthóir Seirbhísí
le freagracht as

- Tithíocht agus Rialú Tógála
- Bóithre
- Seirbhísí Uisce
- Seirbhísí Chomhshaoil
- Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála
- Dúiche Bhardais an Ghranáird



John McKeon, Ceannaire Airgeadais
le freagracht as

- Maoiniú
- Córais Faisnéise
- Comhréireacht agus Soláthar
- Bainistíocht ar Áiseanna
- Dúiche Bhardais Longfoirt



Aitheantais Cóipchirt

Áirítear leis sonraí Shuirbhéireachta Ordanáis na hÉireann léirithe faoi réir Uimhreach Cheadúnais Osi 2010/29/CCMA/Comhairle Contae Longfoirt. Sáraíonn Atáirgeadh Neamhdaraithe Cóipcheart Shuirbhéireachta Ordanáis na hÉireann agus Rialtais na hÉireann.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL BHARDAS BHAILE UÍ MHATHÁIN

Cathaoirleach

Ag Cruinniú Ginearálta Bhliantúil le Dúiche Bhardais Bhaile Uí Mhatháin reachtáilte in 21 Mheitheamh 2018, bhí Comhairleoir Paul Ross roghnaithe do phost Cathaoirligh agus Comhairleoir Pat O'Toole tofa go post Leas-Chathaoirligh. Tá na poist sin líonta go dtí na Toghcháin Áitiúla in 2019.

Cruinnithe Reachtáilte

Bhí cruinnithe reachtáilte ar an 25ú Eanáir, 12ú Márta, 22ú Márta, 3ú Bhealtaine, 21ú Mheithimh, 26ú Iúil, 1ú Dheireadh Fómhair, 5ú Samhna agus 19ú Nollag.

Áirítear le earraí pléite ag na cruinnithe sin -

- Ócáid Chúplála Bhaile Uí Mhatháin-Landevant
- Sceideal ar Oibreacha Dúiche Bhardais 2018
- Clár Feabhsaithe Athshlánaithe Ilbhliantúil 2019-2021
- Athbhreithniú ar Theorainn Luais
- Scéim Tacaíochta do Dheontais Pobail 2018
- Maoiniú do Reilig agus Coistí Úirleachais
- Tionscadail molta le bheith maoinithe ó Chúlchistí Caipitil
- Leithdháileadh Bardais Ginearálta 2019



Cur i láthair déanta do Dhúiche Bhardais Bhaile Uí Mhatháin lena n-áirítear –

- Comharchumann Turasóireachta Lanesboro.
- Tionscadal Digiteach na Bunscoile
- Cur chun cinn Turasóireachta Chontae Longfoirt

Earraí Glactha

Glacadh Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh, i gcomhréir le Cuid VIII na Rialachán Pleanála agus Forbartha, maidir leis an bhforbairt a leanas: -

- Tógáil droichid coise thar Abhainn na hUíne sa Chluainín agus Caisleán Nua, Baile Uí Mhatháin, Co. Longfoirt

Eastáit Glactha i gCeannas

Bhí na eastáit tithíochta a leanas glactha i gceannas le linn na bliana -

- Shannon Park, Meathas Troim
- Corncrake Meadows, Mainistir Shruthla

Scéim Tacaíochta do Dheontais Pobail 2018

Bhí deontais ar iomlán €56,150 leithdháilte do 40 feidhm Ghrúpa Pobail a thacaíonn le gníomhaíochtaí/tionscadail i gcomhair Rannpháirtíochta an Phobail, Comhshaol, Ócáidí, Oidhreacht, Spórt agus Caitheamh Aimsire.



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL BHARDAS AN GHRANÁIRD

Cathaoirleach

De réir comhaontaithe ag na baill i ndaidh Toghchán Áitiúla 2014, ag Cruinniu Ginearálta Bhlíantúil le Dúiche Bhardais Ghránaírd reachtáilte in 22ú Bhealtaine 2018, bhí Comhairleoir PJ Reilly aththofa do phost Cathaoirleach agus Comhairleoir Gerry Hagan tofa go post Leas-Chathaoirleach.

Cruinnithe Reachtáilte

Reachtíl Baill Dúiche Bhardais an Ghránaírd cruinnithe ar na dátaí a leanas le linn 2018 -
30ú Eanáir, 27ú Feabhra, 27ú Márta, 22ú Bhealtaine, 24ú Iúil, 25ú Mheán Fómhair agus 27ú Samhna.

Earraí Glactha

Ghlac Baill Dúiche Bhardais an Ghránaírd a leanas le linn na bliana -
Sceideal ar Oibreacha Dúiche Bhardais an Ghránaírd 2018
Scéim Áiseanna Pobail 2018
Scéim Tacaíochta do Dheontais Pobail 2018
Athbhreithniú ar Theorainn Luais
Clár Feabhsaithe Athshlánaithe Ilbhliantúil 2019-2021
Leithdháileadh Bhardais an Ghránaírd 2019
Cuid 8 Tuarascáil (Rialacháin Pleanála agus Forbartha 2001), maidir le tairiscint tógála 6 x 2 Áitribh Aon Stóir ag Béal Átha na Lao.

Eastáit Glactha i gCeannas

Bhí na eastáit tithíochta a leanas glactha i gceannas le linn na bliana -
Clós Naomh Pádraig, Béal Átha na Muc
Loughan Hill, Droim Lis
Higginstown Wood, An Gránard

Earraí Eile Glactha

Ba iad earraí a gcuireadh béim orthu agus a bhí pléite ag na Baill eile ná -

- Fochoiste Logainmneacha
- Scéimeanna Feabhsaithe Áitiúla
- Comharthaí Aiseolais Tiománaithe
- Dealbha
- Cosáin
- Scéimeanna Sábháilteachta Íseal-chostais
- Comharthaíocht
- Oibreacha Uisce Éireann
- Glanadh ar Aibhneacha
- Gearradh Crainn agus Fálaithe
- Rampáí Luais
- Droichid
- Cúpláil Bhéal Átha na Muc / Essert 2018
- Trasrianta do Choisithe
- Cromleac Achadh na Cloiche
- Craobhiomaitheoirí Fhéile Uile-Éireann U14 Ghránaírd/An Baile Mór
- Conláistí
- Páirceanna Súgartha
- Carrchlós
- Moilliú Tráichta
- Trófaí Boomerang Hickstead
- Fíailí Díobháilacha

Bhí cur i láthair tugtha ar a leanas:-

- Tionscadal Digiteach na Bunscoile

Fáiltithe Mhéara

Fáiltiú 27ú Iúil 2018 ar an 21ú Comóradh Bliana Comhaontaithe Cúplála Bhéal Átha na Muc agus Essert de Belfort.



Aíonna ón Fhrainc i mBéal Átha na Muc

Ar an Aoine, 26ú Dheireadh Fómhair, chuir Béal Átha na Muc fáilte roimh ghrúpa cuairteoirí iomráiteacha ó na bailte Francacha Saint Nabord agus Remiremont mar chuid dá dturas 1798. Is in Saint Nabord a rugadh Ginearál Humbert, a bhí i gceannas ar an turas taiscéalaíochta ón Fhrainc go hÉireann, nár éirigh leis in 1798. Bhí seisean agus a chuid fir i gcomhlúadar Éireannaigh agus chuaigh siad soir, ag stopadh ag Béal Átha na Muc, áit ina raibh siad sáraithe ag fórsaí i bhfad níos mó ón Bhreatain Mhór.

Ag an athchruthú speisialta seo ar Chath Bhéal Átha na Muc, áirítear le cuairteoirí Aude Schifferling (Sliochtach Ghinearál Humbert), Jean Hingray (Méara Remiremont) agus Victoria Mirayantz, Albert Henry (Méara Plombieres) agus Mrs Henry Daniel Sacquard (Méara St. Nabord).



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AR DHÚICHE BARDAIS LONGFOIRT

Cathaoirleach

Ag Cruinniú Ginearálta Bhlíantúil reachtáilte in 27 Mheitheamh 2018, bhí Comhairleoir Seamus Butler tofa do phost Cathaoirligh agus Comhairleoir Mae Sexton tofa go post Leas-Chathaoirligh.

Cruinnithe Reachtáilte

Bh cruinnithe reachtáilte ar an 24ú Eanáir, 7ú Feabhra, 7ú Márta, 28ú Márta, 2ú Bhealtaine, 27ú Mheithimh, 26ú Mheán Fómhair, 24ú Dheireadh Fómhair agus 28ú Samhna.

Earraí Glactha

Bhí na earraí a leanas glactha ag na Baill in 2018 -

- Buiséad Oibreacha Bhardais do 2018.
- Leithdháileadh GMA Dhúiche Bardais.
- Leasuithe ar Theorainneacha Luais laistigh Dúiche Bhardais Longfoirt.
- Fáiltiú Sibhialta in Ómós do Veronica Naughton agus Marie Hand.
- Fáiltiú d'Oibríthe Deonacha Ghrúpa Bailte Slachtmhara Longfoirt.
- Maoiniú do chaiteachas caipitil i gconláistí.
- Ainmiú do Dhroichead an Mhuilinn, Páirc Gnó Bridgeway, Bóthar Bhaile Átha Luain, Mol Soláthraithe LIADH agus Droichead Naisc Bhaile Mionnán.
- Deontais do ghrúpaí cónaitheoirí chun lomairí léana a cheannach chun suíomhanna glasa a choinneáil ina gcuid eastáit.
- Díothú ar Chead Slí ag Dún Darrach.
- Leasuithe ar Dhlíthe Páirceála i gCóngar do chóistí agus míchumas
- Beidh Feithiclí leictreacha díolmhaithe ó tháillí páirceála agus iad ag úsáid pointí luchtaithe leictreacha.
- Oibreacha faoi Chúlchistí Caipitil lena n-áirítear spás sibhialta ar Chearnóg an Mhargaidh, oibreacha athchóirithe ag carrchlós Longford Centre agus soilsiú ag 3 dhroichead abhann Chamlinn.
- Plean Athshlánaithe Bóithre Ilbhliantúil 2019 go 2021.
- Páirceáil saor in aisce i gclóis amach ón bhóthar ar an mbealach go Nollaig 2018.
- Ainmiúcháin do Dhámhachtainí Cathaoirligh.
- Ranníocaíochtaí Deonacha agus Deontais Pobail.
- Maoiniú do Lá Fhéile Pádraic, Oíche Shamhna agus Féilte Samhraidh Longfoirt.

Oibreacha Críochnaithe in 2018

Clár Oibreacha Bóthair

Rinneadh oibreacha feabhsaithe bóthair sna áiteanna a leanas -

- Bóthair Bhéal Átha na Lao N63
- Príomhshráid an Leasa Bhric
- Leacain N4
- Cosán N63 ag Fearann na hEaglaise
- Acomhal N63 le R397
- Oibreacha cothabhála ar bhóithre lena n-áirítear oibreacha draenála bóithre agus paisteála

Oibreacha Athshlánaithe Bóithre

- Oibreacha aththógála Pháirc Theafa
- Bóthar Flancare críochnaithe
- Melview R198
- Oibreacha fadaithe bóithre L1005 ag Leamhach
- Cosáin ag Sráid Chill na Sí
- Rinneadh Scéimeanna Sábháilteachta Íseal-chostais in Ascaill Ardnacassa

Oibreacha Eile

- Bánna Míchumais agus Páirceála Aoisbháula athlínithe
- Foráil bánna páirceála do chóistí breise
- Oibreacha tógála ar shíneadh ag Reilig Baile Mhic Cormaic
- Clár Gearrtha Féir
- Soilsiú Nollag lena n-áirítear ceannachán soilse nua i gcomhair Sráide Chill na Sí agus Sráid Nua.

Eastáit Glactha i gCeannas

Bhí na eastáit tithíochta a leanas glactha i gceannas le linn na bliana -

- Rockview, Cluain Dá Ráth
- Cartún Breac, Longfort

Earraí Eile Glactha

Ba iad earraí eile a gcuireadh béim orthu agus a bhí pléite ag na Baill eile ná -

- Carrchlós ag Oifigí na Roinne Coimirce Sóisialaí ar Bhóthar Bhéal Átha na Lao.
- Áiseanna páirceála do bhusanna agus cóistí i Longfort.
- Carrchlós Íoctha
- Athbhreithniú ar Theorainn ag Limistéar toghcháin Áitiúil
- Sailliú cosáin i mBaile Longfoirt
- Breithniúchán ar bharn salainn a bhogadh go dtí áit níos oiriúnaí
- Plean Athchóirithe Ardnacassa
- Iompar frithshóisialta in Ascaill Ardnacassa/eastáit Chluain Árd
- An Clár Athchóirithe
- Scéim athchóirithe Baile agus Sráidbhaile
- Seirbhís Wi-Fi saor in aisce i mBaile Longfoirt
- Cead Slí ag Dún Darrach
- Suiteáil Rampaí Luais ag Bóthar Naomh Mhichíl
- Rampaí luais ag Hollows agus St Emers
- Cosáin ag Cúirt Fhainge
- Scéim Fóirdheontais i gcomhair bailiúcháin dramhaíl cosúil le Cathair Luimnigh
- Síneadh ar ghréasán Séaraigh don limistéar Ferefad/Cnoc an Chatha
- Bearta sábháilteachta Íseal-chostais ag Bóthar Lios Breac
- Soilsíú Poiblí ag Cúirt Éidin, Bóthair Chill na Sí
- Foráil Trasrianta do Choisithe ag Bóthar na Páirce
- Soilsíú Poiblí i gCluain Dá Ráth agus Farnagh Hill
- Soilsíú sa Ghléib/ Cnoc an Leasa Dhuibh
- Foráil bainc Talaimh IDA ag suíomh Bhaile Longfoirt
- Baile Gnó Aoisbháúil a dhéanamh de Longfort
- Tairiscint chun Coimeádán Caife a chur ag an Leisure Centre san ionad siopadóireachta
- Cosc ar gach feithiclí mótaí ar shiúláin ag Albert Reynolds Peace Park
- Breithniúchán chun Fodhlíthe a chur i bhfeidhm do chóistí capaill i mBaile Longfoirt
- Áiteanna breise féideartha do cheamaraí CCTV
- Tionscadal Digiteach na Bunscoile
- Fodhlíthe Reilige Athbhreithnithe
- Reilig Bhaile Mhic Cormaic - taifid ar líne, Balla Cuimhneacháin

Fáiltithe Mhéara

- Fáiltiú ar an 30ú Samhna in aitheantas do Veronica Naughton agus Marie Hand a d'obair go deonach do Chumann Ailse na hÉireann ar feadh 30 bliana.



TUARASCÁLACHA Ó CHOISTÍ POLASAITHE STRAITÉISIGH 2014-2019

Forbairt Eacnamaíoch agus Fiontar SPC

IONADAITHE EARNÁLA AN CHOMHAIRLEORA

- Seamus Butler (Cathaoir)
- Joe Flaherty
- Colm Murray
- Peggy Nolan
- Pat O'Toole
- Fintan McGill (Gnó/Fostóirí)
- Louise Lovett (Pobal agus Deonach)
- Ray Hogan (Comhshaoil/Caomhnú)
- Mona Considine (Coiste Turasóireachta an Chontae)

Chas an SPC 4 uair le linn 2018, ar an 12ú Feabhra, 28ú Bhealtaine, 18ú Mheán Fómhair agus 12ú Samhna. Bhí a leanas faoi chaibidil ag na cruinnithe:

- Breisoideachas agus Oiliúint
- Plean LEO 2018
- Straitéis Mhiondíola
- Business Expo
- Mol Cruthaíochta agus Nuálaíochta
- Athshlánú
- Máistirphlean Bhaile Mionnán
- Máistirphlean Cheathrú Camlinn
- Dréacht ar Scéim Ranníocaíochta Forbartha
- Tairiscintí agus pleananna Fhórim Eacnamaíoch
- Scéim Dreasachta Gnó
- Páirceanna Gnó agus Comharthaíocht in Eastáit Tionsclaíoch
- Plean Gníomhaíochta do Phoist
- Deiseanna i gCroíthailte Folaithe na hÉireann
- Plean Chur i bhfeidhm Straitéise Turasóireachta
- Sruthanna Maoinithe - Clár, Fáilte Ireland, Athchóiriú Baile agus Sráidbhaile, Scéim Sosa Allamuigh
- Scéim Tacaíochta do Pobail 2018

Seirbhísí Tithíochta SPC

IONADAITHE EARNÁLA AN CHOMHAIRLEORA

- Cllr P.J. Reilly (Cathaoir 1ú Téarma)
- Gerry Warnock (Cathaoir 2ú Téarma)
- John Browne
- Martin Mulleady
- Paul Ross
- Derek Scanlon (Forbairt/Tógáil)
- Tess Murphy, Stephanie Igoe (Pobal agus Deonach)
- Eileen Finan (Ionchuimsiú Sóisialta)

Chas an SPC 4 uair le linn 2018, ar an 13ú Feabhra, 1ú Bhealtaine, 4ú Mheán Fómhair agus 4ú Nollag. Bhí na hábhair a leanas faoi chaibidil ag na cruinnithe:

- Cur i láthair ag Irish Green Building
- Tionscadal Téamhaithe in Park Villas Longfoirt
- Athchur Téitheoirí Stórais
- Iasacht Tithíochta ag Atógáil na hÉireann
- Bainistíocht ar Dhramhaíl ag Tithe an Údaráis Áitiúil
- Teorainneacha Ioncaim don Tacaíocht Tithíochta
- Polasaí Cothabhála Tithíochta
- Pobal Simon Lár na Tíre
- Scéim Taisce Cíosa
- Scéim Cíosa Dífreálach
- Costais na Seirbhíse Dóiteáin
- Clár ar Neamhní
- Liostaí Feithimh Tithíochta

Infreastruchtúr agus Comhshaol SPC

IONADAITHE EARNÁLA AN CHOMHAIRLEORA

- Micheál Carrigy (Cathaoir 1st)
- John Duffy (d'éirigh as Márta 2018)
- Mick Cahill
- Gerry Farrell
- Luie Mc Entire
- Gerry Hagan
- Andrew McHugh (Talmhaíocht agus Feirmeoireacht)
- Teresa Kearney (Pobal agus Deonach)
- Michael Spillane (Ceardchumann)
- Niamh Moran (Comhshaol/Caomhnú)
- Maria Keelty (PPN)

Chas an SPC 4 uair le linn 2018, ar an 15ú Feabhra, 6ú Mheithimh, 20ú Mheán Fómhair agus 5ú Nollag. Lean Comhairleoir Micheál Carrigy ar aghaidh mar Chathaoirleach don 2ú Téarma i ndiaidh do Chomhairleoir John Duffy éirí as. Bhí na hábhair a leanas faoi chaibidil ag na cruinnithe:

- CCTV
- Comharthaí Luais Splantha Sealadacha
- Athbhreithniú ar Theorainneacha Luais
- Dréacht ar Pholasaí maidir le Comharthaí Gníomhachtaithe ag Feithiclí
- Fodhlí Dramhaíl
- Talaimh Adhlactha
- Straitéis Oiriúnaithe don Athrú Aeráide
- Plean Bainistíochta d'Abhantraí
- Plean Bainistíochta ar Rioscaí Tuilte
- Gearradh fáilaithe
- Rochtain Míchumais
- Dréacht ar Phlean Bainistíochta ar Bhruscar Caite
- Bailiúchán dramhaíl
- Salú ag madraí agus béalóg madraí in áiteanna poiblí.
- Dréacht ar Pholasaí do Tháillí Seirbhíse Dóiteáin
- Dréacht ar Chuid 26 - Plean Seirbhíse Dóiteáin Oibriúcháin 5 bhliana
- Athruithe ar Chosaint Shíbhialta chun freastal ar ócáidí poiblí

Pleanáil agus Forbairt agus SPC Cultúrtha

IONADAITHE EARNÁLA AN CHOMHAIRLEORA

- Mae Sexton (Cathaoir 1ú Téarma)
- Mark Casey (Cathaoir 2ú Téarma)
- Paraic Brady
- Gerry Farrell
- Gerry Warnock
- Pat O'Rourke (Talmhaíocht agus Feirmeoireacht)
- Noreen McLoughlin (Comhshaol/Caomhnú)
- Patricia Murphy, Paddy Howe (Pobal agus Deonach)

Chas an SPC 4 uair le linn 2018, ar an 19ú Feabhra, 21ú Bhealtaine, 16ú Dheireadh Fómhair agus 11ú Nollag. Bhí na hábhair a leanas faoi chaibidil ag na cruinnithe:

- Creat Pleanála Náisiúnta
- Straitéis Spásúil Réigiúnach agus Eacnamaíoch
- Plean Forbartha Contae
- Dréacht ar Scéim Ranníocaíochta Forbartha
- Tionscadal r-phleanála
- Éire Cruthaíoch - Straitéiseanna Cultúir agus Cruthaíochta Longfoirt 2018-2022
- Straitéis Cultúir agus Cruthaíochta Longfoirt - Plean Chur i bhFeidhm agus Gníomhaíochta 2018
- Clár Aoisbháúil Longfoirt
- Tionscadal Leabharlaine Pobail Mheathas Troim
- Plean Straitéiseach Idirchultúrtha
- Athshlánú
- Nuashonrú ar Mháistirphlean Cheathrú Camlinn
- Máistirphlean Bhaile Mionnán
- Mol Cruthaíochta agus Nuálaíochta
- Clár Ealaíne 2018 - Plean Chur i bhFeidhm agus Gníomhaíochta
- Scéimeanna Mhainithe lena n-áirítear CLAR, Scéim Athnuaite Baile agus Sráidbhaile, Scéim Sosa Allamuigh, Fáilte Ireland

FORBAIRT EACNAMAÍOCH AGUS POBAIL agus ACMHAINNÍ SOSA, CORPARÁIDEACHA AGUS DAONNA, LEABHARLANNA CULTÚR AGUS OIDHREACTHA, PLEANÁIL

FORBAIRT POBAIL

Comhairle na nÓg

Reachtaíodh an Cruinniú Ginearálta Bliantúil ar an nDéardaoin 25ú Dheireadh Fómhair 2018 in Óstán Longford Arms. D'fhreastal líon mór daoine óga idir 12 agus 18 d'aois ag déanamh ionadaochta ar a gcuid scoileanna agus clubanna ar fud Contae Longfoirt. Bhí na hábhair le plé roghnaithe ag na daoine óga. An bhliain seo, bhí seisiún ceisteanna agus freagra eagraithe le ionadaithe ó Chomhairle Contae Longfoirt, Tulsa, Bord Oideachais agus Oiliúna Longfoirt Iarmhí agus ionadaí Dáil na nÓg Longfoirt. Tugadh deis freisin do na daoine óga chun ionadaithe nua a ainmniú don chéad téarma eile le Comhairle na nÓg.



Comhairle na nÓg AGM 2018: Bailiú Chomhairle na nÓg Longfoirt le Comhordaitheoir Avril Gilchrist



Comhairle na nÓg AGM 2018: Laura McPhillips, Grainne Reid, Moira Casey, Micheal Carrigy, Luke Casserly, Joe Flaherty

Plean Straitéiseach Idirchultúrtha Longfoirt 2018-2022

Sheol Cathaoirleach Luie McEntire go hoifigiúil Plean Straitéiseach Idirchultúrtha Longfoirt Dé Máirt 18ú Nollag i gComhairle Contae Longfoirt. Chuir Ciarán Murphy, Cathaoirleach le Grúpa Oibre Idirchultúrtha Longfoirt fáilte roimh gach duine chug an seoladh. Thug an Grúpa Oibre Idirchultúrtha ardán chun ceisteanna a ardú ar fud na gníomhaireachtaí agus an phobail don Plean. Labhair Uruemu Adejinmi maidir lena ról mar bhall den ghrúpa agus labhair Eric Ehigie, mac léinn Scoile Pobail na Maighne agus ball le feidhmeannach náisiúnta mac léinn dara leibhéal in Éirinn maidir leis an bhfís atá aige don todhchaí agus an mhaitheas atá ann do gach pobal má oibríonn siad le chéile. Léirigh CEO Chomhairle Contae Longfoirt Paddy Mahon buíochas agus d'aithin sé an ról a d'imir Dr. Shelley Deane le Brehon Advisory chun an Plean a ullmhú. Thug mic léinn ó Scoil Pobail na Maighne srath siamsaíocht ceoil ag an ócáid, ag léiriú Ceoil na hÉireann agus ceoil na hAfraice.



Mary Carlton Reynolds, Adrian Greene, Paddy Mahon, Luie McEntire, Eric Ehigie, Lionel Mullally, Laura McPhillips, Ciaran Murphy, Uruemu Adejinmi, Tony Gibban (D.E.A.S.P.)



Mick Cahill, Slavek Kazek (Comh. Pobail Polannach Láir Na Tíre) Paul Ross, Gerry Warnock, Joe Flaherty, Paddy Mahon, Eric Ehigie, Lionel Mullally, Ciaran Murphy, Laura McPhillips, Barbara Heslin, Siobhan Cronogue, Luie McEntire, Uruemu Adejinmi, Sinead Mullally, Graham Kane FAI Dev

Áiteanna súgartha 2018

In 2018 aithníodh suíomh oiriúnach i gCill na Sí le haghaidh áite súgartha nua agus socraíodh coiste áitiúil chun dearadh oiriúnach a roghnú. Iarradh ar pháistí i gCill na Sí páirt a ghlacadh i gcomórtas ealaíne chun a gcuid smaointe a phéinteáil agus a dhearadh i gcomhair áit súgartha nua. Táthar ag súil go n-oscloídh an áis imeartha nua i mBealtaine 2019.

Fuair Forbairt Pobail Cullyfad maoiniú freisin i gcomhair áit súgartha nua in 2018 faoin gClár CLÁR. Bhí suíomh oiriúnach roghnaithe agus tá Comhairle Contae Longfoirt ag déanamh feidhmithe céimnigh ar chruthaíocht na háite súgartha nua sin don sráidbhaile sa phobal áitiúil. Táthar ag súil go mbeidh an áit súgartha sin ar oscailt i Meitheamh 2019.

Faoi réir Chiste Éire na Sláinte, tá trealamh imeartha ionchuimsitheach breise curtha le go leor áiteanna súgartha. Chuir Comhairle Contae Longfoirt limistéir ciúin i bhfeidhm i gcuid d'áiteanna súgartha an chontae.

Seachtain Sosa Náisiúnta.

Thug na grúpaí óige daoine óga ar thrí thuras eachtraíochta, áirítear leo sin surfáil i Sligeach, ziplíneáil i bPáirc Foraoise Loch Cé agus ar cuairt go dtí Tayto. Bhí na ócáidí sin maoinithe go páirteach ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus fuair siad tacaíocht ó Chomhairle Contae Longfoirt. Bhí am iontach ag gach duine.

Bonnadh an Bhrait Ghlais 2018

Choinnigh Longford Mall (Páirc Síocháin Albert Reynolds) an Bratach Glas in 2018, sin caighdeán idirnáisiúnta aitheanta ar fud an domhain i gcomhair páirceanna agus spáis glasa inrochtana go poiblí agus faoi bhainistíocht in Éirinn ag An Taisce. Bhí Scéim an Bhrait Ghlais curtha i bhfeidhm in Éirinn in 2015 agus feidhmithe go céimneach ar leibhéal náisiúnta in 2016.

Baineadh an bronnadh amach i ngeall ar Longford Town Suburbs Ltd. A dhéanann bainistíocht ar an Ionad Siopadóireachta i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Longfoirt. Buíochas freisin leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, Maoirseoir Fostaíochta an Phobail agus gach rannpháirtithe a raibh a gcuid oibre crua rí-thábhachtach chun an Bronnadh seo a bhaint amach. Roghnaigh An Taisce an ionad siopadóireachta chun a ócáidí oiliúna náisiúnta do mholtóirí a rith ann. Anois tá béim láidir ann ar bhithéagsúlacht a spreagadh sa pháirc agus gnáthóg a chruthú d'fheithidí pailniúcháin.

Féile Oíche Shamhna 'Dead of Night' Longfoirt

Ar feadh Oíche Shamhna, tháinig soilse dorcha Longfoirt ar siúil le mórthaibhsíú dathanna, ceoil agus torainn agus an 13ú féile Bliantúil 'Dead of Night' ar siúil faoi lán seoil. An bhliain seo arís, bhí flótaí fíor-spéisiúla ann a tháinig ó Choiste Féile an Chaisleáin Riabhaigh, a chruthaigh atmaisféar carnabhail uathúil don ócáid. Chuaigh an mórshíúil síos Ascaill Scoile Naomh Mel agus suas na Sráide Nua. Ghlac líon mór páistí páirt sa pharáid lena lóchrainn féin-dhéanta. Bhí freastal mór ann arís lán le stalláí spraoiúla, siamsóirí agus inséiditigh móra. Is é féile Oíche Shamhna cuid deiridh an tionscadail 'Dead of Night' a bhailíonn acmhainní, daonchumhacht agus saineolas Chomhairle Contae Longfoirt, an HSE, An Garda Síochána, Ionad Saorálaithe Longfoirt, Bailte Slachtmhara Longfoirt agus áirítear leis sraith chur i láthair sábháilteachta i scoileanna, comórtais ealaíne agus déanamh lóchrainn.

Casadh Air Soilse Nollag 2018

Tháinig Daidí na Nollag go dtí Longfort ar an Aoine 30ú Samhna 2018 agus thaistil sé i gcarr oscailte. Ní bhíonn sé fuar agus é ag dul go dtí ionaid chúram leanaí áitiúla. Tháinig sé go dtí an scoil freisin in San Críostóir, áit ina bhfuair sé fáilte mór. Ní raibh sé indéanta Daidí na Nollag a choinneáil sa charr agus léim amach agus stopadh ag gnónna áitiúla. Tháinig sé ansin i gcarr sleamhnáin go dtí Cearnóg an Mhargaidh. Chuir an Cathaoirleoir Cllr Seamus Butler agus Baill Dúiche Bhardais Longfoirt fáilte roimhe. Chas Daidí na Nollag na soilse air, le cabhair na bpáistí áitiúla, ag 7in. Chan sé a lán amhráin Nollag agus bhí an slua ar fad ag canadh leis. D'fhan Daidí na Nollag go déanach, chun go mbeadh pictiúr aige le gach páiste.

Bhí na Soilse Nollag eagraithe ag Comhairle Contae Longfoirt le tacaíocht ó Chomhlachas Tráchtála Longfoirt, Ionad Saorálaithe Longfoirt, Oifig Turasoireachta Longfoirt, aonad na nGardaí Pobail, Bailte Slachtmhara Longfoirt, Cosaint Shíbhialta Longfoirt.

Seirbhís Chúram Leanaí Springlawn

Fuair Grúpa Chúram Leanaí Pobail Springlawn deontas chun an áis chúram leanaí pobail a fhairsingiú ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Thacaigh Comhairle Contae Longfoirt, a bhí gníomhach sa thionscadal seo óna thús ar fad, leis an tionscadal chun gur féidir síneadh dhá stóir a thógáil chun cloí le éilimh chúram leanaí an ionaid, lonnaithe in Springlawn. Bhí liostaí feithimh ag an seirbhís i gcomhair a sheirbhísí réamhscoláíochta agus iarscoile. Is féidir leis an ionad fairsingthe freastal ar suas go dtí 70 páiste ó 2 bhliain d'aois agus naoi mí go dtí 13 bliain d'aois agus tá sé ag rith ar lán-acmhainn faoi láthair.

CLÁR 2018

Ar iomlán, bhí 12 iarratas faofa i gcomhair maoinithe faoi réir an Chláir CLÁR 2018, 10 faoi réir Bhearta 1 (Tacaíocht do scoileanna agus bearta sábháilteachta pobail), agus 2 chinn faoi réir Bhearta 2 (Scoileanna/limistéir imeartha pobail). Is é an deontas do Longfort faoi réir an Chláir seo ná €414,180.50. Tá obair ar siúil ar go leor tionscadail agus táthar ag súil go gcríochnófar gach tionscadal faoi lár 2019.



Oscailt Áit Súgartha Dhoire Chrosáin 12
Dheireadh Fómhair 2018

Bunaíodh Comhchoiste Polasaithe Longfoirt (IPC) faoi réir Achta an Gharda Síochána 2005 chun oibriú mar fóram ina n-oibríonn ionadaithe an údaráis áitiúil, baill an Oireachtais agus leasanna pobail agus deonacha i dteannta le Oifigigh sinsearach an Gharda chun plé agus moltaí a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le póilíní an Chontae. Is é Comhairleoir Gerry Warnock é Cathaoirleach IPC Contae Longfoirt

Cruinnithe Reachtáilte

D'éagraigh an Coiste 4 chruinní in 2018 - 5ú Mhárta, 11ú Mheithimh, 10ú Mheán Fómhair agus 3ú Nollag. Bhí cruinní poiblí eagraithe ar an 5ú Samhna ar théama "Cosc ar Choireanna".

Ceisteanna Pléite

Ag gach cruinní fuair an Coiste nuashonrú maidir le gníomhaíochtaí an **Gharda** sa chontae lena n-áirítear -

- Ord phoiblí agus ceisteanna frith-shóisialta
- Staidrimh ar leibhéal coiriúla i Longfort

Thug an JPC freisin nuashonrú ag gach cruinní ar ábhair an **údaráis áitiúil** lena n-áirítear -

- Mionsonraí maidir le go leor scéimeanna maoinithe a bhí ar fáil le linn na bliana.
- Dul chun cinn maidir le go leor tionscadail pobail agus réimsí forbartha eacnamaíoch lena n-áirítear clár Athchóirithe an Chomhairle, Straitéis Turasóireachta Longfoirt agus forbairt Center Parcs.
- An Gréasán Rannpháirtíochta Poiblí, an Plean Straitéiseach Idirchultúrtha, an Clár Athlonnaíochta agus an Clár Tithíochta.

Chuir an Coiste fáilte roimh na rátaí ratha feabhsaithe na nGardaí ag dul i ngleic le coireacht. Luaigh an JPC go raibh acmhainní breise ag teastáil chun seirbhís chuí a sholáthar do phobail agus d'iarr sé ón Aire Cirt agus Comhionannais toscaireacht a fháil ón gComhchoiste Polasaithe ar an ábhar sin. I mí Mheán Fómhair 2018, fuair an Coiste amach go raibh acmhainní breise leithdháilte go dtí stáisiúin na nGardaí Mheathas Troim, Gránaird agus Longfoirt.

Áirítear le ceisteanna eile pléite Sábháilteacht ar Bhóithre, an Scéim Fógraí ar Théacs, soláthar agus díolachán drugaí, póilíní pobail agus infheictheacht an Gharda méadaithe le haghaidh féilte agus ócáidí spóirt.

Lean CCTV mar ábhar leanúnach plé ar feadh na bliana. I ndiaidh iarratais ag an JPC i gcomhair faisnéisithe ón Aonad Rannpháirtíochta Pobail ar an gClár CCTV, d'fhoghlaim an Coiste go raibh ceisteanna Cosanta Sonraí maidir le rochtain ar fhaisnéis taifeadta ar CCTV réitithe. Chuir an JPC fáilte roimh choiste stiúrtha speisialta a shocrú idir Chomhairle Contae Longfoirt agus An Garda Síochána chun dul chun cinn a thabhairt d'fheabhsú agus fairsingiú an chórais CCTV le haghaidh baile Longfoirt.

D'fhreastal Patrick Clavin, Príomhoifigeach Bhiúró, Biúró Sócmhainní Coiriúil, ar chruinní Mheithimh agus thug sé cur i láthair cuimsitheach ar fheidhmeanna agus oibriúcháin an Bhiúró Sócmhainní Coiriúla i gContae Longfoirt. Luaigh an cruinní go raibh an CAB ag obair go dlúth leis na Gardaí áitiúla chun na torthaí amhrasta ó ghníomhaíocht choiriúil a aithint agus díriú ar dhaoine i gContae Longfoirt a d'fhéadfadh a bheith ag bailiú sócmhainní mar thoradh ar ghníomhaíocht choiriúil.

Plean Comhghnámh

Ag cruinnithe JPC, thug na Gardaí agus Comhairle Contae Longfoirt mionsonraí ar an ndul chun cinn maidir leis an bPlean Comhghnámh i gceantar Ardnacassa i mbaile Longfoirt. Chuir an Coiste fáilte roimh an gcur chuige leanúnach dírithe agus feabhsuithe sa réimse agus go háirithe maidir le soilsiú poiblí, CCTV, ceisteanna bruscair/dumpála, smachtú madraí/leas ainmhithe, faire comharsanachta, lá glanta suas an eastáit agus bainistíocht ar thithe folamha. I ndeireadh na bliana, fuair an Coiste amach gur déileáladh leis an gcuid is mó gníomhartha aitheanta sa Phlean, go hiomlán nó go raibh sin ar siúil.

Cruinní Poiblí ar 'Choireanna a Chosc'

Bhí freastal an-mhaith ann i gcruinní poiblí JPC ar an 5ú Samhna 2018 i Leabharlann Pobail Bhaile Uí Mhatháin. Chuir Cathaoirleach, Cllr. Luie Mc Entire fáilte roimh an lucht féachana ar théama "Coireanna a Chosc". Bhí painéal sármaith léachtóirí rannpháirteach san ócáid, lena n-áirítear aoíonna speisialta Ms Josephine Feehily, Cathaoirleach leis an Údarás Polasaithe agus Coimisinéir na nGardaí Drew Harris. Áirítear le léachtóirí eile Mr Conor O'Leary, ag léiriú Muintir na Tíre maidir leis an gClár Fhógra Téacs Pobail, Ms Kitty Hughes, Cathaoirleach le Comhairle Seandaoine Longfoirt agus Ambasadóir um Chosc ar Choireanna agus Ms Martina Dunne ón Tascfhórsa Drugaí agus Alcóil Réigiúnach Láir na Tíre.

Bhí ionadaíocht ag an nGarda Síochána le go leor rannpháirtithe eile lena n-áirítear Ard-Cheannfort Tony Healy, Ard-Cheannfort Jim Delaney, Cigire Bláithín Moran, Sáirsint Lionel Mullally agus Sáirsint Paul Mc Dermott, Oifigeach um Chosc ar Choireanna. Bhain an chuid deiridh den chruinniú le seisiún Ceisteanna agus Freagraí leis na lucht féachana maidir le cosc ar choireanna agus gnéithe difriúla polasaithe i Longfort.

Bhí beannachtaí agus omóis sínte freisin chuig Ard-Cheannfort Brian Mohan ón nDúiche Ghránard agus é ag dul ar scor.

I ndúnadh an chruinnithe, rinne Mr Paddy Mahon, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Longfoirt, tagairt ar thábhacht an Phobail, an Chomhairle agus na nGardaí ag oibriú le chéile ar mhaithe le gach duine agus léirigh sé buíochas as na léachtóirí agus na lucht éisteachta as a n-ionchur luachmhar.



COISTE FORBARTHA POBAIL LONGFOIRT

Cruinnithe

Bhí deich gcruinniú eagraithe in 2018:

Dátaí	21 Feab	21 Már	18 Aib	16 Beal	19 Mei	31 Iúil	4 M.F	9 D.F	20 Sam	11 Nol
Daoine ag freastal	11	11	15	10	13	16	13	11	12	12

Ballraíocht

Tá 19 Ball ag LCDC, le 3 athrú ar bhallaíocht le linn na bliana -

- **Baill Tofa an Údarás Áitiúil** - Cllr. Joe Flaherty a d'athchuir Cllr. Gerry Warnock.
- **Leasanna sochaí sibhialta nó pobail áitiúil eile** - Bhí folúntas ó d'éirigh Joe Flaherty as (Fóram Gnó Longfoirt) i Nollaig 2017 líonta ag Oliver Cassidy ó Chumann Trádálaithe Ghránaird.
- **Gníomhaireachtaí an Stáit** - d'athchuir Anne Naughton Gráinne Nic Gabháinn mar ionadaí HSE.

Earnáil	Baill
Poiblí - Leasanna Reachtúla 9	
Baill fofa an Údarás Áitiúil <i>Íos 2 ar íos 3 ar 19 duine LCDC</i>	Councillors Joe Flaherty, Colm Murray, Seamus Butler and P.J. Reilly
Oifigigh an Údarás Áitiúil (<i>íosmhéid 2</i>)	Paddy Mahon Príomhfheidhmeannach, Michael Nevin Ceannaire Fiontair
Gníomhaireachtaí an Stáit (<i>íosmhéid 2</i>)	Anne Naughton, HSE (<i>faofa ag cruinniú Míósúil LCC i mBealtaine 2018 chun Gráinne Nic Gabháinn a athchur</i>) Aine Bohan, Roinn Coimirce Sóisialaí Shauna Doherty, LWETB
Leasanna Príobháideacha - Neamh-reachtúla 10	
Forbairt an Phobail Áitiúil	Adrian Greene, CEO Clg Acmhainní Pobail Longfoirt.
Ionchuimsiú Sóisialta	Seamus Orr, PPN - Grúpa Cónaitheoirí Spring Lawn Louise Lovett, PPN - Longford Women's Link
Pobail agus Deonach	Tess Murphy, PPN - Sochaí Fiontair Pobail Bhéal Átha na Muc Joe Murphy, PPN - Cumann Forbartha Tuaithe Dromard
Leasanna Comhshaoil	Ray Hogan, PPN - Comhaontas Comhshaoil Longfoirt
Sochaí sibhialta eile nó leasanna Pobail áitiúla	Niamh Donlon, earnáil Gnó/Fostóirí Sean Hannon (IFA), earnáil Feirmeoireachta/Talmhaíochta Seadna Ryan, Turasóireacht Chontae Longfoirt Oliver Cassidy, Cumann Trádálaithe Ghránaird

Foireann Tacaíochta

Is é Mr Ciaran Murphy Príomhoifigeach an LCDC. Tugann Ms Laura Mc Phillips, Ms Janine Bartley, Ms Linda Higgins, Ms Karen Connelly agus Ms Jacqueline McKeon tacaíocht riaracháin don LCDC, lena n-áirítear riarachán ar chruinnithe agus bainistíocht airgeadais. Tugann an fhoireann Tacaíochta bainistíocht laethúil freisin d'oibriúcháin an Chláir Gníomhachtaithe Pobail Ionchuimsithe Sóisialta (SICAP) agus Cláir LEADER, chomh maith le ceisteanna eile de réir is a eascraíonn siad thar ceann an LCDC.

Forléargas ar an gClár agus Gníomhaíochtaí Bainistíochta

Clár Gníomhachtaithe Pobail Ionchuimsithe Sóisialta (SICAP)

Tugann SICAP maoiniú chun dul i ngleic le bochtanas agus ionchuimsiú sóisialta ag leibhéal áitiúil trí rannpháirtíocht áitiúil agus comhpháirtíochtaí idir daoine aonair faoi mhíbhuntáiste, eagraíochtaí pobail agus gníomhaireachtaí an earnála poiblí. Thug an LCDC conradh d'Acmhainní Pobail Longfoirt chun an Clár a chur i bhfeidhm i gContae Longfoirt. Is é a dtasc mar fheidhmeoir an Chláir (PI) ná maoiniú an Chláir a úsáid chun díriú ar na daoine faoi mhíbhuntáiste ag úsáid cur chuige forbartha pobail chun pobail a neartú agus feabhas a chur ar shaolta daoine.

Cainéil na Roinne Tuaithe agus Forbartha Pobail don LCDC mar údarás conartha tríd na Údarás Áitiúla. Ba é buiséad an Chláir do 2018 ná €511,559, íochta d'Fheidhmeoir an Chláir ar bhonn ráithiúil. Tá an buiséad breactha síos idir costais riaracháin agus costais gníomhaíochta. Gníomhaíonn Pobal mar ghníomhaí na Roinne maidir le bainistíocht náisiúnta agus maoirsiú an Chláir. Áirítear lena bpríomh-fheidhmeanna monatóireacht ar shonraí an chláir agus tuarascálacha ar dhul chun cinn a ullmhú don Roinn. Faigheann sé sin cúnamh ó IRIS, is é sin córas comhtháite tuairiscithe agus faisnéise i gcomhair pleanála agus monatóireachta SICAP. Déanann Pobal seiceálacha teicniúla mar chuid d'athbhreithnithe feidhmíochta agus den phróiseas pleanála bliantúil.

Bhunaigh an LCDC Fochoiste Monatóireachta SICAP chun monatóireacht a thabhairt ar chur i bhfeidhm an Chláir agus moltaí a dhéanamh ar an bPleanáil Bliantúil agus Athbhreithnithe Feidhmíochta. D'eagraigh an Fochoiste ocht gcruinniú le linn 2018.

Clár Forbartha Tuaithe (LEADER) 2014-2020

Tá an Clár LEADER faoi riarachán an Ghrúpa Gníomhaíochta Áitiúil (LAG), i.e. Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Longfoirt (LCDC) i gcomhpháirtíocht leis an gComhpháirtí Airgeadais (Comhairle Contae Longfoirt) agus Comhpháirtí Forfheidhmithe (Clg Acmhainní Pobail Longfoirt).

Bhí dul chun cinn ag an gClár LEADER in 2018 ó thús mall go leor in 2017. Eisíodh leagan comhdhlúite de Rialacha Oibriúcháin an Chláir ag deireadh 2017 agus d'eascraigh sé sin i dteannta leis na Ciorcláin eisithe, athbhreithniú ar pholasaithe áitiúla agus athruithe eile, próiseas gan an iomarca maorlathais do Thionscnóirí (iarratasóirí) le leanúint.

I Longfort is mar a leanas a bhí an dul chun cinn ar aighneachtaí 2018:

Glaigh Dírithé 2018

Bhí Glaigh Teoranta Dírithé (TTL) in 2018 agus fuarthas dhá Léiriú Suime (EOI) faoi sin. Bhí an TTL i gcomhair EOI chun iniúchtaí cuimsitheacha a dhéanamh ar spáis fiontair ar fáil sa chontae. Bhí an dá EOI faofa i gcomhair dul ar aghaidh chuig an staid aighneachta le dáta dúnta 19ú Dheireadh Fómhair, 2018. Ag tús 2019, bhí an dá aighneacht sin seolta ar aghaidh chuig Coiste Measúnaithe Neamhspleách LEADER i gcomhair moltaí agus tar éis sin chuig an LAG i gcomhair cinnte/faofa.

Glaigh Céimneach EOI agus Aighneachtaí 2018

Le linn 2018 fuarthas ochtó a sé EOI ag LCDC Longfoirt. Bhí seacht gcinn de na EOI sin neamh-incháilithe, agus d'éirigh fiche a cúig as ón bpróiseas - fuair cuid acu acmhainní nó maoiniú eile nó ní raibh siad in ann an maoiniú próbháideach meaitseála a thiomsú. Chuaigh cuid de na EOI fágtha ar aghaidh go dtí Staid Aighneachta roimh dheireadh na bliana.

Ag deireadh 2018/tús 2019 rinneadh 'glaigh oscailte' i gcomhair EOI ó Eagraíochtaí Spóirt. Bhí grúpaí Pobail in ann cur isteach i gcomhair tionscadail nó gníomhaíochtaí a bhfuil béim pobail sonrach acu, nó a chuideoidh in ardú rannpháirtíochta ó ghrúpaí mionlaigh/míchumais/ionchuimsithe sóisialta. Bheadh EOI i gcomhair Carrchlóis nó Tuilsoisithe neamh-incháilithe.

Tionscadail Comhoibríochta

Tá Clg Acmhainní Pobail Longfoirt ag obair ar thionscadal comhoibríochta (Staidéar Bonnline Bhealach Oilithreacha Sionainne-erne) le 13 comhpháirtí eile, faoi cheannas Acmhainní Iarthair Luimnigh. Bhí EOI faofa i gcomhair maoinithe ullmhúcháin don tionscadal seo ag LCDC Longfoirt i Nollaig 2017 agus bhí an tionscadal seo faofa ag an Roinn i mí Dheireadh Fómhair 2018. D'fhaomhaigh LCDC Longfoirt maoiniú LEADER €5,537.39 i dtreo an tionscadail comhoibríochta seo.

Maoiniú tionscadail

Le linn 2018 bhí tríocha a trí tionscadal faofa i gcomhair maoinithe LEADER ag LCDC Longfoirt, do mhaoiniú deontais ar iomlán €940,762.83. I ndiaidh íocaíocht ag an Roinn Tuaithe agus Forbartha Pobail (DRCD) phróiseáil Comhairle Contae Longfoirt íocaíochtaí deontais LEADER ar iomlán €51,397.84 do 9 dTionscnóir in 2018.

ÉIRE NA SLÁINTE

Is tionscnaíocht faoi stiúir an Rialtais é Éire na Sláinte chun sochaí Éireannach a chruthú ina féidir le gach duine leas a bhaint as sláinte fisiceach agus intinne, agus ina bhfuil luach ar fholláin agus tacaíthe ag gach leibhéal na sochaí. Tháinig sé chun cinn i ngeall ar bhuairetí go bhfuil stádas reatha sláinte na ndaoine a chónaíonn in Éirinn - lena n-áirítear treochtaí nós maireachtála agus neamhionannais sláinte - ár stiúradh i dtreo todhchaí atá mífholláin ar bhealach contúirteach, agus nach féidir a choinneáil de réir dealraimh.

In 2016 d'fhaomhaigh an Rialtas cruthaíocht Ciste Éire na Sláinte chun bunú agus tacú le cur i bhfeidhm cláir Éire na Sláinte agus tionscadail i go leor áiteanna. Is príomh-aidhm leis an gciste tacú le tionscadail nuálaíochta, tras-earnála, bunaithe ar fhianaise agus tionscnaíochtaí a thacaíonn le cur i bhfeidhm príomh-pholasaithe náisiúnta i réimsí amhail otracht, caitheamh tobac, alcól, aclaíocht agus sláinte ghnéis.



Tá an maoiniú leithdháilte le dhá Snáithe go dtí seo, le LCDC Longfoirt ag fáil €100,000 sa Chéad Snáithe agus €75,000 sa Dara Snáithe (faoi láthair ag rith go dtí an 30ú Mheithimh, 2019). Tá gníomhartha thíos de réir faofa i gcomhair maoinithe:

► Snáithe 1 Babhta 1:

- Plean Chontae Folláin Longfoirt (LCDC/LCC)
- Tionscnaíocht Tras-earnála (CYPSC)
- Áiteanna Súgartha agus Conláistí Poiblí Inrochtana (Oifigeach Rochtana, LCC)
- Acmhainní do thionscnaíochtaí nuálaíochta an tsaoil (LSP)
- Sláinte agus Folláine a Chur chun Cinn

- Teen Swim, (Attic Youth Club)
- Teens on the Move (LCRL)
- Teens Traveller Men's Health (LCRL)
- Tionscnaíochtaí For-Rochtana Faisnéise
 - An Clár um Chaidrimh Folláin (Women's Link Longfoirt)
 - Tuismitheoireacht Dhearfach (Leabharlann Longfoirt)
- Straitéis Siúil agus Rothaíochta Longfoirt (LCC)
- Tionscnaíochtaí Sláinte agus Folláine do Dhaoine Óga (Foróige)

➤ **Snáithe 1 Babhta 2**

- Rannpháirtíocht a Mhéadú sa Lúthchleasaíocht sa Chontae (Club Lúthchleasaíochta Longfoirt)
- An Clár um Chaidrimh Folláin (Women's Link Longfoirt)
- For-rochtain Folláine Sláintiúil - Tionscnaíochtaí Pobail
 - Folláine Dearfach na bhFear (Droichid agus Lus na Gréine FRC)
 - Saol Folláin Éasca (Ionad Faisnéise um Fhorbairt Fostaíochta)
 - Club Folláin Chill Eo
- Tionscnaíochtaí Sláinte agus Folláine do Dhaoine Óga (Foróige)
- Tionscnaíochtaí Míchumais / Áiteanna Súgartha agus Conláistí Poiblí Inrochtana (LSP/LCC)

Clár Feabhsaithe Pobail 2018

Is clár nua do 2018 é an Clár Feabhsaithe Pobail (CEP) Tógann agus athchuireann sé Scéim Áiseanna Pobail agus clár RAPID ateilgthe. Faigheann an CEP maoiniú ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (an Roinn) agus riarachán ag na Coistí Forbartha Pobail Áitiúla (LCDC) i ngach ceantar an Údarás Áitiúla.

Cuireadh leithdháileadh €132,385 ar fáil do LCDC Longfoirt, tugadh leithdháileadh €7,246 breise do Bhotháin na bhFear cleamhnaithe i Longfort agus cuireadh leithdháileadh ginearálta eile ar €94,525 ar fáil.

Ar iomlán fuarthas €234,156 ón Roinn le haghaidh an chláir agus fuarthas ar iomlán 90 aighneacht.

Faisnéis / Taispeántais ar Dheontais

D'eagraigh an LCDC agus foireann Forbartha Pobail seisiúin Faisnéise Deontais i ngach Dúiche Bardais (21ú Bhealtaine - Baile Uí Mhatháin, 22ú Bhealtaine - Longfort, 23ú Bhealtaine Gránard). Luaigh an cur i láthair comhairle do ghrúpaí chun an scéim a roghnú chun cur isteach air, ag scríobh na haighneachta agus cáipéisíochta riachtanach i gcomhair i) aighneachta agus ii) an deontas a iarradh. Cuireadh bileog ar fáil freisin ar go leor de na scéimeanna mhaoinithe ar fáil do ghrúpaí tríd an Údarás Áitiúil (agus comhlachtaí náisiúnta áirithe). D'fhreastal os cionn 70 grúpa/duine aonair ar na seisiúin thar an 3 lá, agus bhí fáilte forleathan roimh an eolas.

Plean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil (LECP)

De réir Achta Athchóirithe an Rialtais Áitiúil, 2014, ní mór do gach Údarás Áitiúil Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail sé bhliana (LECP) a réadtiomnú dá cheantar. Is cuspóir leis an LECP gníomhartha a aithint agus a chur i bhfeidhm chun neart agus forbairt a thabhairt do dhiminsin eacnamaíoch agus pobail an Chontae.

Tá dhá chuid ag an bplean:

- Eilimintí Eacnamaíocha maidir le forbairt eacnamaíoch áitiúil, agus
- Eilimintí Pobail maidir le forbairt pobail agus áitiúil

Ullmhaíodh an dá eilimint go neamhspleách agus bhí siad glactha ag an Údarás Áitiúil mar plean aontaithe i mBealtaine 2016. Tabharfaidh an plean singil, comhtháite eacnamaíoch agus pobail bunús i gcomhair cur chuige níos comhtháiteach, sruthlíneach agus comhordaithe chun freastal ar phleanáil agus seachadadh go háitiúil.

Chuaigh an LECP isteach anois sa chéim chur i bhfeidhm, leis an LCDC ag glacadh freagrachta as comhordú agus maoirseacht ar sheachadadh d'eilimintí pobail an Phleain, agus freagracht ag an gCoiste Forbartha Eacnamaíoch agus Polasaithe Straitéisigh (SPC) as eilimintí eacnamaíoch an Phleain.

GRÉASÁN RANNPHÁIRTÍOCHTA POIBLÍ



In 2018, chláraigh 78 grúpa pobail breise leis an nGréasán Rannpháirtíochta Poiblí Chontae Longfoirt (PPN), agus dá bharr is 303 é ballraíocht iomlán anois. Chomhdhéan an Rúnaíocht 9 mball deonach, d'éagraigh sé 8 gcuinníú míosúil maidir le Plean Oibre PPN agus 2 chruinníú athbhreithnithe ar an bplean oibre. Chas foghrúpa Airgeadais 7 n-uair chun maoirseacht a thabhairt ar bhuiséad PPN agus idirbhirt airgeadais. D'fhreastal baill na Rúnaíochta ar chruinnithe réigiúnacha agus Náisiúnta agus shuígh ball amháin na Rúnaíochta ar Choiste Ghrúpa Comhairligh PPN Náisiúnta Q1 agus Q2. Faigheann an Rúnaíocht tacaíocht ó Oifigeach Forbartha lán-aimseartha fostaithe ag Comhairle Contae Longfoirt ó Aibreán 2016.

Príomh-éachtaí le linn 2018 ná:

- I mí Feabhra 2018 d'fhorbair an Gréasán Míchumais Oilíúint Fheasachta ar Mhíchumas le Cónaidhm Míchumais na hÉireann (DFI) a rinne é a sheachadadh do thimpeall 20 bhall Foirne an Chomhairle (innealtóirí, pleanálaithe, bóithre, tithíocht, srl.)
- D'fhreastal Oifigeach Forbartha PPN i dteannta le baill foirne eile an chomhairle ar fháiltiú eagraithe ag an Taoiseach, Leo Varadkar, in ómós ar chomhoibríocht idir fhoireann bhunlíne agus an pobal ag freagairt ar Stoirm Ophelia agus Emma (Márta 2018)
- Riarthóir páirt-aimseartha earcaithe a thosaigh fostaíocht in Aibreán 2018. SLA dréachtaithe idir Rúnaíocht PPN agus Longfort Warmer Homes a d'óstáil an Conradh.
- Oifig bogtha i mBealtaine 2018 go dtí Áras an Chontae, Great Water Street. PPN Longfoirt roghnaithe mar 1 as 4 as 31 PPN a rinne píolóta agus forbairt ar thionscnaíocht Náisiúnta "Thacar Físe Folláine Pobail".
- Ba é PPN Longfoirt an chéad cheann sa tír a d'fhorbair Ráitis Físe a Chontae agus 3 Dhúiche Bardais agus a bhí faoifa ag Cruinníú Iomlánach an Chontae i Meitheamh 2018
- Chomhoibrigh PPN agus Comhpháirtíocht Spóirt Longfoirt agus sheachadadh siad oilíúint GDPR do bhaill i Meitheamh 2018
- Bunaithe ar Dhearcthaí Folláine, d'oibrigh Oifigeach Forbartha PPN le Dr. Harriet Emmerson (comhairleoir) chun clár oiliúna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun gur féidir le ionadaithe PPN tosaíochtaí an phobail a thabhairt go dtí na boird/coistí a suíonn siad iontu. Oilíúint seachadta Sam 2018.
- Chomhoibrigh Gréasán Míchumais PPN leis an nGarda Síochána agus thug siad Oibriúchán Cumasaigh (dul i ngleic le mí-úsáid bána agus suaithentais míchumais) go dtí Longfort i Noll 2018.
- Chomhoibrigh Gréasán Míchumais PPN le Cumann Tráchtála Longfoirt agus d'fhorbair siad ceistneoir feasachta ar mhíchumas a ndearnadh feidhmiú céimneach air i ngach scoileanna náisiúnta agus sa chontae i Sam 2018. D'éagraigh LCC fáiltiú i gcomhair ranganna buaiteora i Noll 2018 (eagraithe ag PPN).
- Thacaigh PPN le Foireann Athshlánaithe i mbunáocht 3 Fhoireann Baile, Droim Lis / Béal Átha na Muc, Baile Uí Mhatháin agus Meathas Troim.



Baill áirithe PPN ag forbairt a nDearcthaí Folláine



Léarscáiliú Sócmhainní ag Comhairleoireacht Fhíse

Coistí agus Líon na nIonadaithe PPN

Coistí	Líon na n-ionadaithe PPN
Comhpháirtíocht Spóirt Longfoirt	4
Oidhreacht an Chontae	1
Ionad Saorálaithe Longfoirt	1
Coiste Chúram Leanaí Chontae Longfoirt	1
Fóram Drugaí agus Alcóil Chontae Longfoirt / Tascfhórsa Drugaí agus Alcóil Réigiúnach Láir na Tíre	1 (duine céanna don dá choiste)
Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC)	5
Coiste Forbartha Eacnamaíoch agus Polasaithe Straitéiseach Fiontair	2
Coiste Polasaithe Straitéisigh um Thithíocht	3

Coiste Polasaithe Straitéisigh ar Infreastruchtúr agus Comhshaoil	3
Coiste Pleanála agus Forbartha agus Polasaithe Straitéisigh Cultúrtha	3
Comhchoistí Polasaithe	1
Comhairle na nDaoine níos Sine	2
Acmhainní Pobail Longfoirt Ltd	2
Turasóireacht Chontae Longfoirt	3
Grúpa Áitiúil URBACT	5
Coiste Measúnaithe LEADER	2

- Oiliúint iondúchtaithe seachadta d'ionadaithe agus grúpaí nua ag Oifigeach Forbartha PPN Ean - Sam 2018
- Thacaigh Oifigeach Forbartha PPN le grúpaí chun aighneachtaí ar mhaoiniú a líonadh isteach
- Chomhoibrigh Grúpaí PPN leis an Oifig Ealaíne chun tionscadal Foraoise Uirbigh a chruthú, crainn déanta le ábhair athchúrsáilte le bheith ar taispeánt ag Féile Ealaíne Cruthú i mí Iúil 2018
- Bhí nuachtlitreacha seachtainiúla ciorclaithe in 2018 mar chuid de Straitéis Chumarsáide PPN chomh maith le leathanach Facebook PPN a fhás, atá le 2006 leantóir faoi láthair. Tá leathanach Twitter PPN gníomhach freisin agus úsáidtear Salesforce i gcomhair clárúcháin ar líne agus r-phost/téacs do ghrúpaí móra
- Tá PPN Chontae Longfoirt bunaithe mar an príomh-mhol a ndéantar faisnéis a dháileadh agus a fháil timpeall air, m.s. Gníomhaíochtaí/ócáidí grúpa, oiliúint/ceardlanna, comhairleoireachtaí, deiseanna maoinithe srl.



Aire Ring, Comhairleoirí tofa, Oifigigh an Chomhairle agus baill ghrúpa pobail PPN



Buaiteoirí Ceistneora PPN/ Feasachta ar Mhíchumas an Chumainn Tráchtála



Seastán PPN sa Chomórtas Náisiúnta Treabhdóireachta

COMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT LONGFOIRT



In 2018, rith Comhpháirtíocht Spóirt Longfoirt 64 tionscnaíocht, 133 clár faoi réir na dtionscnaíochtaí sin agus 5,090 duine ag glacadh páirt sa réimse leathan spóirt agus cláir gníomhaíochta fisicigh sin. Fuair grúpaí tacaíocht lenár scéim dheontas bige agus acmhainn tógtha le sraith tionscnaíochtaí oiliúna agus oideachais.

I measc buaicpointí in 2018 bhí Maoiniú leanúnach a fháil i gcomhair Cuntais Díomhaoin do Mhol Spóirt an Phobail i Meathas Troim lena Sheoladh oifigiúil. San áireamh le forbairtí suntasacha eile bhí seoladh Phleain Straitéisigh nua ag John Tracy ag ár nDuaiseanna Spóirt Ganly tionscnaimh i dteannta leis an Longford Leader. Dhaingnigh an LSP maoiniú i gcomhair Oifigigh Forbartha Spóirt Pobail lán-aimseartha agus Oifigeach Forbartha Ionchuimsithe.

Acmhainniú agus Maoiniú

D'éirigh leis an LSP €394,000 i maoiniú a dhaingniú ó go leor soláthraithe le linn 2018:

- Bunchistiú Spóirt na hÉireann
- HSE: Cláreagrú SIDO, agus timpeall €20,000 ó Éire na Sláinte
- Aois agus Deiseanna na hÉireann, an Roinn Sláinte agus Spóirt Leanaí, an Roinn Talmhaíochta agus Bia, Uiscebhealaí na hÉireann agus Curachóireacht na hÉireann
- Maoiniú ó Chuntais Díomhaoin:
 - ❖ Mol Spóirt an Phobail
 - ❖ Cóitseáil Pobail
 - ❖ Ceannasíocht Spóirt
 - ❖ Tionscnaíocht Eachtraíochta Allamuigh Uirbeach



Bord LSP

Comhairle Contae Longfoirt: Comhairleoirí John Browne, Mark Casey agus Martin Mulleady; Paddy Mahon, Príomhfheidhmeannach.

Ionadaithe Spóirt: Stephen Coy, Spóirt Páirce; Shirley Maloney, Spóirt Mionlaigh; Paul Clancy, Uisceach; Peter Reilly, Spóirt Páirce.

Ionadaithe gníomhaireachta eile: Cllr. Peggy Nolan, ETB; Clodagh Armitage, HSE; Martin Tarmey, Míchumas, James O'Brien, Facilities; Cllr. Mae Sexton, LCR clg; Michael Belton, An Garda Síochána; Joe Quinn, Seirbhísí Óige, Frank Horne, RAPID, Breda Greaves, Daoine Fásta Níos Sine.

Bhí AGM an Bhoird eagraithe ar an 20ú Mhárta 2018.

Forbairt ar Infreastruchtúr Spóirt Áitiúil

Trínár n-obair maoinithe, thacaigh an LSP le 13 club chun cúnaimh deontais a dhaingniú chun tacú lena struchtúir sóisearacha, tionscnaíochtaí cóitseála agus oideachais agus cláreagrú spriocghrúpa. Áirítear le obair forbartha club eile tacaíocht maidir le ról an choiste, rialachas agus ceisteanna cosanta leanaí.



Seachadadh Cláir Spóirt na hÉireann



Thosaigh siúlóidí *Operation Transformation* 2018 in Achadh na Cloiche, Meathas Troim, Baile Longfoirt, Baile Uí Mhatháin, Gránard agus Béal Átha na Muc. Mhair na siúlóidí seachtainiúla sin 6 seachtaine.

Go dtí seo fuair 4,470 páistí scoile i 36 scoil an clár *Buntús*, le oiliúint athbhreithnithe athleanúna ar fáil ar iarratas.

Sheachadadh LSP cúrsaí oiliúna agus oideachais, ceardlanna agus seiminéir i dteannta le gníomhaireachtaí comhpháirtithe. Áirítear leo sin 6 chúrsa Cosanta Leibhéil 1 agus 2 chúrsa Cosanta Leibhéil 2. Ar iomlán, ghlac 89 duine ag léiriú spóirt ar fud Longfoirt páirt ar na cúrsaí oiliúna sin.

Seachadaadh an Chláir



Cláir Scoile - Lúthchleasaíochta Halla Spóirt a bhí curtha i bhfeidhm de réir a chéile sa Chontae le os cionn 432 dalta ag glacadh páirt trí 12 scoil. Iarracht ilghníomhaireachta is ea *Lá Spóirt Pobail an Gharda* le 421 páiste ag glacadh páirt ar fud an chontae. Dar le *Daily Mile* os cionn 700 páiste ó 8 scoil gan am a chur amú chun kit a chur orthu, téann gach páiste i scoil amach faoi aer gach lá le rith, bogshodar nó siúil ar feadh 15 nóiméad. Níl comórtas i gceist leis agus baineann an chuid is mó páistí míle amach ar meán, cuid acu ag déanamh níos mó nó níos lú.

Le linn *Cláir Marcaíochta Capaill, Folláine agus Smachta* bhí 16 duine óg ó phobal taistealaithe agus rannpháirtithe ó chúlraí ioncaim ísíl ag foghlaim faoi chapail, ag cur lena ngairmréim agus tábhacht na freagrachta sa chlár 6 seachtaine seo.

Ghlac 320 duine páirt i ngníomhaíochtaí mar chuid de *BikeWeek* náisiúnta. Thacaigh clubanna agus grúpaí áitiúla le ócáidí lena n-áirítear *Bikers' Brunch* Longfoirt, *Rothaíocht Teaghlaigh Chluain Dá Ráth*, *Trí-Atlan Tarmonator*, *Kidathlon* agus *Turas Rothaíochta*

Longfoirt.

Mhéadaigh an LSP in 2018 a rannpháirtíocht do dhaoine fásta níos sine, le oiliúint i gCluichí *Go for Life*, ag freastal ar *Go for Life Regional Blitz* agus ag seoladh foirne chuig an *National Go for Life Blitz* in DCU.

Faoin **Tionscnaíocht Eachtraíochta Allamuigh Uirbeach** d'fhorbair LSP Longfoirt spórt *Parkour* D'éascaigh muid oiliúint do 13 cóitseálaí mar chóitseálaithe *Parkour* leibhéil 1 trí *Parkour UK*. Ceannaíodh trealamh laistigh chun cuidiú leis an gCéad Pháirc *Parkour* na hÉireann i Longfort agus cruthaíodh a thuilleadh deiseanna go bhfásfaidh an spórt i Longfort. Go dtí seo, ghlac 22 mac léinn páirt i seisiún blaiste *Parkour*, le aidhm chun feidhmiú céimneach a dhéanamh air go dtí gach scoileanna in 2019 agus seoladh oifigiúil don chlár.



Rinne **Mol Spóirt Pobail i Meathas Troim** difríocht shuntasach ina phobal áitiúil, ag ceannach trealamh spórtlainne feidhmiúil agus ag déanamh spáis inúsáidte as, le clúdach don urlár agus níos mó. Tháinig méadú ar líon na ndaoine san ionad pobail. Bhain 322 duine leas as cláir rite ag an Mol, lena n-áirítear Clár ó Tholg go 5km, Zumba, Cluichí *Go for Life*, Yoga, Pilates Cathaoir don Lá Sosa

Teaghlaigh Idirchultúrtha, Oíche Spóirt agus Comórtas Sacair Idirchultúrtha, le pleananna iontacha do 2019.

Le linn 2018 bhí go leor cláir curtha i bhfeidhm ag úsáid acmhainní nádúrtha álainn a oifráilann Longfort. Áirítear leo sin *Paddles Up*, *Women on the Water*, *10K Blueway Kayaking Programme*, *10K Blueway Event*, *Day Time Walking Groups*, *National Play Day* and *Clondra Splash*, ghlac 244 duine páirt sna cláir sin agus bhain siad taitneamh as an solas iontach na gréine a bhí againn in 2018 i gContae Longfoirt.



Clár Ionchuimsithe Míchumais sa Spórt

Cuireadh tús leis an **gClár SNAG** sa chlár Gailf. Lean *Clár kurling, Boccia agus Pickeball* á gcur i bhfeidhm do mhíchumais pan, le bheith mar chuid de na Cluichí Ionchuimsitheacha. Lean LSP Longfoirt ag obair le Oifigí FAI agus IRFU chun *Kickstart to Recovery, Walking Football, Football for All, Catch me if you can, Twilight Programme agus Tag Rugby* a rith do dhaoine le míchumas ní deacrachtaí meabhairshláinte, i gcomhpháirtíocht leanúnach le Seirbhísí San Críostóir agus CAMHS, do pháistí/daoine fásta óga agus tuismitheoirí chun páirt a ghlacadh i spóirt bunaithe sa phobal.

Sacar sa Phobal



Sa **Late Night Soccer League** bhí os cionn 200 duine óg páirteach. Leis sin, i gcluichí na mban bhí cailíní ó scoileanna bhaile Longfoirt ag glacadh páirt sa *FAI Primary Girls Futsal, Glow Football agus Soccer Sisters* a raibh tóir mór orthu le cailíní Longfoirt.

Tharla seisiún blaiste *Walking Football* i 16 Bothán na bhFear ar fud Longfoirt le fadhb ag cur cosc ar fhir ó bheith ag rith, agus táthar ag súil go mbeidh sraith ag tosú i 2019.

Clár **KOWELS** d'imircigh chun feabhas a chur ar a dteoiric agus cleachta

Béarla tríd an ETB agus ba mhian leis an gcóitseálaí neart a chur leis trí thraenáil sacair agus tharla go leor sacair ar fud an chontae.



Cóitseáil Pobail Rugbaí

I 2018 bhí CCRO nua i Longfort. Bhí an clár mini ar siúil i scoileanna le os cionn 500 páiste ag baint leas as ó Mheán Fómhair. I mí Dheireadh Fómhair bhí lá Blitz le os cionn 200 páiste ag freastal ó áiteanna ar fud Longfoirt. Bhí campaí samhraidh eagraithe do gach duine agus bhain 60 páiste leas as an ngrain agus iad ag imirt rugbaí.



Comhpháirtíocht Phobal GAA

Tá post oifigí forbartha don GAA líonta agus táimid ag tnúth le cláir agus tionscnaíochtaí a fheiceáil á seachadadh. Nuair a bhí sé in easnamh, rinne an GAA feidhmiú céimneach ar go leor tionscnaíochtaí lena n-áirítear cóitseáil scoile náisiúnta, blitz iománaíochta laistigh, obair le scoileanna DEIS, Gaelic4Teens STWS, cóitseáil TY i Meánscoil Mhuire agus cóitseáil bunúsach do chlubanna na mban. Cuireadh traenáil ar fáil freisin i réimsí réiteoireachta, garchabhair agus duaiseanna bonnleibhéil.

Achoimre ar na grúpaí targaid LSP agus Spórt na hÉireann le linn an tréimhse seo:

- Daoine dífhostaithe
- Páistí in aois bunscoile
- Fir idir 18-50
- Cóitseálaithe
- Daoine le deacrachtaí meabhairshláinte
- Daoine le míchumas fisiceach
- Daoine le míchumas céadfach
- Daoine le míchumas intleachtach
- Pobail faoi Mhíbhuntáiste
- Mná idir 18-50
- Saorálaithe chlub spóirt
- Óige faoi rioscaí
- Pobail imirceacha
- Cailíní meánscoile
- Buachaillí meánscoile

Comhpháirtíocht a Thógáil agus a Choinneáil

Leanann comhpháirtíochtaí pobail leis na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta Spóirt agus Comhairle Contae Longfoirt, Comhpháirtíocht Spóirt an Iarmhí agus Comhairle Contae Liatroma ag cuidiú go suntasach chun deiseanna a chruthú do rannpháirtíocht i spóirt, go háirithe i réimsí míbhuntáiste. Oibríonn an LSP go dlúth leis na gníomhaireachtaí sin ar phleanáil agus monatóireacht ar phleananna oibre bliantúla.

Leanann ár bhfóraithe spóirt bliantúla agus fóram cumais spóirt ag obair le clubanna agus grúpaí chun acmhainn a thógáil laistigh réimsí agus tosaíochtaí a aithint.

Mar chuid dár n-obair ardaithe feasachta agus coiste, bhí ionadaíocht ag an LSP ar go leor coistí lena n-áirítear Coiste Stiúrtha Éire na Sláinte, Coiste Turasóireachta, Idirchultúrtha Longfoirt, Coiste Stiúrtha Mhol Spóirt agus Fóram Bainistíochta Saorálaithe Longfoirt.

Áirítear le comhpháirtithe oibre eile thar an tréimhse sin:

- Aois agus Deis
- Eagraíochtaí Míchumais
- HSE
- Gardaí
- Ranna an Rialtais
- Údarás Áitiúil
- Cuntais Díomhaoin
- Coistí Forbartha Pobail Áitiúil
- Ionad Cara
- Gréasán Rannpháirtíochta Poiblí
- Eagraíochtaí Spóirt Cláraithe
- LSP eile
- Spórt na hÉireann
- Gníomhaireachtaí Turasóireachta
- Bunscoileanna
- Bord Oideachais agus Oiliúna
- Eagraíochtaí do Sheirbhísí Óige
- Comhpháirtíochtaí Pobal/LEADER/Bunaithe ar an gCeantar
- Scoileanna iarbhunscoile
- Eagraíochtaí Pobail

Seachadadh Faisnéise

Sa phleanáil straitéiseach LSP seoladh an straitéis 2018-2021. Leanann an LSP ag úsáid a ardáin sna meáin sóisialta, Facebook, YouTube agus Twitter chun cumarsáid a dhéanamh le clubanna agus grúpaí sa Chontae, le go leor leantóirí. Leis sin, críochnaíodh suíomh gréasáin nua. Tá dea-chaidreamh ag Comhpháirtíocht Spóirt Longfoirt le cuid spóirt Longford Leader, agus liostaí dáileacháin do scoileanna, clubanna spóirt, gnónna áitiúla agus gníomhaireachtaí eile.

Ar deireadh, tharla **Dámhachtainí Longford Sport Stars** 2018. Buaiteoirí ginearálta 2018 ná Longford Pony Club, le ceithre duais déag eile tugtha an oíche sin, lena n-áirítear Saorálai na Bliana agus Duais Seirbhíse Sár-mhaith do Spórt. Mná agus Iúthchleasaithe sóisearacha an chuid is mó buaiteoirí thar go leor spóirt mionlaigh. Chinntigh an comhpháirtíocht le Longford Leader agus Ganly's dea-phoiblíocht, á coinneáil ar feadh na bliana.



Leanann Comhpháirtíocht Spóirt Longfoirt an-bhuíoch as Comhairle Contae Longfoirt, Spórt na hÉireann, HSE, bunaitheoirí eile, gníomhaireachtaí áitiúla agus ionadaithe ar bhord Comhpháirtíochta Spóirt.



FORBAIRT EACNAMAÍOCH AGUS FIONTAR

Lean an geilleagar áitiúil ag fás i 2018 le feidhmíocht láidir ó go leor comhlachtaí áitiúla, caiteachas láidir infreastruchtúir ón údarás áitiúil agus atmaisféar láidir muiníne go bhfuil an meon eacnamaíoch do Chontae Longfort an-dearfach.



Diaspóra Chontae Longfort Seolta Feab 2018

An t-aon rud nár chuidigh leis an meon eacnamaíoch sin ná an éiginnteacht ar fad maidir le Breaitimeacht, fadhb a lean ar feadh 2018 agus a chuir buairt ar chomhlachtaí maidir le cinntí infheistíochta caipitil. Bhí sé sin fíor go háirithe do na comhlachtaí sin le teagmháil idirnáisiúnta. Trína ghníomhaireachtaí difriúla, rinne an Rialtas a dhícheall chun cuidiú le comhlachtaí ullmhú don Bhreaitimeacht agus táthar ag súil gur féidir an droch-thionchar féideartha ar an earnáil SME a mhaolú le dea-phleanáil agus Breaitimeacht bhog.

I gContae Longfort lean comhlachtaí áitiúla ag fairsingiú i 2018. Lean forbairt a an tionscadal turasóireachta is mó i stair an stáit, an Center Parcs resort lasmuigh Bhaile Uí Mhatháin sa bhliain le os cionn 750 oibrí tógála ar an suíomh ag aon am. Fanann sé ar an sceideal le oscailt i Samhradh 2019 agus chun contae Longfort a chur sa léarscáil turasóireachta.

Ár bplean is mó, Abbott Ireland, lean gléasra SHINGO a bhuaigh duaiseanna i modh fairsingthe ar feadh na bliana agus is é anois ceann se gléasraí

Medtech is forbartha sa tír. D'oscail Panelto Foods a shíneadh is déanaí dá ghléasra táirgthe agus is é anois ceann de gléasraí próiseála bia is forbartha in Eoraip. Dheimhnigh go leor fógraí I.D.A ar feadh na bliana úinéirí nua leis an ngléasra Cameron Ireland, chun poist déantúsaíochta a chruthú agus ceannachán gléasra Finesse Medical ag Avery Dennison, ilnáisiúntach mór Meiriceánach a eascroidh i bhfairsingiú sa todhchaí i Longfort agus níos mó deiseanna fostaíochta áitiúla.

Leanann an Oifig LEO áitiúil ag tacú le riachtanais an earnála micrithionscadail agus chun tacú le iarrachtaí an aonaid forbartha eacnamaíoch i gComhairle Contae Longfort chun an Contae a chur chun cinn mar sprioc indéanta don infheistíocht ghnó.

Chomhordaigh foireann Athchóirithe an Údarás Áitiúil go leor aighneachtaí maoinithe le linn 2018 do raon Cláir Athchóirithe Rialtais. Tá an cumas ag an iarracht athchóirithe seo, a thabharfaidh feabhsuithe infreastruchtúir agus feabhas sa réim phoiblí leis, chun feabhas a chur ar fhabraic eacnamaíoch agus timpeallacht chónaithe do shaoránaithe na gContaetha. Ba chóir do na oibreacha athchóirithe seo cuidiú freisin le údarás difriúla a n-iarrachtaí a neartú chun an contae a chur chun cinn mar shuíomh maith i gcomhair infheistíochta isteach.

Lean an tÚdarás Áitiúil ag obair go dlúth le contaetha timpeall chun an réigiún a chur chun cinn mar dea-shuíomh cónaithe agus infheistíochta. Ag obair leis an Iarmhí, Laois agus Uíbh Fhailí faoi réir phlean Gníomhaíochta do Phoist agus leis an gCabán, Ros Comáin agus Liatrom faoi réir an chlár UESFE tuigeann an t-údarás áitiúil go bhfuil neart i gcur le chéile agus cur chuige comhaontaithe chun fás eacnamaíoch agus forbairt a thabhairt don réigiún go léir. Bhí tionscnaíochtaí agus ócáidí i dteannta rite le linn 2018 chun tacú leis na aidhmeanna sin.


Tá an Scéim Dreasa Gnó tugtha isteach i 2018 fós ar fáil chun cuidiú le gnónna bogadh isteach in aonaid folamha agus laghdaigh méid an stoic tionsclaíoch folamh go mór le linn 2019.

Bhí an tÚdarás Áitiúil onghníomhach chun cainéil chumarsáide díreacha a bhunú lena bpríomh-fhostaithe, cumainn gnó agus diaspora eacnamaíoch. Chas sé lena ghrúpa diaspora bunaithe i mBaile Átha Cliath agus ionadaithe óna dhiaspora Nua Eabhrac le linn 2018 agus leanann an grúpa sin ag tabhairt comhairle agus tacaíochtaí phraicticiúla chun infheistíocht a mhealladh chuig an gContae.

Le linn 2018, rinne Comhairle Contae Longfoirt go leor aighneachtaí go pleananna Náisiúnta agus Réigiúnacha ar féidir leo cruth eacnamaíoch sa todhchaí a chinneadh do cheantair tuaithe na hÉireann agus leanann sé ag obair i gcomhpháirtíocht le gach



Oscailt Longford Business Expo 2018



Bricfeasta Gnó ag an Longford Expo

gníomhaireachtaí tacaíochta agus forbartha agus ba chóir go mbeidh torthaí ag an gcur chuige comhpháirtíochta seo ar fhás eacnamaíoch amach anseo.

Longford Business Expo

I gcomhordú le Cumann Tráchtála Longfoirt, chomhordaigh Oifig LEO Business Expo ar an 28ú agus 29ú Mheán Fómhair, ag taispeáint 100 fiontar áitiúil thar dhá lá san Ionad Siopadóireachta Riverside. San áireamh leis an Expo, bhí seiminéar gnó a chorpraighe eilimint ghréasánaithe gnó agus ócáid faisin. Mheall an ócáid os cionn 2,000 cuairteoir thar dhá lá



Margaíocht Dhigiteach



D'óstáil Longfort LEO Lá Fiontar Náisiúnta Réigiúnach na mBan ar an Backstage Theatre. Bhí os cionn 100 bean sa ghnó ag freastal ó áiteanna ar fud an réigiúin, contae Laoise, Longfort, Uíbh Fhailí agus an

OIFIG FIONTAIR ÁITIÚIL

Bunaíodh Oifigí Fiontair Áitiúla (LEO) in Aibreán 2014 mar ghné an rialtais áitiúil. Gníomhaíonn siad mar phríomh-phointe tagartha do gach ceisteanna a bhaineann le gnó nuathionscanta agus beag maidir le fás agus ofráilann sé seirbhís 'chéad stad' do dhaoine le faisnéis, comhairle, treoraíocht nó tacaíocht maidir le forbairt mhicrithionscadail.

Oibríonn oifig LEO i gcomhpháirtíocht le réimse gníomhaireachtaí eile le cinntiú gur féidir le daoine rochtain a fháil go gasta ar na tacaíochtaí is ábharthaí nasctha lena riachtanais ag am ar leith agus déanann sé iarracht luach na bhfiontraíochta a chur chun cinn an t-am ar fad chun cuidiú le geilleagair áitiúla.

Oibríonn Longford LEO go dlúth lena spriocphobal chun forbairt fiontair áitiúil a thiomáint, ag cur comhlachtaí beaga áitiúla i gcroílár cruthaíocht poist. Seachadaíonn sé réimse tacaíochtaí ar bhealach dírithe, ag tógáil caidrimh gairmiúla dlúth a eascraíonn i gcliaint ag úsáid oifige LEO mar acmhainn.

Bliain tairbhíúil ab ea 2018 do Longford LEO le rannpháirtíocht onnghníomhach leis na céadta comhlachtaí beaga timpeall an Chontae. Tháinig fás 70 in uimhreacha i gcomhlachtaí le tacaíocht dhíreach ó oifig Longford LEO. Bhí 26 tionscadal faofa ag Longford LEO i gcomhair cúnamh airgeadais dírih le linn na bliana, i gcomaráid le 23 an bhliain roimhe.



Dámhachtainí Fiontair Chontae Longfort

Tá Longford LEO go hard sa rangú chúraim do chustaiméirí agus suirbhéanna rátála sástachta agus déanann sé a dhícheall chun ardcháilíocht a sheachadadh i go leor seirbhísí agus tacaíonn sé lena bhunús cliaint agus custaiméirí ag fás ar fud Longfoirt.

Lean an LEO le feidhmiú céimneach ar a réimse bearta tacaíochta boga chun oiliúint, meantóireacht agus tacaíochtaí sa chomhlacht a chur leis. I 2018 bhain os cionn 58 rannpháirtí leas as tacaíocht mheantóireachta, agus d'úsáid 682 rannpháirtí cineál éigin oiliúna struchtúrtha. Tá tacaíochtaí deartha le bheith seachadta ar bhealach solúbtha agus oiriúnaithe go sonrach chun cloí le riachtanais fiontais nua ag fás. Tá clár oiriúnaithe deartha chun tacú le spriocghrúpaí amhail cliaint Back to Enterprise, earnálacha aonair amhail bia agus earnálacha gan mórán forbartha amhail mná sa ghnó.

Lean Longford LEO ag cur chun cinn tionscnaíochtaí an Rialtais deartha chun spreagadh a thabhairt d'fhiontair áitiúla go háirithe Scéimeanna Dreasaíochta Poist d'Fhostóirí agus Rochtain do Scéimeanna Creidmheasa. Bhí tábhacht ar leith ag baint leis an tacaíocht curtha ar fáil i 2018 do chomhlachtaí beaga maidir le tionchar na Breaitimeachta. Cainéal tacaíochta áitiúil ab ea LEO Longfoirt ag cuidiú leis an rialtas le feidhmiú céimneach ar a réimse tiomnaithe tacaíochtaí deartha chun tacú le SME ar fud an phrósais Breaitimeachta.



Sa réimse oideachais, lean Longford LEO ag tacú leis an gClár Fiontair do Mhic Léinn mar phríomh-fheithicil chun tuiscint agus tuiscint a spreagadh ar fhiontair i ndaoine óga.



Lean sé freisin ag tacú le Dámhachtainí Fiontair Náisiúnta mar dheis ardiomrá chun béim a chur ar éachtaí ghnónna agus fiontraíthe beaga.

D'oibrigh LEO go dlúth le gach meán áitiúil chun fiontar áitiúil a chur chun cinn, béim a chur ar a rath agus buairtí a ardú a chuirfeadh béim ar an earnáil sin. Lean sé ag cur a sheirbhísí chun cinn ar a shuíomh gréasáin tiomnaithe www.localenterprise.ie \longford agus bhain sé úsáid níos mó as na meáin sóisialta chun an teachtaireacht a sheoladh dá chuid cliant.



Craobh Ceannais Réigiúnach Fiontraíthe Óga is Fearr óstáilte ag Dún na nGall. Fuair Longfort ionadaíocht ag Warren Belton i gcomhair coincheapa spórtlainne nua, Lorna Halligan as Nine Arches i mBaile Uí Mhatháin agus Tess Gillen as Longford Fitness.



FORBAIRT THURASÓIREACHTA

Bliain eile ab ea 2018 nuair a lean an earnáil turasóireachta i Longfort ag glacadh céimeanna dearfacha chun feabhsuithe infreastruchtúir bainteach le turasóireacht a dhéanamh, i bhforbairt spéise agus áiseanna agus ag cur Longfort chun cinn sa turasóireacht.



Fógra tábhachtach in 2018 ab ea cinneadh Fáilte Ireland chun Branda Réigiúnach a bhunú lena n-áirítear Contae Longfort ina iarrachtaí promóisin. Thug seoladh Croíthailte

Folaithe treisiú tráthúil don réigiún agus is dócha go bhfeicfear é sa mhargaíocht in éineacht le réigiúin brandaithe eile ar chóir dóibh eascrú i méadú suntasach i líon na gcuairteoirí.

Aithníonn gach údarás ábhartha lena n-áirítear Comhairle Contae Longfoirt acmhainneacht turasóireachta chun a bheith ina thiománaí eacnamaíoch i bhfad níos suntasaí don Chontae. Dár ndóigh, nuair a osclaíonn Center Parcs Resort i bhForaois Longfoirt, Baile Uí Mhatháin in 2019, beidh tionchar trasfhoirmithe aige sin ar an Réigiún agus tabharfaidh sé stádas cheann scríbe an Chontae. An dúshlán do gach duine bainteach le turasóireacht ná chun acmhainneacht a uasmhéadú ó líon mór na gcuairteoirí breise a bhfuiltear ag súil leo ar cuairt go dtí Center Parcs sa todhcháí.



Tá Comhairle Contae Longfoirt i gcroílár beagnach gach iarrachta agus oibríonn sé go dlúth le Coiste Turasóireachta Chontae Longfoirt ar chur i bhfeidhm a aidhmeanna straitéiseacha don turasóireacht sa Chontae.

Chuidigh earcaíocht Oifigigh Turasóireachta tiomnaithe ag tús 2018 go mór leis an Údarás Áitiúil chun pleananna agus gníomhartha turasóireachta a chur i bhfeidhm. Tugann an acmhainn nua seo pointe béime ar féidir le tionscnaíochtaí turasóireachta agus ócáidí nua a bheith pleanáilte agus comhordaithe tríd. Cuidíonn sé freisin le cinntiú go dtugtar ár dtáirge turasóireachta don mhargadh ar bhealach faisnéiseach, ábhartha agus suas chun dáta.

In 2018 lean gach comhlachtaí bainteach le turasóireacht ag forbairt tionscadail infreastruchtúir amhail Bealach Siúil na Canálach Ríoga agus tionscadail cuidithe ag an bpobal. Bhí infhaighteacht chistí an Rialtais ina chatalaíoch mór chun tionscadail difriúla a thionscnú agus a thabhairt ar aghaidh agus bhí gach cearn an Chontae in ann dul chun cinn a thabhairt do thionscadail turasóireachta ar feadh na bliana. D'fhorbair oscailt an phobail Ionaid eispéiris do chuairteoirí Knights & Conquests sa Ghránard mar shampla suntasach ar cad is féidir a bhaint amach nuair a thacaíonn an Rialtas Láir agus an tÚdarás Áitiúil leo ina n-uaimhian chun an limistéar áitiúil a chur chun cinn.

Lean an Coiste Turasóireachta ag obair ar straitéis mhargaíochta don Chontae chun tarraingt an Chontae a mhéadú mar cheann scríbe turasóireachta chun teascáin an mhargaidh sprice aitheanta. In 2018 lean an obair ar shuíomh gréasáin nua www.visitlongford.ie, láithreacht ghníomhach sna meáin sóisialta, ábhair promóisin nua, i dteannta le léarscáileanna agus bróisiúir deartha chun faisnéis agus oideachas a thabhairt do chuairteoirí ar an éagsúlacht eispéiris turasóireachta ar fáil i gContae Longfort.

Chomh maith le gach féilte agus ócáidí áitiúla a chur chun cinn, d'éascaigh Coiste Turasóireachta Chontae Longfoirt freisin seachadadh oiliúna do sholáthraithe turasóireachta agus rinne sé iarracht chun infheistíocht i dturasóireacht a mhéadú go háitiúil, le measúnú ar chistí ó go leor foinsí maoinithe difriúla.

Lean an tÚdarás Áitiúil ag obair freisin le grúpaí pobail agus suime ar leith in 2018 ar thionscnaíochtaí agus ócáidí deartha chun táirgí turasóireachta a thógáil. Chomh maith leis, tá ról maoirseachta rí-thábhachtach ag coiste LCDC i gcur i bhfeidhm an chlár LEADER reatha agus a bhéim láidir gaolmhar i bhforbairt turasóireachta áitiúil.



Bhí príomh-éachtaí Oifige Ealaíne 2018 chun duais **Sármhaitheasa i Rialtas Áitiúil** a fháil



Catagóir; Tacú leis na hEalaíona
Tionscadal; Clár Grianghrafadóireachta Scoileanna Longfoirt

Gníomhaíocht agus Cur Síos

Plean Corparáideach 2015-2019 Aidhmeanna Feidhmiúla Straitéiseacha

Dráma/Sráid Amharclann/Léiriú

Sparánacht Conartha Drámaíochta le Scoil Samhraidh na hÉireann

- A thug tacaíocht airgeadais d’aisteoir Longfoirt chun freastal ar Scoil Samhraidh Drámaíochta.
- A thug tacaíocht don Stiúrthóir freastal ar Chúrsa do Stiúrthóirí.

A d’éascaigh forbairt acmhainne cruthaíocht i measc na n-óg

Comh-Thionscadail le Amharclann Backstage

- Tacú le costais forbartha oibre nua an Ealaíontóra Rince Cónaithigh, Catherine Young, State of Exception, i Márta 2018.
- A thacaigh le costais chun éascaitheoirí amharclainne agus costais léirithe a idirbheartú le comh-léiriú dráma nua ‘Beetroot’ i gcomhoibríocht le Amharclann Óige Backstage
- A thacaigh le seachadadh ceardlanna scoile i Scríbhneoireacht Chruthaíoch agus costais forbartha leagain stáitse ‘The Velveteen Rabbit’ ag Maisie Lee.
- A thacaigh le costais ‘Playmaking’, tionscadal ealaíne pobail a bhaineann le clár ceardlanna le páistí i gceapadóireacht drámaí, éascaithe ag Ealaíontóir Cónaitheach, Maisie Lee, agus beidh buaicphointe leis le taispeántais drámaí gearra scríofa ag na páistí agus léirithe ag aisteoirí gairmiúla i bhFéile Ealaíne Aisling na bPáistí

A d’éascaigh forbairt acmhainne cruthaíocht i measc na n-óg

Comhlacht Drámaíochta Mide Street

- A thacaigh le ceardlann agus taispeántais ag an gcomhlacht drámaíochta flesging street seo

A d’éascaigh forbairt acmhainne cruthaíocht i measc na n-óg. A chuir chun cinn rochtana agus rannpháirtíocht mhéadaithe sna Ealaíona. Feasacht agus tuiscint an phobail a fhorbairt ar luach na n-ealaín.

Banna Samba Mide

- A thacaigh le forbairt leanúnach an Bhanna Samba

A d’éascaigh forbairt acmhainne cruthaíocht i measc na n-óg. A chuir chun cinn rochtana agus rannpháirtíocht mhéadaithe sna Ealaíona. Feasacht agus tuiscint an phobail a fhorbairt ar luach na n-ealaín.

Ceol/Rince

<p>Scoil Rock</p> <ul style="list-style-type: none"> Tacaigh leis an tionscnaíocht nuálaíoch seo do cheoltóirí óga rock idir 10 agus 18 d'aois 	A d'éascaigh forbairt acmhainne cruthaíocht i measc na n-óg
<p>Taifid Beo agus Áitiúla Longfoirt</p> <ul style="list-style-type: none"> A thacaigh le sraith ócáidí ceoil beo i go leor sseánra chun iarracht a dhéanamh an láthair ceoil a athbheochan i Longfort 	A chuir chun cinn rochtana agus rannpháirtíocht mhéadaithe sna Ealaíona. Feasacht agus tuiscint an phobail a fhorbairt ar luach na n-ealaín.
<p>Grúpa Córúil Lassus</p> <ul style="list-style-type: none"> A d'eagair ceadal ghrúpa córúil iomráiteach go hidirnáisiúnta Lassus in Ardeaglais Longfoirt 	Feasacht agus tuiscint an phobail a fhorbairt ar luach na n-ealaín.
<p>Grúpa Tíre Ardach</p> <ul style="list-style-type: none"> A d'eagair taifead ar an ngrúpa duais náisiúnta do www.longfordmusic.ie 	A chuir chun cinn rochtana agus rannpháirtíocht mhéadaithe sna Ealaíona
<p>Club Clasaiceach Longfoirt</p> <ul style="list-style-type: none"> A d'eagair ceolchoirmeanna chun feasacht an phobail a ardú 	Feasacht agus tuiscint an phobail a fhorbairt ar luach na n-ealaín.
<p>Cónaitheacht Rince Backstage</p> <ul style="list-style-type: none"> A thacaigh le Rinceoir Cónaitheach i gcomhpháirtíocht le Amharclann Backstage 	A d'éascaigh forbairt acmhainne cruthaíocht i measc na n-óg
<p>Gníomhaíocht Chóiriúil Longfoirt</p> <ul style="list-style-type: none"> A thacaigh le go leor Cóir Longfoirt 	
<p>Cóir Taifeadta Mheathas Troim</p> <ul style="list-style-type: none"> A thairfead cór na bpáistí agus grúpa tíre fásta le haghaidh craolta ar www.longfordmusic.ie 	A chuir chun cinn rochtana agus rannpháirtíocht mhéadaithe sa Cheol. Feasacht agus tuiscint an phobail a fhorbairt ar luach an Cheoil.

Scríbhneoireacht Chruthaíoch

<p>Grúpaí Scríbhneoirí Longfoirt</p> <ul style="list-style-type: none"> Tá cúig ghrúpa gníomhach i Longfort Thacaigh muid le gníomhaíochtaí Longfoirt, Goldsmith, Lasraí, Under the Motte agus Scríbhneoirí Lanesborough ar feadh na bliana. 	A chuir chun cinn rochtana agus rannpháirtíocht mhéadaithe sa litríocht.
<p>Oícheanta Litríochta/Filíocht Bheo</p> <ul style="list-style-type: none"> A thacaigh le sraith ócáidí litríochta i Stiúideo na Canálach Backstage, Ionad Cruthaíochta Ardach, agus Market Bar Longford. Féach www.virtualwriter.ie 	A d'éascaigh forbairt acmhainne cruthaíocht i measc na scríbhneoirí. A chuir chun cinn rochtana agus rannpháirtíocht mhéadaithe sa Litríocht. Feasacht agus tuiscint an phobail a fhorbairt ar luach na Litríochta.

Ealaíona Físiúla

<p>Clár Grianghrafadóireachta Scoileanna Longfoirt</p> <ul style="list-style-type: none"> Clár Grianghrafadóireachta do Scoileanna is mó agus is sine ag rith in Éirinn. Baineann sé le daltaí gach meánscoile sa chontae chomh maith le Muileann gCearr agus Maothail. Béim ar ghrianghrafadóireacht mar ealaíon ag forbairt feasachta físiúla agus aestéitiúil an dalta, múineann sé do dhaltaí féachaint ar shuibíocht ní hamháin mar oibiacht fhisíúil fhisiceach ach freisin ó dhearcadh coincheapúil. Féach: http://www.longforddigitalarts.ie/schools-photography-program/overview 	A d'éascaigh forbairt acmhainne cruthaíocht i measc na n-óg
<p>Taispeántas Chlár Scoileanna, seoladh Duaiseanna agus Tionscadal</p> <ul style="list-style-type: none"> Tagann buaicphointe le LSPP gach bliain le taispeántas oibre na ndaltaí, léiriú duaiseanna agus seoladh tionscadail don bhliain de ghnáth foilseachán oibre na ndaltaí ar cheisteanna shóisialta coitianta amháil mí-úsáid drugaí, tinneas intinne - dúghalar, srl. A chuidigh an ócáid a mhaoiniú, a chur chun cinn agus a eagrú 	A d'éascaigh forbairt acmhainne cruthaíocht i measc na n-óg
<p>Expressions Comórtas Grianghrafadóireachta Portráide Idirnáisiúnta</p> <ul style="list-style-type: none"> Comórtas grianghrafadóireachta portráide ealaíonta idirnáisiúnta. 50% iarratas Éireannach 50% idirnáisiúnta. An bhliain seo 50 iontráil gearrliostaithe cóimeáilte ar ábhar gach aimsire agus iad curtha ar taispeáint ar phostálacha lampa agus clártaigh sealadacha 	Rochtain agus rannpháirtíocht mhéadaithe a chur chun cinn sa ghrianghrafadóireacht.

<p>timpeall an bhaile, ag déanamh gailearaí oscailte as an mbaile lán le grianghraif le linn Cruthú.</p>	
<p>Clár Comh-thaispeántais le Gailearaí Atrium</p> <ul style="list-style-type: none"> ○ A mhaoinigh agus a chuidigh taispeántas a eagrú le seachtar bpéintéir agus grianghrafadóir: Phil Atkinson/Angela Tuite/Mary Grey/Lar McGuire/Josephine Guilfoyle/ Mary Reilly/Phil Atkinson/Shelley Corcoran/ Angelika Sowul/Eibhlin Crossan/Alisa Rey/ Sean Considine féach: www.visuallongford.ie 	<p>A d'éascaigh forbairt acmhainne cruthaíocht i measc na grianghrafadóirí.</p>
<p>Tionscadal Ealaíne Poiblí Mercy Convent Bhaile Uí Mhatháin</p> <ul style="list-style-type: none"> ○ Maoiniú tugtha do thionscadal gloine cruthaíoch do na scoileanna thuas. Thug na mic léinn cuairt ar stiúideo ealaíontóra gloine Michelle O'Donnell, áit a rinne siad dearadh agus a chuidigh siad íomhá éin uathúil a dhéanamh. Ansin bhí sé múnlaíthe ar ghloine agus ardaíthe mar ghrúpa éin ag eitilt ar feadh bhalla cheaintín na mac léinn. Féach: www.longfordvisualarts.ie 	<p>A d'éascaigh forbairt acmhainne cruthaíocht i measc na n-óg.</p>

Féilte

<p>Féile Ildisciplíneach Ealaíne Cruthú</p> <ul style="list-style-type: none"> ○ Bun-fhéile bunaithe. Féile na bliana seo maoinithe. Obair déanta go dlúth leis an gcoiste chun clár na bliana seo a sheachadadh. Béim speisialta curtha ar thionscadal ealaíne pobail: An Tionscadal Ealaíne Poiblí Sealadach. Seacht ngrúpa pobail rannpháirteach m.s. Botháin na bhfear chun seacht bpíosa a chruthú faoi stiúir ealaíontóra gairmiúil, bhí gach píosa ar taispeáint in áit thábhachtach i mBaile Longfoirt le linn Cruthú. 	<p>A d'éascaigh forbairt acmhainne cruthaíoch i measc na n-ealaíon. Rochtain agus rannpháirtíocht mhéadaithe sna Ealaíona a chur chun cinn. Feasacht agus tuiscint an phobail a fhorbairt ar luach na n-ealaín.</p>
<p>Féile Scannúil Ardach</p> <ul style="list-style-type: none"> ○ Féile bliantúil spraoi is ealaíne na bpáistí d'Óiche Shamhna rite ag Ionad Cruthaíochta Ardach. 	<p>Rochtain agus rannpháirtíocht mhéadaithe sna Ealaíona a chur chun cinn. Feasacht agus tuiscint an phobail a fhorbairt ar luach na n-ealaín.</p>
<p>Féile Aisling na bPáistí</p> <ul style="list-style-type: none"> ○ Féile ealaíne fadbhunaithe sármhaith ar feadh an chontae na bpáistí. Ócáid fhéile atá bunaithe sa phobal, ó thaobh comhdhéanamh an choiste, cláir, scaipthe geografaigh agus áitiú ar ócáidí saor in aisce nó na costais is ísle indéanta d'ócáidí chun ionchuimsiú sóisialta is eacnamaíoch níos mó a bhaint amach. Táimid ag tacú faoi dheireadh leis an gcoiste agus ag obair leo ar feadh féile. 	<p>A d'éascaigh forbairt acmhainne cruthaíocht i measc na n-óg.</p>
<p>Deireadh Seachtaine Litriúil Edgeworth</p> <ul style="list-style-type: none"> ○ Deireadh seachtaine dea-eagraithe le filíocht agus próis, faigheann a eilimint comhaimseartha tacaíocht ag an A. O. Ach ciallaíonn béim láidir ar oidhreacht chultúrtha agus aidhmeanna turasóireachta go bhfuil luach teoranta leis i gcomhair forbartha litriúil an chontae. 	<p>Rochtain agus rannpháirtíocht mhéadaithe sna Ealaíona a chur chun cinn. Feasacht agus tuiscint an phobail a fhorbairt ar luach na n-ealaín.</p>
<p>Féile Monster Lohc Rí Lanesborough</p> <ul style="list-style-type: none"> ○ Féile pobail nua. Feidhmíocht Míde agus maoiniú i dtreo fhlóta Monster 	<p>Rochtain agus rannpháirtíocht mhéadaithe sna Ealaíona a chur chun cinn. Feasacht agus tuiscint an phobail a fhorbairt ar luach na n-ealaín.</p>

Foilseachán

<p>Irisleabhar Ealaíne agus Cultúir Láir na Tíre</p> <ul style="list-style-type: none"> ○ A d'fhoilsigh dhá eagrán den irisleabhar cáiliúil agus rathúil seo. 	<p>Feasacht agus tuiscint an phobail a fhorbairt ar luach na n-ealaín.</p>
---	--

SEIRBHÍSÍ CHORPARÁIDEACHA

Iarratais Faisnéise

	Líon
Iarratais ar Shaoirse Faisnéise (FOI)	95
Líon na nAthbhreithnithe Inmheánacha ar Iarratais FOI	1
Líon na n-achomharc ar an gCoimisinéar Faisnéise maidir le cinntí FOI	0
Méid Faisnéise ar Iarratais Timpeallachta	2

An tAcht um Nochtuithe Cosanta

Ní bhfuair Comhairle Contae Longfoirt aon nochtuithe cosanta

Toghchóras

Tháinig Clár na dTógthóirí 2018/2019 i bhfeidhm ar an 15ú Feabhra 2018 go dtí 14ú Feabhra 2019. Ba iad na figiúirí cláraithe le vótáil ar Chlár na dTógthóirí 2018/2019 ná -

Ceantar Toghcháin Áitiúil	Líon
Baile Uí Mhatháin	10,594
Gránard	10,864
Longfort	9,667
Iomlán	31,125

Le linn 2018, ullmhaíodh dhá Fhorlónadh do Chlár na dTógthóirí roimh an -

- Séú Leasú is Tríocha ar an mBille Bunreacha 2018 ar an 25ú Bhealtaine 2018
- Toghchán Uachtarántachta ar an 26ú Dheireadh Fómhair 2018

Acht na dTeangacha Oifigiúla

An chéad Scéim Gaeilge ag Comhairle Contae Longfoirt, comhaontaithe roimhe sin ag an Aire Ealaíne, Oidhreacht agus Gaeltachta i ndiaidh ceadaithe Achta na dTeangacha Oifigiúla, agus tá sé fós ag oibriú. Dheimhníodh in 2016 gur chóir i gcomhthéacs na faisnéise ar fáil agus foilseacháin le teacht do reachtaíocht bhreise, ullmhúchán tuilleadh scéimeanna teanga a mhoilliú. Léirigh Coimisinéir na Gaeilge, Rónán Ó Domhnaill, nach mbeidh a oifig bainteach le maoirseacht ar chur i bhfeidhm na Scéimeanna Teanga ag an Údarás Áitiúil a thuilleadh i ndiaidh tuarascála críochnaithe ag a oifigeach in 2017 maidir le éifeachtacht na scéimeanna sin.

Ní raibh an Bille nua bainteach le Acht na dTeangacha Oifigiúla ceadaithe sa Dáil go fóill. Táthar ag súil go gceadóidh an Bille nua bearta réasúnta a thabhairt isteach chun an Ghaeilge a chur chun cinn ar feadh gach údarás áitiúil. Tá súil againn go ndéanfaidh an Bille nua tacar nua caighdeán/dualgais a leagan amach, a bheidh forfheidhmithe agus gearrfar pionóis i gcásanna nach mbaintear na caighdeáin sin amach. Táthar ar súil gur féidir leis na caighdeáin a leanas a chorprú:

- Earcaíocht (% le bheith deimhnithe d'earcaithe nua leis an seirbhís a mbeidh inniúlacht na Gaeilge acu)
- Suíomhanna gréasáin chomhlachtaí poiblí
- Comharthaíocht i mbailte agus suíomhanna oidhreacht srl
- Measúnú ar inrochtaineacht do sheirbhísí Ghaeilge i gcomhlacht poiblí

Rinne Oifigeach Gaeilge na gníomhaíochtaí a leanas in 2018 chun an Ghaeilge a chur chun cinn -

- Dhá chúrsa le 6 rang an cheann as Gaeilge ag leibhéal bunúsach go meánach eagraithe ag leabharlann príomh-bhrainse.
- D'eagraigh grúpa comhrá i nGaeilge cruinnithe lóin seachtainiúla ar feadh 8 seachtaine ar dhá ócáid difriúil le linn na bliana, agus chun Seachtain na Gaeilge a cheiliúradh, d'eagraigh siad seisiún ceiliúrtha le léamh filíochta agus ceol sa leabharlann príomh-bhrainse
- Rinneadh ceiliúradh ar Sheachtain na Gaeilge le tráth na gceist as Gaeilge agus ócáidí scéalaíochta Gaeilge éascaithe do scoileanna áitiúla i go leor leabharlanna bhrainse. Cuireadh leabhair Gaeilge nua do pháistí agus daoine fásta araon ar taispeánt i ngach brainse.
- I mí Bealtaine, d'fhreastal Oifigeach Gaeilge ar chruinniú gréasáin d'Oifigigh Gaeilge an údaráis áitiúil.
- I mí an Mheithimh, chun Bliain na Gaeilge a cheiliúradh, d'eagraigh Oifigeach Gaeilge sraith seachtaine le ócáidí i nGaeilge le tacaíocht ó mhaoiniú deontais ó Éire Cruthaíoch.

- Le tacaíocht an Chomhairle, d'fhreastal Oifigeach Gaeilge ar Chúrsa Gaeilge ón 2ú go dtí an 6ú Iúil i gColáiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath, chun a caighdeán Gaeilge a choinneáil agus dualgais Oifigigh Gaeilge a chomhlíonadh ar bhealach inniúil.
- I mí Dheireadh Fómhair, i ndiaidh próisis aighneachta iomaíoch, dhaingnigh Oifigeach Gaeilge deontas €2,800 ó Fhoras na Gaeilge i dtreo maoinithe ócáidí Gaeilge i gcomhair Féile Leabhair na bPáistí.
- Chinntigh Oifigeach Gaeilge, ag obair le ranna ábhartha, aon ghearáin faighte ó Oifig an Choimisinéara Teanga a láimhseáil agus déileáil leo.

Leanfar le monatóireacht ar chur i bhfeidhm oibleagáidí an Chomhairle faoi réir Acht na dTeangacha Oifigiúla ar feadh 2019. Aithnítear leis seo comhoibríocht na mBall Tofa sa chur i bhfeidhm leanúnach ar oibleagáidí an Chomhairle faoi réir Acht na dTeangacha Oifigiúla.

Cruinnithe Chomhairle Contae Longfoirt

Eagraíodh Cruinnithe Chomhairle Contae Longfoirt go míosúil, seachas i mí Lúnasa.

11ú Aibreáin 2018

Labhair Barry Kenny, Bainisteoir Chumarsáidí Corparáideach le Iarnród Éireann, leis na baill maidir le seirbhísí iarnróid. Bhí Mr. Gerard Hagan tofa le folúntas don Mhórcheantar Toghcháin, a tharla i ndiaidh do Chomhairleoir John Duffy éirí as.

9ú Bhealtaine 2018

Thug Kitty Hughes, Cathaoirleach le Comhairle na nDaoine níos Sine Chontae Longfoirt agus Des Skelly, Leas-Chathaoirleach, cur i láthair maidir le Comhairle na nDaoine níos Sine.

Sheol an Cathaoirleach “Treoir Imeachtaí Chontae Longfoirt”

AGM 21ú Mheithimh 2018

Bhí Comhairleoir Luie McEntire tofa Cathaoirleach leis an gComhairle go dtí Cruinniú Bliantúil 2019. Bhí Comhairleoir Mae Sexton tofa Leas-Chathaoirleach leis an gComhairle go dtí Cruinniú Bliantúil 2019.

12ú Mheán Fómhair 2018

Bhí Cruinniú Míósúil Mheán Fómhair 2018 curtha siar chun meas a léiriú do Chomhairleoir Mark Casey i ngeall ar bhás a bhean chéile, Bernadette.

18ú Mheán Fómhair 2018

Eagraíodh Cruinniú Speisialta an Chomhairle ar an 18ú Mheán Fómhair 2018 chun breathnú ar iarratais faighte ó iarrthóirí ainmníocháin Chomhairle Contae Longfoirt chun dul san iomaíocht i dToghchán Uachtarántachta ar an 26ú Dheireadh Fómhair.

- Labhair Iarrthóir Uachtarántachta John Groarke leis na baill.
- Labhair Sarah Louise Mulligan leis na baill trí fhíseán.

D'aontaigh na baill go léir gan tacú le aon iarrthóir do Thoghchán Uachtarántachta 2018.

10 Dheireadh Fómhair 2018

Thug Paddy Matthews agus Mark McGovern ó Chroíthailte Folaithe na hÉireann cur i láthair cuimsitheach do na baill maidir le Feachtas Croíthailte Folaithe na hÉireann.

14ú Samhna 2018

Thug James Cawley cur i láthair maidir le obair Ghluaiseachta Maireachtála Neamhspleách na hÉireann.

Freastal Ionadaithe ó IDA Éireann

Denis Curran, Bainisteoir na Roinne, Rialachas Corparáideach agus Dí, EIT agus Forbairt Gnó, Anne-Marie Tierney Le-Roux, Bainisteoir na Roinne, Forbairt Réigiúnach agus Ken Whitelaw, Bainisteoir Forbartha Gnó Réigiúnaigh Láir na Tíre, a d'fhreastail ar an gcruinniú.

26ú Samhna 2018

Bhí buiséad don Bhliain Airgeadais dár gcríoch 31 Nollag 2019 glactha ag na baill.

12 Nollag 2018

Sheol Cathaoirleach, Comhairleoir Luie McEntire, na Dámhachtainní Éachta Óige na nGardaí.

Searmanas Duaiseanna an Chathaoirligh – 30ú Bhealtaine 2018

- **Chris Cullen**, ainmnithe ag M.D. Bhaile Uí Mhatháin, in aitheantas ar a obair pobail in Lanesboro.
- **Eimear Caslin**, ainmnithe ag M.D. Longfoirt in aitheantas ar a héachtaí gnó sármaith.
- **Fr. Michael Campbell**, ainmnithe ag M.D. Ghránaird in aitheantas ar a obair thréadach i bParóiste Mhainistir Leathrátha agus ceantair timpeall.
- **Mick Flavin**, Duais Ghinearálta in aitheantas ar a chabhair sármaith le Ceol Tíre agus Bhuaichail Bó na hÉireann.



Fr. Michael Campbell, MD Ghránaird



Eimear Caslin, MD Longfoirt




Chris Cullen, MD Bhaile Uí Mhatháin



Mick Flavin, Duais Ghinearálta

Fáiltithe Sibhialta

16ú Iúil 2018 - 7ú Chruinniú Teaghligh Ó Fearghail Idirnáisiúnta



27ú Iúil 2018 - 21ú Comóradh Bliana Comhaontaithe Cúplála Bhéal Átha na Muc & Essert de Belfort



21ú Mheithimh 2018 - 40ú Chomóradh Cheolchumann St. Mel



14ú Samhna 2018 - Cur i láthair don fhoireann ó St. Christopher's Services Ltd. A rinne dualgais glantacháin i bhfoirgnimh Chomhairle Contae thar na blianta



An Coiste Iniúchta

Soláthraíonn an Coiste Iniúchta athbhreithniú saineolach neamhspleách, measúnú agus comhairle ar bhainistíocht airgeadais agus próisis tuairiscithe, córais agus nósanna imeachta rialaithe inmheánaigh, bainistíocht ar rioscaí agus ábhair iniúchta. Baineann príomh-ról an Choiste le comhairle agus níl aon chumhachtaí feidhmiúcháin ag an gCoiste nó aon chumhachtaí reachtúla i gcomhair imscrúdaithe nó fiosrúcháin. Tá feidhmeanna reachtúla an Choiste Iniúchta leagtha amach i gCuid 122(2)(a) go dtí (f) le feidhmeanna Achta an Rialtais Áitiúil 2001 agus S.I. 244 ó 2014 dár teideal Rialacháin an Rialtais Áitiúil (Coiste Iniúchta) 2014.

Chas an Coiste Iniúchta le chéile ar an 9ú Feabhra, 9ú Márta, 20ú Aibreán, 27ú Iúil, 28ú Mheán Fómhair agus 7ú Nollag 2018. Rinne an Coiste fiosrúchán ar go leor ceisteanna laistigh a réime agus d'éisigh sé moltaí nuair is cúí.

ACMHAINNÍ DAONNA

Tacaíonn an Roinn Acmhainní Daonna leis an bhFoireann Bainistíochta i mbainistíocht straitéiseach a acmhainne is luachmhaire - a fhostaithe. Áirítear le obair na Roinne Acmhainní Daonna earcaíocht, cur i bhfeidhm polasaithe agus nósanna imeachta, próiseáil párolla, bainistíocht ar fhreastal, oiliúint agus forbairt, bainistíocht ar fheidhmíocht, comhréireacht le reachtaíocht reachtúil agus caidrimh tionsclaíoch. Bhí prionsabail agus creat oibriúcháin do 2018 á leanúint agus á dtreorú ag cinní Pholasaithe an Rialtais maidir le Seirbhísí Poiblí.

Tá buaicphointí na ngníomhaíochtaí déanta ag an Roinn HR in 2018 luaite thíos:

Earcaíocht agus Rogha

Oibrítear nósanna imeachta earcaíochta agus rogha ar bhealach oscailte cóir, i gcomhréir le dea-chleachtas earcaíochta agus caighdeán roghnaithe, reachtaíocht fhostaíochta agus Ciorcláin is treoirlínte ábhartha na Roinne. Lean gníomhaíocht shuntasach earcaíochta in 2018 le staidrimh luaite thíos -

Comórtais fógraithe	Laethanta agallaimh	Iarratasóirí glaoite i gcomhair agallaimh	Iarratasóirí a d'fhreastail ar agallaimh	Ceapachán	Scoir
29	41	322	282	29	5

Pleanáil Fhórsa Saothair

Bhí Plean agus Straitéis Fhórsa Saothair an Chomhairle 2016-2021 críochnaithe agus seolta chuig an Roinn i mí an Mhárta 2016. Leanann Acmhainní Daonna ag glacadh páirt go gníomhach sa phróiseas cinnteoireachta agus measúnú ar riachtanais foirne agus réamh-mheastacháin fórsa oibre chun freagra Chomhairle Contae Longfoirt a cheadú don Chlár Athbhreithnithe ar Sheirbhís Poiblí, ag cur san áireamh na tosaíochtaí aitheanta i bPlean Corparáideach an Chomhairle.

Bainistíocht ar Fhreastal

Tá Comhairle Contae Longfoirt tiomanta chun timpeallacht oibre folláin tacúil a chruthú agus a choinneáil d'fhostaithe agus aithníonn sé an tionchar a bhíonn ag easnamh ar obair an Chomhairle agus ar chomhoibrithe. Dá réir sin, tá an Comhairle tiomanta chun bainistíocht a dhéanamh ar thionchar ó easnaimh agus lean sé in 2018 a chur i bhfeidhm ar an bPolasaí Bainistíochta ar Fhreastal. Faigheann an polasaí tacaíocht ó nósanna imeachta chun bainistíocht a thabhairt ar easnaimh, ag coinneáil e forálacha reachtúla ábhartha, scéimeanna Saoire Tinnis agus dea-chleachta. Tá an Comhairle ag obair chun a thargaid Seirbhíse Poiblí a bhaint amach le haghaidh laghdaithe ar am cailte de bharr easnaimh i gcomhréir leis an Athchóiriú Seirbhíse Poiblí. Déantar bainistíocht ar Am agus Freastal d'fhostaithe ag úsáid CORE (córás HR comhtháite). Ceadáíonn sé sin don HR tuarascálacha bainistíochta suas-chun-dáta a sholáthar ar fhreastal fostaithe.

Acht Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Páistí agus Daoine Leochaileacha) 2012-2016

Tugann Acht Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Páistí agus Daoine Leochaileacha) 2012-2016 achtaithe in 2016 bunús reachtúil i gcomhair grinnfhiosrúcháin na ndaoine a dhéanann poist fostaíochta a lorg maidir le páistí nó daoine leochaileacha. De réir an Achta seo, is riachtanach an grinnfhiosrúchán.

Iarrtar ar Chomhairle Contae Longfoirt mar 'Eagraíocht Ábhartha' chun cuspóra an Achta, a chinntiú go gcuirtear fostaithe a nglactar leis go bhfuil siad ag obair le gníomhaíochtaí clúdaithe ag an Acht faoi ghrinnfhiosrúchán na nGardaí. Rinneadh measúnú ar ról agus gníomhaíochtaí déanta ag fostaithe bunaithe air sin, tá fostaithe i ról áirithe agus réimsí seirbhíse áirithe faoi réir Grinnfhiosrúcháin na nGardaí. Leanann Acmhainní Daonna an próiseas chun fostaithe a chur faoi ghrinnfhiosrúchán i gcomhréir le riachtanais an Achta.

Oiliúint agus Forbairt Fostaithe

Aithníonn an Comhairle an ról tábhachtach atá ag a fhostaithe agus tá sé tiomanta dá n-oiliúint agus forbairt. D'fhorbair Acmhainní Daonna Polasaí Oiliúna agus Forbartha na bhFostaithe agus i ndiaidh próisis comhairligh leis na comhlachtaí ionadaithe ar fhostaithe agus Grúpa Oifigigh Sinsearach, bhí an Polasaí seo comhaontaithe leis an bhFoireann Bainistíochta agus curtha i bhfeidhm in 2017.

Tugann an polasaí seo forálacha chun seachadta cláir oiliúna bliantúil agus ní hamháin le cinntiú go ndéanann gach fostaithe oiliúint riachtanach i gcomhréir leis na riachtanais reachtúla, ach freisin chun deiseanna a thabhairt d'fhostaithe a scileanna agus inniúlachtaí a fhorbairt chun feabhas a chur le seachadadh seirbhíse agus dul chun cinn a chur le aidhmeanna straitéiseacha Chomhairle Contae Longfoirt. Thug an polasaí tacaíocht d'fhostaithe ar mian leo dul faoi oideachas tríú leibhéal chun a bhforbairt gairmiúil agus pearsanta a chur chun cinn.

Tacaíonn Acmhainní Daonna go gníomhach le Sláinte agus Sábháilteacht chun bearnaí oiliúna a aithint, mar aon le oiliúint shábháilteachta sa láthair oibre a fhoinsiú agus a sholáthar agus cothabháil ar thaifid oiliúna Sláinte agus Sábháilteachta.

In 2018, sheachadadh Acmhainní Daonna clár oiliúna substainteach, ag úsáid oiliúnóirí inmheánach agus seachtrach araon, ag díriú ar réimse leathan ábhair lena n-áirítear sláinte agus sábháilteacht, teicneolaíocht faisnéise, ceannaireacht agus bainistíocht ar athruithe. Bhí ar iomlán 135 clár oiliúna seachadta do 969 rannpháirtí thar 135.425 lá i ngach topaic sna ábhair a leanas -

- Rothanna scrabhacha
- Spáis Teann
- Core
- Excel
- Déileáil le Foréigean agus Ionsaithe sa láthair oibre
- Sábháilteacht Dóiteáin
- Sláinte agus Sábháilteacht
- Láimhseáil Láimhe
- Athbhreithniú IOSH
- Bainistíocht shábháilte i dtógáil (IOSH)
- Ardú sábháilte scaoileadh paisinéirí
- CPC Tiománaithe
- Soláthar
- Oiliúint léiritheach sábháilteachta
- Oiliúint ionduchtaithe ráitis sábháilteachta
- Safepass
- Comharthaíocht, Soilsiú agus Gardáil

Caidrimh Tionsclaíoch / Fostaithe

Comhdhéanann Caidrimh Tionsclaíoch agus Fostaithe cuid mhaith de ghníomhaíochtaí HR agus comhdhéanann buairtí fostaithe réimse leathan ceisteanna. Má choinnítear dea-chaidrimh tionsclaíoch trí idirghníomhaíocht leanúnach agus dea-idirbheartaíocht le gach geallshealbhóirí, is féidir caidreamh fostóra/fostaithe a neartú. Príomh-réimsí idirbheartaíochta in 2018 maidir le Pleanáil Fhórsa Saothair agus ábhair clúdaithe faoin gComhaontú Seasmhachta Seirbhíse Poiblí 2013-2018 Comhaontú Bóithre Lansdowne (Comhaontú Bóithre Haddington roimhe).

As Seo Amach

Amach anseo, leanfaidh an Roinn Acmhainní Daonna ag díriú a chlár oibre oibriúcháin agus tionscnaíochtaí chun cuidiú go dearfach le aidhmeanna agus cuspóirí aitheanta i bPlean Corparáideach an Chomhairle a bhaint amach.

SLÁINTE, SÁBHÁILTEACHT AGUS FOLLÁINE SAN OBAIR

Is dúshlán é sábháilteacht san obair a bhaint amach thar ghnó chomh éagsúil le Comhairle Contae Longfoirt. Ní féidir bainistíocht ar shláinte agus sábháilteacht a bhaint amach ach trí thiomantas gach fostaithe. Tá Comhairle Contae Longfoirt tiomanta chun láthair oibre slán sábháilte a thabhairt trí fheabhsuithe leanúnacha lena n-áirítear sláinte agus sábháilteacht mar chuid lárnach den ghnó.

Deimhniúchán le OHSAS 18001:2007

In 2014, bronnadh deimhniúchán ar chlárúchán Córais Sláinte san Obair agus Bainistíocht Sábháilteachta do Chomhairle Contae Longfoirt do OHSAS 18001:2007 ag Údarás Náisiúnta Caighdeáin na hÉireann (NSAI).

Is caighdeán aitheanta go hidirnáisiúnta é OHSAS 18001:2007 do bhainistíocht Sláinte agus Sábháilteachta san Obair. Cuideoidh sé le Comhairle Contae Longfoirt:

- Láthair oibre slán sábháilte a thabhairt dá fhostaithe
- Cloí le riachtanais dlí agus
- Smacht agus bainistíocht a dhéanamh ar rioscaí sláinte agus sábháilteachta gaolta le gníomhaíochtaí oibre an Chomhairle.

Moltar Comhairle Contae Longfoirt i gcomhair deimhniúchán OHSAS 18001:2007 i gcomhair próisis eagraíochtúla. Cuireadh na ranna a leanas le scóip an iniúchta.

- Bainistíocht ar Áiseanna
- Seirbhísí Chorpáraideach
- Tithíocht
- Acmhainní Daonna
- Leabharlanna
- Bóithre
- Seirbhísí Uisce
- Athshlánú
- Comhshaol
- Pleanáil
- Pobal agus Fiontar
- IT
- Maoiniú
- Oifigí Fiontair Áitiúil
- Na Ealaíona
- Rapid
- Comhpháirtíocht Spóirt



I nDeireadh Fómhair 2018, chríochnaigh Údarás Náisiúnta Caighdeáin na hÉireann (NSAI) iniúchadh ath-dheimhnithe go rathúil.

Is deimhniúchán an-tábhachtach é seo do Chomhairle Contae Longfoirt agus léiríonn sé an tiomantas le bainistíocht agus feabhsuithe leanúnach ar shláinte agus sábháilteacht chun áit níos sábháilte a dhéanamh de Chomhairle Contae Longfoirt dá fhostaithe uile.

Iniúchtaí Rialála

Rinne an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta iniúchadh amháin in 2018.

Achoimre ar Thuarascálacha Timpiste/Eachtraí do 2018

Is eilimint tábhachtach leis an gcóras bainistíochta sábháilteachta é an tuairisciú ar thimpistí agus eachtraí agus úsáidtear é mar uirlis chun réimsí feabhsaithe leanúnaigh a aithint.

Tuairiscíodh ar iomlán 39 timpiste le linn 2018.

Rinneadh tuarascáil ar an líon is mó eachtraí maidir le Foréigean agus Ionsaithe agus Tiomáint go dtí an Obair

Ráiteas Sábháilteachta/Measúnuithe ar Rioscaí

Is cáipéis é an Ráiteas Sábháilteachta riachtanach do gach fostóir agus Comhairle Contae a choinneáil agus ní mór dóibh a dheimhniú conas a bhainistíonn an Comhairle Contae sláinte agus sábháilteachta.

Rinneadh nuashonrú ar ráiteas sábháilteachta Chomhairle Contae Longfort le linn 2018 agus fuair sé marcáil ‘Béarla Soiléir’ ón Ghníomhaireacht Inniúlachta Fásta Náisiúnta. Ciallaíonn Béarla Soiléir faisnéis a sholáthar ar bhealach a bhaintear tuiscint éasca as an chéad uair a léitear nó a chloistear é. Longfort is ea an chéad Chomhairle Contae a fuair marcáil ‘Béarla Soiléir’ don Ráiteas Sábháilteachta.

Teastaíonn líonadh do gach gníomhaíochtaí oibre agus foirgnimh faoi úinéireacht agus/nó in oibriúchán ag fostaithe Chomhairle Contae Longfort sa Mheasúnú ar Rioscaí. Tá clár leanúnach um chomhlíonadh, athbhreithniú, nuashonrú agus cumarsáid ar mheasúnuithe ar rioscaí i bhfeidhm le cur i bhfeidhm laistigh gach roinn Chomhairle Contae Longfort.

Iniúchtaí Sábháilteachta

In 2018, lean Comhairle Contae Longfort leis an gClár Iniúchtaí Sábháilteachta a leagann amach clár oibre do na iniúchtaí sábháilteachta le bheith críochnaithe ag suíomhanna oibre daingean agus soghluaiste araon. Déanann an Stiúrthóireacht na Iniúchtaí agus tugtar tuarascáil chuig an bhFoireann Bainistíochta ar bhonn ráithiúil. Is uirlisí úsáideacha iad na Iniúchtaí chun comhréireacht le riachtanais Sláinte agus Sábháilteachta a dheimhniú san eagraíocht. Cuirtear aon neamh-chomhréireachtaí nó ceisteanna eile aitheanta sna Iniúchtaí Sábháilteachta le córas rianaithe gnímh leictreonach le cinntiú go ndéileáiltear le gach gníomhartha aitheanta agus dúnta go sásúil ag gach cuid.

Iniúchadh Sláinte agus Sábháilteachta

In 2018, lean Comhairle Contae Longfort le iniúchtaí ar an gcóras bainistíochta sláinte agus sábháilteachta. Críochnaíodh 16 lá iniúchta in 2018. Baineann iniúchadh le athbhreithniú neamhspleách, córasach agus críochnúil ar gach eilimint an chórais bainistíochta sábháilteachta. Bhain sé sin le iniúcháir seachtrach ag bailiú faisnéise chun iontaofacht agus éifeachtacht an chórais bainistíochta sábháilteachta a dheimhniú. Is próiseas úsáideach é sin agus cuidíonn sé leis an gComhairle Contae a aidhmeanna comhréireachta dhlíthiúil a bhaint amach, le cur chuige córasach smachtaithe chun feabhas a chur ar éifeachtacht bhainistíochta sláinte agus sábháilteachta trí fheabhsú leanúnach.

Oiliúnt Sláinte agus Sábháilteachta

Príomh-eilimint is ea oiliúnt chun cultúr dearfach sábháilteachta a chur chun cinn agus nósanna imeachta maithe sábháilteachta a fhorbairt ar an jab. Áirítear leis na cúrsaí oiliúna eagraithe Safe Pass, IOSH Bainistíocht Sábháilteachta i dTógáil, CPS Tiománaithe, sábh slabhrach, Feasacht ar Asbestos, Láimhseáil Láimhe agus oiliúnt Sheirbhísí Faoin Talamh.

Cumarsáid is Comhairleoireacht

Téann an Comhairle i gcumarsáid agus i gcomhairle le fostaithe ag úsáid na modhanna a leanas:

- Ullmhúchán Measúnaithe ar Rioscaí agus Nósanna Imeachta Oibriúcháin Caighdeánacha
- Tuarascálacha sábháilteachta míosúla;
- Ionadaithe sábháilteachta;
- Cruinnithe an Choiste Comhairligh Monatóireachta ar Shábháilteacht (i ngach roinn);
- Cruinnithe an Choiste Bainistíochta ar Shábháilteacht; agus
- Cruinnithe na Foirne Bainistíochta.

Eagraíodh Cruinnithe an Choiste Comhairligh Monatóireachta ar Shábháilteacht i ngach Stiúrthóireacht ar bhonn ráithiúil. Tá cathaoir ag Stiúrthóir i ngach Coiste, agus áirítear leis Ionadaithe Sábháilteachta, Bainisteoirí Líne agus Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta. Ceadaíonn an próiseas seo do cheisteanna sábháilteachta sonracha laistigh gach Stiúrthóireachta a bheith pléite. Is riachtanas dlíthiúil é an próiseas seo a chur i bhfeidhm chun déileáil le ceisteanna sláinte agus sábháilteachta agus deis a thabhairt d’ionadaithe sábháilteachta ceisteanna sábháilteachta a ardú thar ceann a gcomhoibrithe.

Eagraíodh Cruinnithe na Foirne Bainistíochta ceithre uair le linn na bliana chun déileáil le ceisteanna ardaithe ag Cruinnithe an Choiste Comhairligh Monatóireachta. Úsáidtear an cruinniú seo freisin chun measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht le reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta agus athbhreithniú a chur ar dhul chun cinn ar Chlár Bliantúil na nOibreacha. Úsáidtear an t-inlíon mar uirlis chumarsáide d’inneachar suas chun dáta ar an gCóras Bainistíochta Sábháilteachta.

Freastalaíonn Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta ar chruinniú na Foirne Bainistíochta gach mí agus soláthraíonn sé nuashonrú ar thimpistí agus eachtraí, ceisteanna oibriúcháin agus forbairtí náisiúnta i Sláinte agus Sábháilteacht.

Ullmhaítear an Tuarascáil Sábháilteachta gach mí ag Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta agus ciorclaítear é chuig gach fostaí. Is bealach éifeachtach é sin chun faisnéis ábhartha a thabhairt maidir le ábhair Sláinte agus Sábháilteachta do gach fostaí agus cuidíonn sé sin le forbairt cultúir dearfaigh sláinte agus sábháilteachta le gach fostaithe.

Conraitheoirí

Leanann Comhairle Contae Longfort le measúnuithe ar Chonraitheoirí a oibríonn thar a gceann i gcomhréir leis na Rialacháin Sláinte, Sábháilteachta agus Folláine san Obair (Tógáil) 2013. Críochnaíonn gach Conraitheoir Ceistneoir Sláinte agus Sábháilteachta agus déantar measúnú air sin ag Comhairle Contae Longfort chun a n-íniúlacht agus comhréireacht le riachtanais Sláinte agus Sábháilteachta a dheimhniú.

2018 - Básanna sa Láthair Oibre in Éirinn

Bhí 37 duine gortaithe go bás i dtimpistí oibre an bhliain seo caite. Fanann Comhairle Contae Longfort tiomanta go hiomlán chun sláinte agus sábháilteachta agus leanfaidh sé ag forbairt Córais Bainistíochta ar Shábháilteacht chun láthair oibre sábháilte a chinntiú dá fhostaithe go léir agus baill an phobail.

Dámhachtainí Sláinte agus Sábháilteachta 2018

In 2018, sheol Comhairle Contae Longfort aighneacht ar Dámhachtainí Sláinte agus Sábháilteachta na hÉireann (NISO). Bhuaigh an Comhairle Duais Údaráis Áitiúil is fearr, don cheithre bhliain as a chéile a bhuaigh Comhairle Contae Longfort ceann de phríomh-dhuaiseanna.



D'éagraigh NISO duaiseanna sábháilteachta le 27 bliain anuas agus d'éirigh na duaiseanna sin an-tábhachtach do gach comhlachtaí in Éirinn. An bhliain seo chláraigh os cionn 120 comhlachtaí leis na dámhachtainí lena n-áirítear Comhairlí eile. Chun páirt a ghlacadh sna dámhachtainí, bhí ar an gComhairle aighneacht faoi réir 11 cuid a dhéanamh agus fianaise a sholáthar ar chomhréireacht le gach cuid. Bhí ceithre chatagóir duaiseanna ann agus bhí an comhairle gearrliostaithe don príomh-chatagóir. Ní bheadh an duais sin indéanta gan tiomantas agus ionchur gach fostaíthe.

Clár Oibre Sláinte agus Sábháilteachta na Bliana - 2018

Glacann clár bliantúil 2018 san áireamh an tuarascáil bliantúil seo, timpistí agus eachtraí, iniúchtaí HSA, torthaí ó iniúchtaí sábháilteachta agus iniúchtaí, cruinnithe sábháilteachta, riachtanais dlí agus aon cháipéisí eisithe go náisiúnta chun curtha i bhfeidhm.

Tá sé leabharlann bhrairse ag Leabharlann Chontae Longfort: Longfort, Baile Uí Mhatháin, Meathas Troim, Gránard, Droim Lis agus Lanesboro. Spás luachmhar oscailte inrochtana do chách ár leabharlanna brainse agus úsáidtear iad níos mó mar mhoil pobail i gcomhair réimse leathan ócáidí pobail agus cultúrtha, m.s. Cruinnithe pobail, léitheoireacht, léachtaí, seoltaí leabhair, taispeántais, ceardlanna srl. Léirítear é sin inár staidrimh úsáide leabharlainne a thaispeánann gur bhail iad 20% de dhaonra Longfoirt, níos airde ná an meán náisiúnta ag 16% agus os cionn 23,000 cuairt taifeadta lenár leabharlanna in 2018, na figiúirí is airde cuairte taifeadta sa chontae.

Rinneadh go leor forbairtí tábhachtacha an bhliain seo -

- I mí Eanáir 2018 cuireadh ballraíocht na leabharlainne ar fáil ar feadh gach leabharlanna poiblí sa tír.
- Tá custaiméirí na seirbhíse leabharlainne i Longfort in ann aon earra a iarraidh ar líne anois nó trína mbrainse áitiúil leabharlainne ó aon chuid den chontae. Déantar iad sin a sheachadadh chuig a leabharlann bhrairse áitiúil laistigh 3 go dtí 5 lá oibre trí sheirbhís sheachadta náisiúnta nua.
- Seoladh straitéis leabharlainne poiblí nua **Ár Leabharlanna Poiblí 2022** ag Spreagadh, Nascadh agus Cumhachtú Pobal le linn na bliana ag leagan amach ár bhfíse do leabharlanna poiblí amach anseo.
- Tá an cárta ballraíochta leabharlainne uilíoch anois timpeall na hÉireann agus is féidir é a úsáid in aon cheann den 333 leabharlann brainse sa tír.

Leabharlanna Digiteach anois agus don Todhchaí

Bhain Seirbhís Leabharlainne Chontae Longfort leas as deontas cúnamh na Roinne Tuaithe agus Forbartha Pobail le tacaíocht mhaoinithe meaitseáilte ó Chomhairle Contae Longfort chun clár ICT a chur i bhfeidhm le uasghráduithe agus forbairtí. Is aidhm linn úsáid leabharlanna mar ionaid Foghlama Digitigh a uasmhéadú, ag tabhairt rochtana do chustaiméirí ar na teicneolaíochtaí is déanaí, agus ag tacú is ag spreagadh freisin dóibh sin nach bhfuil muinín nó eolas acu ar an teicneolaíocht.

Áirítear le eilimintí an uasghráduithe teicneolaíochta seo -

- Wifi feabhsaithe i ngach 6 bhrairse leabharlainne,
- Sraith breise gléasanna ICT lena n-áirítear Ríomhairí glúine agus Ipads chun tacú le foghlaim digiteach do chlár saoránaithe,
- Tacair fuaim-chomhdhála i Leabharlanna Longfoirt agus Ghránard chun tacú le gnó agus fostaíocht tríd an gClár Ábhair Oibre,
- Scáileáin taispeána digiteach i Leabharlanna Longfoirt, Baile Uí Mhatháin agus Lanesboro le bainistíocht ar inneachar chun tacú lenár gclár ócáide míosúla agus iad a chur chun cinn.

My Open Library

Lean an obair ar ullmhúchán Leabharlainne Bhaile Uí Mhatháin mar Leabharlann Oscailte le go leor uasghráduithe agus feabhsuithe ICT ag tarlú, lena n-áirítear suiteáil léitheoirí scanóra barrachóid, priontáil féin-sheirbhíse agus scanta, CCTV agus uasghráduithe slándála. Ofráilann My Open Library uaireanta oscailte sínte le rochtain ar Bhaill Open Library ó 8rn go dtí 10in, 7 lá sa tseachtain, 365 lá sa bhliain le uaireanta foirne rialta ag leanúint ar an scéideal uaireanta oscailte normálta chun seachadadh optamach seirbhíse a chinntiú. Táthar ag súil go mbeidh an tseirbhís nua seo ar oscailt go luath in 2019.

Leabharlainne Pobail Mheathas Troim

Cheannaigh Cumann Forbartha Dúiche Mheathas Troim (EDDA) suíomh athfhorbraíochta ar an bPríohshráid, go sonrach i gcomhair forála leabharlainne nua don phobal áitiúil. Tá Comhairle Contae Longfoirt ag obair i gcomhpháirtíocht leo chun leabharlann pobail úrnua úrscóthach a sheachadadh.

Bhronnadh faomhadh €1.25 milliún don tionscadal ag an Roinn Tuaithe agus Forbartha Pobail in 2017. Bhí €1.2 milliún eile bronnta an bhliain seo agus cuireadh aighneacht faoi réir chiste Athchóirithe Tuaithe freisin toisc go bhfuil an tionscadal seo mar chuid de phlean ginearálta Chomhairle Contae Longfoirt i gcomhair athchóirithe an bhaile. Tá an próiseas tairisceana ar siúl agus táthar ag súil le n-é a thabhairt go Céim 4 Tógála in 2019 le faomhadh na roinne.



Clár Leabharlaine Brainse

Is meon le Leabharlann Chontae Longfort don seirbhís leabharlaine ‘spás fáiltiúil do chách’ a dhéanamh as ár leabharlanna. Coinníonn an tseirbhís leabharlaine clár leanúnach chun tacú le forbairt léitheora, inniúlacht agus foghlaim do dhaoine fásta agus páistí. Tríd an gclár seo, bhí os cionn 200 ócáid rite i leabharlanna bhrainse timpeall an chontae an bhliain seo. Bhí na ócáidí sin curtha chun cinn ar shuíomh gréasáin na leabharlaine, sna meáin sóisialta, sa phreas agus raidió áitiúil. Tá gach aon chlár leabharlaine brainse saincheaptha chun cloí le riachtanais an phobail áitiúil.

Leanann an tseirbhís leabharlaine freisin ag cothú naisc chomhpháirtíochta le soláthraithe seirbhíse reachtúla agus pobail agus gníomhaireachtaí eile, lena n-áirítear: scoileanna áitiúla, Women’s Link Longfoirt (LWL); Comhairle na nDaoine níos Sine Longfoirt, ETB Iarmhí Longfoirt, Cumann Meabhairshláinte Longfoirt, Gardaí Pobail; HSE, agus grúpaí pobail áitiúla.

Clár Náisiúnta Straitéiseacha seachadta ag Leabharlann Chontae Longfoirt

Ceart chun Léitheoireachta: Bunaíodh grúpa oibre comhoibríoch idirghníomhaireachta mar aon le plean gníomhartha bliantúil curtha i bhfeidhm, lena n-áirítear clár amhail Spring into Storytime, Summer Stars Annual Children’s Book Festival, cuairteanna údair, promóisín leabhair srl. Le linn an chláir léitheoireachta Summer Stars, léigh páistí a chláraigh don chlár 8,019 leabhar agus searmanas duais i leabharlanna bhrainse ar fud mhí Mheán Fómhair. Bhí comórtas grianghrafadóireachta *Love Longford* rite tríd an samhradh, ina roghnaigh páistí a n-áit is fearr sa chontae agus rinneadh Féilire le obair na bPáistí ag deireadh na bliana.

Éire na Sláinte i do Leabharlann: Is clár náisiúnta um fhaisnéisiú/feasachta ag cur chun cinn sláinte agus folláine i ngach pobal. Bhí rogha leabhair, faisnéise sláinte ar líne, agus sraith chur i láthair agus ceardlanna ar go leor ábhair a bhain le gach gné shláinte agus folláine rite i leabharlanna bhrainse ar feadh na bliana.

Bhí freastal an-mhaith ar na ócáidí sin leis na hábhair is mó tóir orthu ag baint le meabhairshláinte agus cothú. Bhí clinicí soghluaiste tugtha saor in aisce ag Foras Croí na hÉireann faoi go leor éilimh freisin.

Ábhair Oibre: Tugann an clár seo tacaíocht do dhaoine ag lorg fostaíochta nó gnónna beaga ag forbairt. Is iad príomh-eilimintí an chláir seo iad stoc leabhair agus acmhainní ar líne chun tacú le fostaíocht, leathanbhanda, wifi, príontáil, scanadh agus áiseanna fótachóipe, ócáidí agus cláreagrú. Ritear an clár i gcomhpháirtíocht le LEO, Comhlachas Tráchtála, EDI, Women’s Link Longfoirt agus Center Parcs. An bhliain seo go háirithe, d’óstáil Center Parcs cruinnithe faisnéise agus 4 lá earcaíochta i leabharlann Pobail Bhaile Uí Mhatháin.

Foireann

Rinneadh dul chun cinn ar Phlean Fhórsa Saothair na Leabharlaine, a chinnteoidh struchtúr foirne níos fearr don seirbhís agus níos mó deiseanna chun seirbhísí reatha a fhorbairt agus cur chuige nuálaíoch a chur i bhfeidhm le seachadadh seirbhíse. Fuair plean fhórsa saothair foirne nua faomhadh ag an bhFoireann Bainistíochta agus seolfar é i gcomhair faofa chuig an Roinn ag tús 2019.

Aithníonn an Comhairle an chomhoibríocht, solúbthacht agus tiomantas atá ag an bhfoireann seirbhíse leabharlaine chun úsáid na seirbhíse a mhéadú agus cinntiú go bhfanann pointí seirbhíse oscailte ar feadh na bliana, d’ainneoin ganntanais foirne.

Clár Éire Cruthaitheach

Is clár bunaithe ar chultúr é Éire Cruthaitheach deartha chun folláine aonair, pobail agus náisiúnta a chur chun cinn. An príomh-thairiscint leis ná go dtiomáinfidh rannpháirtíocht i ngníomhaíocht chultúrtha cruthaitheacht phearsanta agus ghrúpa, le impleachtaí suntasacha don folláine aonair agus sochaí, mar aon le éachtaí. Ag rith ó 2017 go dtí 2022, tá an clár seo ag críochnú anois an dara bhliana i Longfort, thug Éire Cruthaitheach 112,500 euro chun rannpháirtíocht níos mó a mhealladh ag leibhéal pobail áitiúil le gach gnéithe cruthaitheachta agus ár n-oidhreacht chultúrtha. Tá Foireann Chultúir comhdhéanta le ionadaithe ó phríomh-chodanna den údarás áitiúil lena n-áirítear Fiontar, Pobal, Oidhreacht, Cartlanna, Oideachas comhordaithe ag Leabharlannaí an Chontae agus faoi stiúir Stiúrthóra Seirbhísí Barbara Heslin. Tugadh seoladh náisiúnta don Phlean 5 bhliana Cultúr agus Cruthaitheachta don Chontae ag Taoiseach Leo Varadkar ar an 12ú Mheán Fómhair.

Buaicphointí an Chláir



Údar John Connell ag labhairt ag seoladh ‘The Cow Book’ i Leabharlann Longfoirt

I mí Bealtaine 2018, rinneamar **Féile Leabharlaine Edgeworth** a cheiliúradh mar aon le 250ú chomóradh ar bhreith scríbhneora iomráitigh, Maria Edgeworth. Mhaoinigh Éire Cruthaitheach **'Maria in Mind'**, píosa dráma a dhéanann ceiliúradh ar shaol agus saothar Maria Edgeworth - bhí sé scríofa agus stiúrtha ag stiúrthóir na hamharclainne, Johnny Hanrahan. Bhí cóiriú speisialta **'Castle Rackrent'** le clár mór aisteoirí áitiúla ar siúil agus díolta amach thar trí oíche ag Amharclann Backstage i mí na Samhna 2018.

Áirítear le ceiliúradh breithe Maria freisin **forlíonadh nuachtáin** Irish Independent maoinithe ag Comhairle Contae Longfoirt i gcomhpháirtíocht le cumann Edgeworth agus tugtha saor in aisce leis an Irish Independent.

Rinneamar ceiliúradh an bhliain seo leis an dara **Chruinniú Pádraic Colum** an-rathúil i mí Mheán Fómhair. Ócáid trí lá a bhí ann ag féachaint ar shaol agus saothar ceann de scríbhneoirí is iomráití Longfoirt agus san áireamh leis bhí **Comórtas Filíochta Chruinniú Tionscnaimh Phádraic Colum** a fuair beagnach 100 aighneacht ó thimpeall na cruinne, i gcatagóir fásta agus óg araon.

Rinne Grúpa Scríbhneoirí Longfoirt ceithre thionscadal i gcomhoibríocht le Éire Cruthaitheach. Bhí na tionscadaíl sin ina novella dar teideal **'Let Him Lie'**, ceardlann lae i gceapadóireacht agus léiriú drámaí, taispeántas filíochta agus grianghraif dar teideal **'A Place for Poetry'**, agus comórtas litríochta na bpáistí eagraithe mar chuid d'Fhéile Ealaíne Aisling na bPáistí.

Cuirtear páistí agus daoine óga in áit tosaíochta ag an gclár le ceardlanna códaithe seachtainiúla rite i ngach leabharlann bhraíne ar fud an chontae, scríbhneoireacht chruthaíoch, ealaíon, dráma, agus scéalaíocht i scoileanna agus leabharlanna agus go leor ócáidí speisialta, go háirithe an chéad **Chruinniú na nÓg** náisiúnta sa 23ú Mheithimh 2018. Eagraíodh dhá ócáid is ficht timpeall an chontae lena n-áirítear lá leis na síoga san Ionad Oidhreachta agus Cruthaitheachta Ardach, a bhí mar chuid d'fheachtas poiblíochta náisiúnta.



Lá Cruthaitheachta do Pháistí Chruinniú na nÓg

An bhliain seo freisin, bhí athbheochan ar **Fhéile Cláirsí Ghránaire**, an féile cláirsí is sine in Éirinn le clár trí lá ócáidí ag ceiliúradh an cheoil cláirsí traidisiúnta is fearr na hÉireann. Bhí an féile seo eagraithe i gcomhpháirtíocht le Brainse John Dungan le **Comhaltas Ceoltóirí Éireann** agus san áireamh leis bhí ceardlanna ceoil agus amhránaíochta, léachtaí, buscáil traidisiúnta, ceolchoirmeanna, lá an Mhargaidh agus a lán eile.

Bhí an chéad **TedX Longfoirt** (Changemakers) seolta freisin an bhliain seo le 6 chainteoirí ag plé réimse ábhair le lucht éisteachta lán spéise in Amharclann Backstage.

Bhí léirithe ag **Donlon International Dance Company** ón nGearmáin faoi stiúir bhailéiríne Longfoirt Marguerite Donlon a mhúscaíl suim na lucht féachana le 'Heroes', dearcadh ar eispéireas bhean Longfoirt ar an Titanic, agus píosa nua-aoiseach dár teideal 'To the Moon and Back'.



Féile Cláirsí Ghránaire 2018 ag Leabharlann Pobail Ghránaire

Bhí an bhliain is fearr ag **Still Voices International Film Festival** i mBaile Uí Mhatháin, le os cionn 500 scannán seolta ó 53 tír, sin ardú 60% ó 2017. Bhí figiúirí freastail arda freisin do na taispeántais scannáin, cur i láthair agus gnéithe a tharla thar cúrsa féile ceithre lá le catagóir speisialta do scannánóirí Láir na Tíre.

Deich mBliana Ceiliúradh: An bhliain seo an chéad bhliain ar an nDeich mBliana Ceiliúradh, le go leor ócáidí seachadta lena n-áirítear sraith léachtaí i gcomhpháirtíocht le Cumann Stairiúil Longfoirt agus taispeántais ar **'Longford Women in Public Life'** agus **'World War 1'**, agus Cuimhneachán Sosa Cogaidh.

Tá buíochas tuillte ag an bhFoireann Chultúir curtha le chéile ag Comhairle Contae Longfoirt chun an tionscnaíocht iontach seo a sheachadadh a bheidh ag rith ar feadh an chéad trí bhliana eile.

Léacht Cuimhneacháin Shíocháin Albert Reynolds

Bhí áthar ar Chomhairle Contae Longfoirt Léacht Cuimhneacháin Shíocháin Albert Reynolds san Amharclann Backstage, Longfort. Is mór an onóir dúinn gur ghlac Rt Hon Sir John Major KG, CH iar-Chéad Aire UK, lenár gcuireadh le bheith mar léachtóir cuairte ag an ócáid tionscnaimh seo ag ceiliúradh Albert Reynolds an Polaiteoir, Státaire agus Eadránaí. D'éirigh go hiontach leis an ócáid le lucht féachana lán suime ag Amharclann Backstage agus ar líne aron, trí Facebook Live.

Thug Philip Reynolds, mac iar-Thaoiseach Albert Reynolds, píosa ealaíne álainn dara phortaigh le ealaíontóir Michael Casey, thar ceann teaghlaigh Reynolds, don Rt Hon Sir John Major KG CH, ag Léacht Cuimhneacháin Síocháin Albert Reynolds. Thug Philip Reynolds, mac an iar-Thaoisigh Albert Reynolds, ómós paiseanta ag Léacht Cuimhneacháin Albert Reynolds.



Straitéis Aoisbháúil Chontae Longfoirt

Clár Aoisbháúil: Tá dul chun cinn ar an obair ar go leor gníomhartha sa Straitéis Aoisbháúil le béim láidir ar ionchuimsiú sóisialta. Fuair beirt bhall Cumainn Aoisbháúil Longfoirt chun labhairt ar an gclár Ambasadóra um Chosc ar Choireacht Longfoirt ag an seoladh náisiúnta Tuarascála ar Tháscairí Áitiúla um Dhul in Aois Dearfach agus Folláin ag an Aire Daoine níos Sine Jim Daly. Thug Sgt. Lionel Mullally agus Kitty Hughes cuntas sármaith ar an gclár píolóta a bhfuil suim ag go leor tíortha a dhéanamh chomh maith anois.

Áirítear le príomh-éachtaí na bliana seo:

- Iniúchadh Insiúltachta ar Bhaile Longfoirt.
- Bhí an Clár Ambasadóirí um Chosc ar Choireacht ainmnithe do Dhámhachtainí Aitheantais agus Éachtaí Aoisbháúla Náisiúnta agus ag an searmanas i Muineachán ar an 11ú Aibreán bhuaigh sé Buaitéir Náisiúnta le Sábháilteacht Aoisbháúil na hÉireann agus Duais Slándála.
- Fuair Cathaoirleach Chomhairle Daoine níos Sine Longfoirt (OPC) cuireadh chun labhairt leis an gcoiste maidir le póilíníú i mBaile Uí Mhatháin i mí na Samhna, le freastal ó Choimisinéar an Gharda Drew Harris.
- Sheoladh leabhrán Faisnéise ar Sheirbhísí Áitiúla a chuireann béim ar phríomh-sheirbhísí do dhaoine níos sine agus bhí sé athdhéanta ag OPCanna eile lena n-áirítear ceann i mBéal Feirste.
- Bhí féile eagraithe ar fud an chontae i mí Bealtaine le téama *Be my Guest* le os cionn 500 duine ag glacadh páirt in ócáidí.
- Ar an 9ú Bhealtaine labhair Cathaoirleach OPC Longfoirt le Comhairle Contae Longfoirt á moladh as obair agus aidhmeanna OPC.
- Bhí go leor clár Inniúlachta Digitigh agus Sláinte is Folláine rite ar feadh na bliana
- Ag seoladh suirbhé HaPAI (Tionscnaíocht Sláinte agus Dhul in Aois Dearfaigh) ag an Aire Jim Daly i mBaile Átha Cliath ar an 20ú Mheithimh 2018, fuair Kitty Hughes agus Sgt. Lionel Mullally cuireadh chun labhairt ag an gcuinníú sin maidir le slándáil agus obair OPC Longfoirt. Bhí Sgt Mullally luaite go speisialta ag an Aire i gcomair Clár um Chosc ar Choireacht i Longfort.
- Scéim iompair poiblí: bhí go leor iarratais agus feabhsuithe ar sheirbhís iompair poiblí seolta ar aghaidh lena n-áirítear rochtain ar Bhusanna, amchláir, céimeanna arda agus rochtain ar chathaoir rothaí.



Seoladh Leabhrán Faisnéise Aoisbháúil le foireann agus baill choiste Chomhairle na nDaoine níos Sine Longfoirt



Cur i Láthair Dhámhachtainí Aoisbháúla Náisiúnta i Muineachán

- Mar chuid de Sheachtain Dhul in Aois Dearfaigh bhí Lá Faisnéise le gach soláthraí seirbhíse tábhachtacha eagraithe, le 120 ag freastal in Longfort Arms Hotel. An bhliain seo an béim a bhí aige ná Sláinte agus Folláine agus ba í léachtóir eochairléachta í Anne Griffin, le Seirbhís Tathanta Sage.

Cúpláil Baile

20 bliain cúplála Bhaile Longfoirt: Eagraíodh an fichiú chomóradh ar chúpláil bhaile Longfoirt le Noyal Chatillon sur-Seiche i Longfort, Lá Fhéile Pádraic, le toscaireacht 28 duine ó Noyal ag glacadh páirt sa pharáid Longfoirt agus ag tabhairt cuairt ar scoileanna áitiúla thar chuairte trí lá. Ar an ndeireadh seachtaine 14ú Mheithimh, d'fhreastal toscaireacht 26 duine ag léiriú gnéithe difriúla saoil Longfoirt lena n-áirítear 8 dár gceoltóirí traidisiúnta óga is fearr ar fhéile Ceilteach in Noyal. Ar deireadh, thug Méara Noyal dealbh do mhuintir Longfoirt in ómós ar an gcairdeas agus ar an gcúpláil idir an dá bhaile i mí na Nollag nuair a tháinig sé le Méara Longfoirt chun soilse na Nollag a chasadh air. Ardaíodh an dealbh sa Ghairdín Cuimhneacháin agus tá píosa cosúil leis ardaithe in Noyal.



Taispeántas deilbhe bronnta ag Méara Noyal Chatillon sur-Seiche in ómós ar an 20ú comóradh ar an gcúpláil, i nGairdín Cuimhneacháin Longfoirt

SEIRBHÍS CHARTLAINNE AN CHONTAE

Bhí bliain gnóthach eile ag an Seirbhís Chartlainne le gníomhaíochtaí, lena n-áirítear tionscadail móra i ndigitiú do thionscadail áirithe i mbainistíocht taifid. Bhí sé bainteach freisin le ócáidí phoiblí agus for-rochtain.

Bainistíocht ar Chartlann

Micreascannánú/digitiú

An chéad chéim le micreascannánú agus digitiú ar na leabhair miontuairisce le Granard Poor Law Union críochnaithe, ag baint le 43 eagrán.

Bhí na earraí a leanas digitithe freisin: leabhair lámhscríbhíne County Longfort Grand Jury 1759-1907; taifid adhlactha Mhóta Uí Fhearail agus Ardach; Longford Militia Book, 1793-1855; agus leabhar cíosa Dhromaí/Chaonach Mór/Carriglass (1822-43).

Taiscí

Bhí na comhaid a leanas curtha i dtaisce:

- Páipéir teaghlaigh MacHugh, baile Longfoirt, tús na 1900idí
- Páipéir George Montgomery, Longfort, aturnae, tús na 1900idí
- Leabhair nótaí teaghlaigh Reynolds, Dromainn an Chriathair, Gránard, c. 1870-1930idí
- Grianghraif ó Frances Forster, Béal Átha na Lao, c. 1870-C. 1920
- Dhá leabhar nótaí ón teaghlach Peyton, Droim Lis, tús na 1900idí
- Páipéir teaghlaigh Forbes, 1898-1920
- Leabhar miontuairiscí, Irish Unionist Alliance, Longfort, 1913-18
- Leabhar nótaí Joseph Smyth, Baile Uí Mhatháin, tús na 1900idí
- DVD thuras Albert Reynolds ar Longfort i ndiaidh a thoghcháin mar Thaoiseach, 1992
- Achomaireachtaí ar chuntais, Comhairle Bhaile Ghránaird, 1970idí
- Páipéir Patrick Greene NT
- Caiteachais, Aontas Díl na mBocht Bhaile Uí Mhatháin, 1890-1920

Bainistíocht ar thaifid

Bhí dul chun cinn ar an obair ar thaifid i go leor ranna -

Acmhainní Daonna: polasaí maidir le coinneáil comhaid earcaíochta dréachtaithe. Is beart sealadach é sin, agus teastaíonn faomhadh ó Pholasaí um Choinneáil Náisiúnta athbhreithnithe do Thaifid an Údaráis Áitiúil, a bheidh ag déileáil leis an suíomh go hiomlán. Aithníodh comhaid freisin i gcomhair diúscartha.

Tithíocht: Chas an Cartlannaí le foireann sinsearach sa roinn roimh aistrithe chun coimeád taifid a phlé. Aithníodh agus rinneadh scríosadh ar chomhaid roimh aistrithe na roinne go dtí Cearnóg an Mhargaidh.

Airgeadas: Chuaigh an Cartlannaí trí thaifid san oifig Iníúchta Inmheánaigh sular aistrigh sé agus sular thug sé údarú chun diúscartha na n-earraí. Aithníodh comhaid freisin i gcomhair diúscartha in Ardoifig Deontais Oideachais.

Comhairle Bhaile Longfoirt: Chríochnaigh an Cartlannaí an chéad chéim den obair ar chomhaid chomhairle an bhaile lena n-áirítear cuidiú le diúscairt na dtaifead ainmnithe chun scriosta agus cuidiú le aistriú na dtaifead ó oifigí go dtí an stóras.

Ceisteanna ón fhoireann: Dhéileáil an Cartlannaí le go leor ceisteanna ón fhoireann maidir le coinneáil taifid agus rinne sé cuardaigh i gcomhair taifid.

For-rochtain

- Cur i láthair ar 'Thaighde ar stair do theaghlaigh' le Grúpa Scoir Gníomhaigh Longfoirt ar an 15ú Feabhra.
- Taispeántas in ómós ar chéad fothoghcháin Longfoirt, 1917, agus cur i láthair ag an oscailt ar an 24ú Bhealtaine.
- Turais siúil timpeall bhaile Longfoirt, le ranganna idirbhliana, Meánscoil Mhuire ar an 13ú agus 26ú Mheán Fómhair.
- Cur i láthair ar 'Longfort 1917-23' do ranganna staire an Ardeist i Meánscoil Mercy, Baile Uí Mhatháin ar an 11ú Dheireadh Fómhair.
- Cur i láthair maidir le cartlanna do gach rang 1ú bhliana i Scoil Pobail Maighne ar an 23ú Dheireadh Fómhair.
- 'Explore Your Archives Week': iarnóin oscailte ar an 22ú Samhna ina chonaic baill an phobail rogha cartlanna i HQ Leabharlainne an Chontae.

Ceiliúradh agus ócáidí

- Comóradh Chéad Chogadh Domhanda Charraig Éamainn, a bhain le tionscadal le haghaidh meánscoileanna agus nochtadh cloiche do na marbh ar an 11ú Mheithimh (lena n-áirítear cur i láthair ag an ócáid).
- Seoladh Tionscadail Reilige Stairiúla St Paul an Leasa Bhric ar an 17ú Mheithimh.
- Cur i láthair ag Comóradh Thomas Ashe, Baile Nua an Chaisil, 13ú Iúil.
- Turas siúil ar Bhaile Uí Mhatháin ar an 14ú Iúil mar chuid den chlár Fleadh Cheoil Laignin.
- Cruinniú Pádraic Colum, 8ú go dtí 9ú Mheán Fómhair, lena n-áirítear cur i láthair ag Ionad Cúraim St Joseph.
- Cur i láthair i rith nochtadh plaice i Reilig Ardach ar an 13ú Dheireadh Fómhair.
- Dréachtú ar fhoclaíocht ar bhoird faisnéise/plaiceanna i gcomhair sráidbhaile an Liagáin, Great Water Street.

Ballraíocht Choistí/Ghrúpaí

Is ball leis an bhFoireann Cultúir é an Cartlannaí, ag déanamh maoirseachta ar an gClár Éire Cruthaitheach. Ba é an Cartlannaí ceann de threoraithe an turais contae in ómós ar Chruinniú na Cásca, 17ú Aibreán agus éascaitheoir le linn 'Lá na Samhlaíochta', 14ú Mheithimh.

Tá an Cartlannaí mar bhall freisin leis an nGrúpa Áitiúil URBACAT, atá ag obair ar an Tionscadal MAPS maidir le athúsáid Bheairic Uí Chonghaile, agus lena fochoiste atá ag forbairt turais siúil ar bhaile Longfoirt

OIFIG OIDHREACHTA LONGFORT

Is socrúchán compháirtíochta é an Clár Oifig Oidhreachta idir Chomhairle Oidhreachta agus Comhairle Contae Longfoirt.

Lean Oifig Oidhreachta Chontae Longfort a chlár oibreacha in 2018, chun aidhmeanna Oifige Oidhreachta Chontae Longfoirt a thabhairt chun cinn agus chun ár bhfeasacht agus eolas ar stoc oidhreachta éagsúil Longfoirt a mhéadú, mar aon le bagairtí féideartha dá mhaireachtáil fadtéarmach. Áirítear leo sin:

Comóradh Longfoirt agus Cogadh Mór 1914 - 2014: Meiriceánaigh agus Sos Cogaidh

Clár 4-bhliana is ea Comóradh ar an gCogadh Mór chun an Chéad Chogadh Domhanda a chomóradh mar aon lena thionchar ar Chontae Longfort, le bunachar sonraí ar líne ina gcróilár le saighdiúirí WW1, foilsithe ar www.longfordatwar.ie, maoinithe ag an gComhairle Oidhreachta faoi réir Scéime Phlean Oidhreachta an Chontae.

Bliain tábhachtach ab ea 2018 i gcomóradh an Chogaidh Mhóir agus ar a thionchar áitiúil, le go leor príomh-ócáidí á gceiliúradh. Áirítear leis sin bá an R.M.S. Laighean agus marcáil an 100ú chomórtha ar an Sos Cogaidh dé Domhnaigh an 11ú Samhna,

Bhí súil ag daoine go mbeadh taighde críochnaithe ar gach marbh ó Chogadh Mór Longfoirt roimh Shamhain 2018, ach bhí an taighde ar shaighdiúirí na Stát Aontaithe níos casta ná a cheapadh ar dtús, i ngeall ar easpa acmhainní taifeadta an airm lárnaithe. Leis sin, tháinig a thuilleadh foinsí ar an sruth in 2018,



Longfort agus an Cogadh Mór Taispeántas ar an sos cogaidh, Céad na Sosa Cogaidh 2018, Temperance Hall

agus theastaigh a thuilleadh taighde. Beidh sé sin, áfach, críochnaithe go bunúsach sa chéad cheathrú de 2019 agus déanfar pleananna chun na ainmneacha aitheanta go poiblí a thaifead lenár marbh sa Chogadh Mór.

Bhí an tionscadal seo maoinithe go páirteach ag an gComhairle Oidhreachta agus is gníomh é faoi réir Phlean Oidhreachta Chontae Longfoirt.

Tionscadal Taighde ar Bheairic Uí Chonghaile

In 2018, rinne an Oifig Oidhreachta iarracht taighde stairiúil níos doimhne a dhéanamh ar an gcoimpléasc Bheairic Sheáin Uí Chonghaile, chun tuiscint níos fearr a bhaint as forbairt an choimpléisc agus faisnéis a thabhairt d'athruithe agus forbairtí. Taighde príomha ar phríomh-bhailiúcháin, lena n-áirítear Cartlann Ailtireachta na hÉireann agus Cartlanna Náisiúnta na Breataine a léirigh faisnéis fíor-spéisiúil, go háirithe léarscáil anaithnid roimhe seo bhaile Longfoirt, dátaithe 1806 agus cóip é féin ar léarscáil níos sine fiú. Léiríonn sé sin praiseach in oifigí a bhí leis an marcshlua (Príomh-Bhloc) i gcomhthéacs bheairic airtléire ag an am agus sa bhaile. Is é seo an chéad



Éifeachtaí Sophia Violet Barrett, ag an gcomóradh chéid RMS Laighin, Leabharlann Longfoirt

phlean a thaispeánann na beairic roimh a fháladh. Rinneadh taighde agus anailís ag Dr. Rory Sherlock, seandalaí agus saineolaí i bhfoirgnimh stairiúla, agus beartaítear go ndéanfar obair geofisiceach in 2019, más indéanta.

Bhí an tionscadal seo maoinithe go páirteach ag an gComhairle Oidhreachta agus is gníomh é faoi réir Phlean Oidhreachta Chontae Longfoirt.

Oiliúint Taifeadta Reilige – Píolóta

Ag obair i gcomhpháirtíocht le Cartlannaí Chontae Longfoirt agus paróiste Chluain Brónaigh, rinne an Oifig Oidhreachta tionscadal taifeadta reilige píolóta le John Tierney le Uaigheanna Stairiúla na hÉireann (Seandalaíocht Eachtra). Bhí na reiligí St John agus St Emer, Móta Uí Fhearail agus St James's Chluain Brónaigh taifeadta thar trí dheireadh seachtaine, ag saorálaithe áitiúla faoi threoraíocht John Tierney. Bhí na reiligí léarscálaithe, uimhreacha tugtha do mharcóirí aonair, agus na grianghraif uaslódáilte le historicgraves.com. Is féidir Béal Átha na Lao a chuardach, ach teastaíonn a thuilleadh oibre deonaigh chun tras-scríbhinn a dhéanamh ar an bhfaisnéis ar na clocha chinn chun iad a chríochnú go hiomlán.

Bhí an tionscadal seo maoinithe go páirteach ag an gComhairle Oidhreachta agus is gníomh é faoi réir Phlean Oidhreachta Chontae Longfoirt.



Saorálaithe ag taifead reilige Mhóta Uí Fhearail, mar chuid de Phiolóta Oiliúna Taifeadta Reilige

Clár Feasachta ar Bhitheagsúlacht 2018

Bhí dul chun cinn ar an gclár seo in 2017, le tacaíocht faoi réir Chiste Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Náisiúnta. In 2018 rinneadh an tionscadal comhoibríoch idir Comhairle Contae Longfoirt (Dúiche Bhardais Bhaile Uí Mhatháin, Oifig Oidhreachta agus Oifigeach Feasachta Comhshaoil) agus Coiste Fhéile Litríochta Goldsmith agus Comhaontas Comhshaoil Longfoirt ag suíomh bhaile óige Oliver Goldsmith. Rinneadh oibreacha phraicticiúla chun go mbeadh an suíomh níos báula ar phailneoirí: laghdú ar líon na gcrann cufróige neamh-dhúchasacha agus feabhas ar phlandáil speicis dúchasacha, agus ath-uisciú go páirteach ar an linn. Bhí an suíomh seo roghnaithe de réir is a d'eagair Goldsmith tréimhseachán darb ainm The Bee. Rinneadh oibreacha eile chun rochtain a fheabhsú ar an suíomh ag Comhairle Contae Longfoirt.

Chomh maith leis, mar chuid den chlár seo, eagraíodh ceardlanna oiliúna ag Comhaontas Comhshaoil Longfoirt, chun treoraíocht a thabhairt do ghrúpaí pobail, Baile Slachtmhara agus Scéim Sóisialta Tuaithe maidir le plandáil agus feabhsuithe a chur chun cuidiú le bithéagsúlacht agus pailneoirí. Leanfaidh an obair sin ar aghaidh in 2019.

Seachtain Oidhreachta 2018

In 2018 bhí leanúint leis an gclár Seachtaine Oidhreachta i Co. Longfort, eagraithe idir 16 agus 28 Lúnasa. Go náisiúnta, bhí os cionn 2000 ócáid eagraithe, a mheall 450,000 cuairteoir. I Co. Longfort, bhí réimse ócáidí ar fud an chontae lena n-áirítear taispeántais, siúlóidí, cur i láthair, agus laethanta teaghlaigh. Áirítear le buaicphointí na seachtaine ócáid Bhealach Irish Cobs & Traveller Way ag Devine Equestrian, toradh le tionscadal ag an Tionscadal Sláinte Taisteálaithe LCRL. Mheall an ócáid Taisteálaithe na hÉireann ó thimpeall na tíre, chomh maith le cuairteoirí eile lena n-áirítear ceann ó Kentucky a chuaigh ar turas speisialta go dtí Co. Longfort chun freastal ann. I gcomhair an 100ú chomóradaigh ar chearta vótála na mban, rinneadh taispeántas speisialta agus cur i láthair ag Leabharlann Bhaile Uí Mhatháin, agus cuireadh béim ar na hÉireannaigh in US Army in WW1 san eagrán deiridh den sraith taispeántais Longfoirt agus an Cogadh Mór, agus iarnóin le scéalta, filíocht agus amhránaíocht le David Leahy, Sr Rose Moran, Larry Mitchell, Noel Carberry agus Cór Eaglaise Longford Voices United. Rinneadh ceiliúradh freisin ar ár n-oidhreacht cheoil le ócáidí ag Cumann Ceoil Chonmhaicne sa Ghránard agus Cruinniú na Píobairí ag Ionad Cuairteoirí Corlea Trackway.



Éire Cruthaitheach - Longfort

Lean an Oifigeach Oidhreachta ag obair mar chuid d'fhoireann Éire Cruthaitheach - Longfort, chun seachadadh ar aidhmeanna agus ócáidí na bliana agus chuidigh sé le grúpaí pobail agus eagraíochtaí oidhreachta i Longfort chun a n-ócáidí agus tionscadail féin a dhéanamh.

URBACT - Sócmhainní Mhíleata mar Spáis Poiblí

Bhí áthar ar an Oifig Oidhreachta a bheith mar chuid de Shócmhainní Mhíleata mar Spáis Poiblí URBCAT tiománaithe ag Comhairle Chontae Longfoirt (MAPS), a chríochnaigh i mí Feabhra 2018 le torthaí foilsithe ag deireadh an tSamhraidh sin. D'fhan an tOifigeach Oidhreachta ar an nGrúpa Áitiúil mar an gcéad chuid eile in athchóiriú ar rud a nglaoitear anois tosaigh Camlin Quarter.

Deontais Caomhnaithe

Thug an Oifig Oidhreachta riarachán ar dhá dheontas caomhnaithe thar ceann Roinne Ealaíne, Oidhreachta agus Gaeltachta, níos déanaí sa Roinn Ealaíne, Oidhreachta, Réigiúnach, Tuaithe agus Gnóthaí Gaeltachta: Scéim Infheistíochta in Oidhreachta Thógtha 2018 (BHIS 2018) agus Ciste Struchtúir faoi Riosca (SRF) 2018.

Le linn BHIS 2018 fuair sé struchtúr tacaíocht, le meascán teaghlaigh, talmhaíochta agus reiligiúnach. Ghin an deontas seo 268 lá oibre, agus os cionn €41,000 infheistíochta phríobháideach i struchtúir cosanta Longfoirt.

Thacaigh SRF 2018 le dhá struchtúr i Co. Longfort, lena n-áirítear bealach isteach Porter's Lodge iomráiteach go dtí Carriglass Demense, deartha ag ailtire James Gardon. Fuair teach ticéid na Canálach Ríoga tacaíocht freisin ag Cluain Dá Ráth agus Eaglais na hÉireann St. Catherine, Baile Mhic Cormaic. Fuair an trí thionscadal infheistíocht €79,000 ina dtoghcháil, agus beagnach 130 lá oibre caomhnaithe oilte cruthaithe.

Tionscadail Oidhreachta Comhoibríochta Eile

Chun feasacht a ardú tuilleadh ar oidhreachtaí laistigh Chontae Longfoirt, rinne an Oifig Oidhreachta a leanas:

- Treoraíocht agus comhairle a thabhairt ar ábhair oidhreachta d'fhostaithe an Údarás Áitiúil agus ranna.
- Tacaíocht agus comhairle a thabhairt do dhaoine príobháideacha, grúpaí oidhreachta áitiúla agus pobail i gcúraim agus caomhnú a n-oidhreachta.
- Tacaíocht leanúnach do Chuid Pleanála agus d'úinéirí agus áitritheoirí foirgnimh stairiúla agus struchtúir cosanta agus measúnú ar iarratais pleanála ábhartha.
- Cuntais a Choinneáil sna Meáin Sóisialta chun oidhreachta Longfoirt a chur chun cinn is a thabhairt ar aghaidh, lena n-áirítear forbairt ar chuntas coiteann Twitter le oifig na gCartlann.
- Tacú leis an Táin Mháirta 2018.
- Tacaíocht leanúnach a thabhairt do bhranda turasoireachta *Croíthailte Folaithe na hÉireann* le Fáilte Ireland, lena n-áirítear rannpháirtíocht ina gclár oiliúna.
- Cuidiú le forlíonadh Irish Independent ar Maria Edgeworth agus Oidhreachta Leabharlainne Longfoirt.

Tuarascáil Staidrimh Bliantúil Leabharlainne Chomhairle Contae Longfoirt 2018

Uimh. Cuairteanna sa Leabharlann

Brainse Leabharlainne	Ean-Már	Aib-Mei	Iúl-MF	DF-Nol	lomlán 2018	lomlán 2017
Baile Uí Mhatháin	5,539	7,220	5,935	6,174	24,868	36,173
Droim Lis	1,005	1,212	1,193	1,030	4,440	4,059
Meathas Troim	380	497	364	343	1,584	2176
Gránard	4,170	4,106	4,455	4,042	16,773	17474
Lanesboro	3,769	5,076	5,544	5,601	19,990	16,500
Longfort	35,954	42,068	41,470	45,381	164,873	150,721
Uimh. lomlán Cuairteanna sa Leabharlann	50,817	60,179	58,961	62,571	232,528	227,103

Uimh. Bail Cláraithe

Brainse Leabharlainne	lomlán 2018	lomlán 2017
Baile Uí Mhatháin	1,070	1,227
Droim Lis	328	315
Meathas Troim	206	278
Gránard	836	900
Lanesboro	830	550
Longfort	4,569	4,328
Ballraíocht iomlán	7,839	7,598
Ballraíocht Ghníomhach 2018	6,950	
Ballraíocht iomlán mar % an chinn=19.3%		

Líon na gCeisteanna 2018

Brainse	CKO's 2018	Athiasachtaí	Féin-sheirbhís CKO's/Ren	Fadhbanna lomlán	lomlán 2017
Baile Uí Mhatháin	9,953	4,800	4,010	18,763	18,144
Droim Lis	4,811	1,378	-	6,189	7,141
Meathas Troim	2,293	650	-	2,943	3,582
Gránard	3,661	1,344	3454	8,459	8,053
Lanesboro	7,891	4,040	-	11,931	10,786
Longfort	46,262	20,761	1,063	68,086	69,964
lomlán	74,871	32,973	8,527	*116,371	117,670

Uimh. Seisiúin Idirlín Úsáidte

Brainse Leabharlainne	Idirlíon PC Ean-Már	Idirlíon PC Aib-Mei	Idirlíon PC Iúl-MF	Idirlíon PC DF-Nol	lomlán 2018	lomlán 2017
Baile Uí Mhatháin	867	992	884	905	3,775	4,245
Droim Lis	87	114	56	67	335	288
Meathas Troim	74	78	55	58	282	273
Gránard	568	612	663	585	2,538	3003
Lanesboro	684	844	894	867	3,234	2486
Longfort	3,330	3,440	3,843	3,441	13,746	13,800
Uimh. lomlán Sheisiúin PC Úsáidte	5,610	6,080	6,395	5,923	24,008	24095

Staidrimh Úsáide Acmhainní Ar Líne 2018

Staid Shuíomh Gréasáin: www.longfordlibrary.ie	
Amharcanna ar leathanaigh:	71,553
Cineáil gléasanna in úsáid	74% PC, 20% Soghluaiste, 5% Táibléad

Irisleabhar Ar Líne RBDigital	
Líon na CKO's	1,687
Irisleabhair Is Cáiliúla 2018	Irisleabhar "Hello" (89 CKO's) "Auto Express" (60 CKO's)

Bolinda/Bosca iasachta	
Closleabhair leictreonacha CKO's	1,328
Uimh. Úsáideoirí Gníomhach Closleabhair leict.	112
R-leabhair CKO's	1,320
Uimh. Úsáideoirí Gníomhach r-leabhair	146

Rang Uilíoch RBDigital	
Clárúcháin Nua 2018	40
Cúrsaí Nua Tosaithe 2018	45
Seisiúin logála isteach	598
Uimh. Ceachtanna Feicthe	325
Uimh. Físeáin Ceachta Feicthe	551
Aighneachtaí Mhic Léinn	220

Teangacha Mango	
Seisiúin iomlán:	661
Cúrsaí iomlán:	667
Cúrsaí Soghluaiste:	547
Seisiún Meánach:	18.8 nóiméad
Am foghlama iomlán:	12,428.5 nóiméad

Nuachtáin Proquest Ar Líne	
Líon na gcuardach ar líne	364
Líon na íoslódálacha Cit/Abstract	21

PLEANÁIL

Tá Contae Longfort faoi bhláth go fóill le gníomhaíocht mhéadaithe ag an leibhéal áitiúil tríd na Tionscadail Athchóirithe uile. D'aistrigh béim an mhaoinithe le blianta beaga faoi réir Chláir an Rialtais. Baineann sé sin anois le caidreamh i bhfad níos giorra le Geallshealbhoirí/Baill Tofa agus Grúpaí Pobail chun tionscadail agus maoiniú slán a aithint faoi réir go leor Tionscnaíochtaí an Rialtais. Tá an Roinn Pleanála agus Athchóirithe tiomanta le cinntiú go gcríochnaítear na tionscadail sin go rathúil laistigh tréimhse leagtha amach ag an Roinn Gnóthaí Pobail agus Tuaithe. Tá cur i bhfeidhm Phlean Forbartha an Chontae 2015-2021 maidir le turasóireacht agus tionscadail rianta a bhfuil ag éirí go breá leo agus a bheidh mar shócmhainn chun cur le folláine an Chontae. Chruthaigh reachtaíocht nua, treoirlínte agus an tAcht Pleanála agus Forbartha 2000 (de réir leasaithe) go háirithe dúshlán leanúnacha a bhfuiltear ag déileáil leo go rathúil sa Rannán Pleanála agus Athchóirithe go dtí seo. Tá gníomhaíochtaí suntasacha déanta ag an Roinn Pleanála in 2018 luaite thíos.

Bainistíocht Fhorbartha

Tá an Rannán Bainistíocht Fhorbartha freagrach as próiseáil gach feidhmeanna pleanála i gcomhréir leis an Acht Pleanála agus Forbartha 2000 (de réir leasaithe) agus na Rialacháin Pleanála agus Forbartha. Mhéadaigh méid agus castacht feidhmeanna aonair ar feadh 2018. Áirítear leis sin cinneadh deiridh ar na feidhmeanna pleanála i gcomhair go leor méaduithe fostaíochta tionsclaíoch lena n-áirítear Panelto, Finesse agus Tool & Plastic. Tá cruinnithe pleanála leanúnacha agus pléanna ar siúl chun tionscadail a chur i bhfeidhm go rathúil i gContae Longfort.

Staidrimh Pleanála	Líon
Iarratais Faighte	307
Cinntí le Bronnadh	224
Cinntí le Diúltú	17
Achomhairc	15
Cuid 8 Feidhmeanna Glactha	10

Is cuid lárnach den phróiseas Bainistíochta Forbartha iad na comhairleoireachtaí réamh-phleanála agus úsáidtear iad ar bhonn leanúnach agus ag méadú. Eagraítear na cruinnithe sin chun seirbhís phleanála lán faisnéise, ardchaighdeán agus níos follasaí don phobal ginearálta. Déantar scagadh ar na aighneachtaí pleanála i gcomhair measúnaithe cuí de réir riachtanach ag an Treoir Gnáthóga agus i gcomhréir leis na treoirlínte eisithe ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DECLG). Tá aighneachtaí ceadúnais faoi réir Coda 254 an Achta Pleanála agus Forbartha 2000, go háirithe i gcomhair comharthaíochta ar thaobh an bhóthair agus ceisteanna phleanála do mhainiú LEADER, mar fheidhm rialta leis an obair déanta sa Roinn Pleanála.

Pleanáil Náisiúnta agus Réigiúnach

Tá príomh-ról ag an Rannán Pleanála chun Tosaigh le imirt i bPleanáil Náisiúnta agus Réigiúnach agus go mbeidh baill foirne ag freastal ar ghrúpaí oibre pleanála réigiúnacha. Déantar aighneachtaí rialta le cáipéisí náisiúnta agus réigiúnacha, lena n-áirítear in 2018 líon suntasach aighneachtaí mionsonraithe chuig an RSES.

Luaigh aighneachtaí an Chomhairle don RSES go leor láidreachtaí agus deiseanna ar chóir a chur san áireamh chun acmhainneacht Chontae Longfort agus a ról a éascú laistigh Réigiúin Láir na Tíre.

Pleanáil chun Tosaigh

Tá an Rannán Pleanála chun Tosaigh freagrach freisin as taighde, ullmhúchán agus táirgeadh gach Pleananna Forbartha, Pleananna an Limistéir Áitiúil agus tionscnaíochtaí chun tosaigh. Tá sceideal oibre pleanála chun tosaigh rialaithe ag an Acht Pleanála agus Forbartha 2000 (de réir leasaithe), agus cur i bhfeidhm leanúnach ar reachtaíocht náisiúnta agus AE i réimsí pleanála agus comhshaoil.

Plean Forbartha Contae

Leagann amach Plean Forbartha Chomhairle Contae Longfoirt creat pleanála chun forbartha an Chontae thar tréimhse ó 2015-2021. Ní mór d'ullmhúchán pleain nua tosú go reachtúil in 2019, i ndiaidh RSES a ghlacadh, ach tosaigh obair chúlra cheana féin ar aon nós.

In 2018, glacadh Diall Uimh. 4 le Plean Forbartha Chontae Longfoirt 2015-2021. Chomhdhéan sin athrú úsáide talún criosú ar 0.39ha talún ag Cnoc, Lanesboro ón chriosú talún reatha ó 'Chónaitheach Bunaithe' go dtí 'Tráchtála/Cónaitheach'.

Chomh maith leis, tá an Rannán Pleanála chun Tosaigh bainteach go rialta freisin le tionscadail eile a dteastaíonn leithdháileadh ama substainteach uathu amhail Odruite Ceannacháin Riachtanacha (CPO), Staidéir Phasáiste an Bhealaigh agus tionscadail eile ó leibhéal náisiúnta go dtí áitiúil.

Tionscnaíochtaí Turasóireachta, Pobail agus Athchóirithe

D'oibrigh an Fhoireann Pleanála agus Athchóirithe go dlúth le Fáilte Ireland, an Choiste Turasóireachta, LEO, Grúpaí Baill agus Pobail ar go leor Pleananna do Longfort lena n-áirítear Croíthailte Folaithe le linn 2018, lena n-áirítear:

Droichead do Choisithe in Abhainn Chaimlinne

Osclaíodh 'The Mill Bridge' go hoifigiúil in 2018, ag tabhairt rochtana ailtéarnaigh do Pháirc Síocháin Albert Reynolds.



Corlea Trackway

Le cúnamh ó CoOp. Agus Oidhreacht Bhogaidh na hÉireann chun 70 acra Ionaid Corlea Trackway a cheannach agus a chríochnú chun forbartha mar Pháirc Chonláiste agus Bithéagsúlachta gaolta le Bord na Móna. Bhí an chéad chéim eile de Shiúlóid Chonláiste Bhog na Coirre Léithe deartha in 2018.

Rian Litríochta

Clúdaíonn sé Meán Longfoirt agus beidh sé lárnaithe i Meathas Troim. Áirítear le hobair chríochnaithe in 2018 aighneacht ar mhaoiniú chun comharthaíocht agus brandáil a chruthú don rian suntais Náisiúnta agus Idirnáisiúnta.

Plean Fásaigh Mheán Sionainne

Ag clúdú Deiscirt Longfoirt, Loch Rí agus an Chanál Ríoga. Tá plean coiteann ullmhaithe anois le Comhairle Contae Ros Comáin, an Iarmhí agus Uíbh Fhailí darb ainm Loch Rí ag Leibhéal Spioraid.

Coill an Chaisleáin Nua

Foráil cosáin conláiste nua gaolta le Coillte, i gcomhair críochnaithe in 2019.

Bealach d'Oilithrigh Thuaiscirt/Dheiscirt na Sionainne

Á chur san áireamh chun forbartha idir Luimneach agus Fear Manach - beidh Longfort mar thrasnú tábhachtach idir an 2 bhealach móra sin d'Oilithrigh.

Scéim Infreastruchtúir Sosa Allamuigh 2017 (i gcomhair críochnaithe le linn 2018/2019)

15 tionscadal a dhaingnídh maoiniú, 12 (Beart 1), 2 (Beart 2) agus 1 (Beart 3) -

Droim Lis, Longfort, Bléan an Bhóthair, Rian Réabhlóid Thuaiscirt Longfoirt, Cluain Toirc/Canál Ríoga, Rianta Léarscálaithe Thuaiscirt agus Dheiscirt Longfoirt, Achadh na Cloiche, Suíomh Gréasáin na Canálach Ríoga, Rian Easpaig Uí hUiginn, Léarscáiliú Bhéal Átha na Muc, an Chanál Ríoga (Rian Glas), Droichead Bán (Droichead ar Abhainn na hUíne (Droichead hUíne), Carrchlós an Riain Ghoirm - Cluain Dá Ráth.



Carrchlós Bhléan an Bhóthair



Eas Achadh na Cloiche

na

Rian Réabhlóid Longfoirt

Clúdaíonn sé Tuaisceart an Chontae ó Ghránard go dtí Béal Átha na Muc lena n-áirítear Bhéal Átha na Lao agus Baile Longfoirt. Críochnaíodh comharthaíocht don rian seo in 2018.

Rian Glas na Canálach Ríoga agus Rian Gorm féideartha

Á fhorbairt mar phríomh-bhealach siúil/rothaíochta ó Bhaile Átha Cliath go dtí Cluain Dá Ráth agus i dtreo Cathrach na Mart. Táthar ag cur an bhealaigh seo san áireamh faoi láthair chun forbartha bealaigh d'Oilithrigh ó Pháirc an Chrócaigh go dtí Cruach Phádraig. Rinneadh oibreacha substainteacha ar rian glas na Canálach Ríoga, Cuid Longfoirt in 2018.

Scéim Athnuacháin Bhaile agus Sráidbhaile 2017 (i gcomhair críochnaithe le linn 2018)

Fuair 10 tionscadal maoiniú - Baile Longfort, Baile Uí Mhatháin, Meathas Troim, Ardach, Gránard, Lanesboro, Lios Riain, Mullinaghta, Lios Breac, agus Baile Nua an Chaisil.

Níl aon amhras ann go méadóidh forbairt go leor tionscnaíochtaí an Táirge Turasóireachta turasóireacht agus gnó sa Chontae. Leanann an Fhoireann Phleanála agus Athchóirithe ag idirghníomhú leis agus ag freastal ar chruinnithe le Fáilte Ireland le féachaint conas réigiún Longfoirt agus na Sionainne 'Neartmhar' a fhógairt sa toadhcháil.



Ranníocaíochtaí Forbartha

Déantar tobhach ar Ranníocaíochtaí Forbartha i gcomhréir le Scéim Ranníocaíochtaí Forbartha 2018-2022 glactha ag Comhairle Contae Longfoirt faoi réir Coda 48 Achta Pleanála agus Forbartha 2000 (de réir leasaithe). Tá coinníoll ag cead a pleanála áirithe a iarrann ranníocaíocht forbartha áirithe a bhíonn iníoctha nuair agus má thosaíonn an fhorbairt. Tá go leor cásanna ann ina raibh cead ailtéarnacha glactha in ionad cead áirithe ar an suíomh céanna agus áit nach raibh cead bronnta gníomhachtaithe go fóill. Uaireanta is féidir leis sin cuntas míchruinn a thabhairt ar an méid dlite i bhfírinne agus dlite don Chomhairle.

Bhí tionchar dearfach go leor ag an Scéim Ranníocaíochtaí Forbartha ar sheachadadh infreastruchtúir i Longfort óna chuireadh é ar fáil. Ghin sé cistí i gcomhair réimse leathan infreastruchtúir, lena n-áirítear ceannachán talún, foráil spáis oscailte, áiseanna sosa agus pobail, oibreacha chonláiste agus tírdhreachaithe, bóithre, carrchlóis, cosáin, áiseanna uisce agus fuíolluisce.

	€
Sonraisc Ranníocaíochta	€629,445
Ranníocaíochtaí Faighte	€1,117,258

Diaspóra Chontae Longfoirt

D'oibrigh an Rannán Pleanála i dteannta leis an Oifig Fiontair Áitiúil in ullmhúchán Straitéise Diaspóra an Chontae 2019-2023.

Polasaí Tithíochta Náisiúnta

D'oibrigh Pleanáil agus Athchóiriú leis an Rannán Tithíochta chun talamh tithíochta oiriúnach a aithint le bheith forbartha faoi réir an Pholasaithe Tithíochta Nua. Bhí sé sin comhdhéanta le measúnuithe suímh i gcomhair go leor suíomhanna i dtéarmaí tuilleamais pleanála chun forbartha féideartha.

Ó bhunaíodh an tAonad Athchóirithe in 2015, bh scóip an Aonaid fairsingthe, agus tá an tionchar le feiceáil go soiléir ar fud an chontae. Oibríonn an tAonad Athchóirithe go forleathan le pobail áitiúla chun feabhas a chur ar a limistéir áitiúla ach díróinn sé freisin ar athchóiriú an Chontae ó dhearcadh níos straitéisí, chun tógáil ar shócmhainní nádúrtha reatha laistigh an Chontae agus chun áit cónaithe, oibre agus cuairte níos tarraingtí a dhéanamh de.

Maoiniú

Tá príomh-bhéim ag an Aonad Athchóirithe ar mhaoiniú a dhaingniú chun feabhas a chur le conláistí reatha agus cinn nua a fhorbairt timpeall an Chontae. Tugann an tábla thíos mionsonraí ar líon na n-aighneachtaí seolta ag an Aonad Athchóirithe faoi réir go leor scéimeanna ar fáil, chomh maith le líon na n-aighneachtaí rathúla agus luach na sruthanna maoinithe sin. Fuarthas maoiniú **€7,041,835** faoi réir go leor scéimeanna. Beidh an t-airgead sin feabhsaithe tuilleadh le cistiú meaitseála le bheith tugtha ag Comhairle Contae Longfoirt agus ranníocaíochtaí le déanamh ag pobail i gcúinsí áirithe, ag tabhairt an t-iomlán caite ar na scéimeanna sin go os cionn €10 milliún.

Aighneachtaí Maoinithe Seolta

In 2018, sheol an Fhoireann Athchóirithe aighneachtaí i gcomhair maoinithe faoi réir go leor sruthanna maoinithe, de réir mionsonraithe thíos:

Sruth Maoinithe	Líon na nAighneachtaí Seolta	Líon na nAighneachtaí Rathúla	Deontais Maoinithe Daingnithe
Bail agus Sráidbhaile 2018	12	8	€593,856
Sos Allamuigh 2018	12	6	€1,239,491
Fáilte Ireland	1	1	€67,035
Ciste Athshlánaithe Forbartha Tuaithe	3	2	€4,141,453
Ciste Sosa Fhorbairt Uirbigh	2	1	€1,000,000
IOMLÁN	30	18	€7,041,835

Thosaigh obair ar chur i bhfeidhm na dtionscadal sin. In 2018 freisin a chríochnaíodh go leor tionscadail ina raibh maoiniú faofa faoi réir Scéimeanna 2017.

Grúpaí Comhoibríochta / Foirne Baile

Tá an tAonad Athshlánaithe ag obair go an-dlúth leis na pobail áitiúla le aithint cén áit a bhfuil feabhas ag teastáil ina suíomhanna. Chun tacú leis sin, chuidigh an Fhoireann Athshlánaithe le pobail chun Grúpaí Comhoibríochta / Foirne Baile a bhunú timpeall an chontae, is iad sin -

- Grúpa Comhoibríochta Lanesboro/Béal Átha Liag,
- Foireann Bhaile Uí Mhatháin,
- Foireann Bhaile Dhroim Lis/Bhéal Átha na Muc agus
- Cuireadh tús leis an bpróiseas d'Foireann Bhaile Mheathas Troim.

D'fhorbair gach suíomh Pleananna Limistéir Áitiúil, a thabharfaidh faisnéis d'fheidhmeanna an todhchaí.



URBACT MAPS

Bhí Comhairle Contae Longfoirt bainteach le tionscadal Eorpach faoi réir chlár URBCAT ar feadh 2 bhliana, le buaicpointe na hoibre sin in 2018. Chuir an tionscadal sin béim ar Bheairic Uí Chonghaile. I dtiannta le 8 gcomhpháirtí Eorpach eile, rinne Comhairle Contae Longfoirt iarracht úsáidí nua a aithint do shuíomhanna míleata a bhí ann chun saol gníomhach a thabhairt dóibh arís lenár mbailte agus cathracha. I mí Iúil seoladh toradh deiridh, Plean Gníomhaíochta Comhtháite, ag an Aire Damien English. Leagann an Plean seo treochlár d'fhorbairt sa todhchaí ar an suíomh agus d'aithin sé go leor gníomhartha le cur i bhfeidhm, a bhfuil an tAonad Athchóirithe á lorg anois. Mar chuid de sheoladh an IAP, bhí plé an-rathuill ar athchóiriú uirbeach, le timpeall 100 ag freastal ann. Mar chuid den tionscadal seo, chuir an tAonad Athchóirithe obair Chomhairle Contae Longfoirt ar an staid Eorpach, ag go leor ócáidí óstáilte ag URBCAT.



Tionscadal URBCAT MAPS - cuairt trasdultach ar Longfort

Polasaí

Aithnítear ag an Aonad Athchóirithe gur chóir d'athchóiriú an Chontae a bheith faoi cheannas an phleain, agus gur gá díriú ar straitéis. Dá bhrí sin, tá go leor pleananna ann a thosaigh in 2018:

- Máistirphlean Bhaile Mionnán
- Dearadh Uirbeach Camlin Quarter agus Creat Eacnamaíoch

Tionscadail Críochnaithe

Rinneadh go leor oibre i gcríochnú go leor tionscadail le linn 2018, a bhfuil tionchar suntasach acu ar dhaoine agus geilleagar Longfoirt. Áirítear leo sin

- Oscailt Droichid an Mhuilinn i mBaile Longfoirt
- Oscailt Ionaid Léirithe Ridirí is Concais sa Ghránard agus
- seoladh Wi-Fi saor in aisce in Lanesboro

Tobhach do Shuíomh Folamh

I gcomhréir le forálacha Achta Athchóirithe Uirbigh agus Tithíochta 2015, bhí na forálacha ábhartha corpraithe isteach sa chreat pleanála thar chúrsa 2016 chun aighneacht Tobhaigh do Shuíomh Folamh a éascú mar aon le Taifead bunaithe in Eanáir 2017. Faoi láthair tá 5 iontráil ag an Taifead seo agus tá obair ar siúil ar na suíomhanna fágtha atá i go leor staideanna fógra agus soláthair. Tá obair ar siúil, agus cuireadh suíomhanna in áit tosaíochta chun dul chun cinn a chur ar aidhmeanna laistigh Phleain Bhaile Longfoirt agus Timpeallachta an Limistéir Áitiúil.

Forfheidhmiú Pleanála

Is ról leis an Rannán Forfheidhmithe Pleanála imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin ón bpobal maidir le forbairtí neamhúdraithe agus neamh-chomhréireacht leis na ceada pleanála. Déanann an Rannán cuairteanna shuímh agus eisíonn sé Litreacha Rabhaidh, Fógraí Forfheidhmithe agus nósanna imeachta dlíthiúla na hinstitiúide de réir cuí. Leanann an Rannán seo rathúil trí idirbheartaíocht agus réitiú ag staid litreach réamh-rabhaidh in íoslghdú ar fhógraí forfheidhmithe agus nósanna imeachta dlíthiúla. Seo mionsonraí áirithe ar an ngníomhaíocht Fhorfheidhmithe Pleanála le linn 2018:

Forfheidhmiú Pleanála	Líon
Cásanna Nua	43
Litreacha Rabhaidh Eisithe	31
Litreacha Forfheidhmithe Eisithe	9
Seolta ar aghaidh i gcomhair lonchúisimh	8
Líon na gComhad Dúnta	50



Eastáit Gan Chríochnú

Leanann Comhairle Contae Longfoirt ag cur ardtosaíochta ar dhul i ngleic le fadhbanna agus ceisteanna bainteach le forbairtí tithíochta gan chríochnú. Bhunaigh an fhoireann thiomnaithe chun déileáil go sonrach le ceist na bhforbairtí tithíochta gan chríochnú i gContae Longfort agus leanann sé ag obair trí cheisteanna ar an talamh, ag úsáid réimse meicníochtaí theicniúla, ghnáthaimh agus reachtaíochta chun réitigh a fhorbairt i dteannta le cónaitheoirí, forbróirí, institiúidí airgeadais, faighteoirí agus geallshealbhóirí ábhartha eile.

Le linn 2018, lean Foireann na nEastát gan Chríochnú lena chlár oibreacha lena n-áirítear:

- Laghdú ar líon na bhforbairtí a d'fhan gan chríochnú,
- An próiseas ullmhúcháin, maoirseachta agus chur i bhfeidhm do phleananna réitithe suímh,
- Gníomh forfheidhmithe a lorg nuair is gá,
- Gealltáin airgeadais agus bannaí a ghlaio chun rochtain a fháil ar mhaoiniú chun infreastruchtúr poiblí a chríochnú laistigh forbairtí agus,
- Glacadh i gceannas forbairtí chríochnaithe.

Staidrimh Gan Chríochnú Foriomlán na nEastát	
Líon na nEastát gan Chríochnú Aitheanta	128
Líon na nEastát Deimhnithe Comhréireach/Glactha i gCeannas	106
Staidrimh 2018	
Eastáit Glactha i gCeannas 2018/ Líon na n-eastát deimhnithe comhréireach le Cead Pleanála	17

Rinne foireann na nEastát Gan Chríochnú idirbheartaíocht ar Phleananna Réitithe Suímh i gcomhair na eastát fágtha agus leanfaidh obair leo sin an bhliain seo chugainn.

Tá súil ag an Rannán Pleanála agus Athchóirithe leanúint ag obair go dearfach agus ar bhealach díograiseach leis an bhFeidhmeannach, na Baili Tofa, Geallshealbhóirí agus go leor Pobail Chontae Longfoirt chun leanúint ag soláthair cáilíochta arda seirbhíse agus an tiomantas atá tuillte acu.

CÓRAIS AIRGEADAIS AGUS FAISNÉISE

AIRGEADAIS

Is iad príomhfheidhmeanna Chuid Airgeadais Chomhairle Contae Longfoirt -

- *Aidhmeanna airgeadais Phlean Corparáidigh an Chomhairle a bhaint amach*
- *Bainistíocht ar chúrsaí aireadais an Chomhairle*
- *Cinntiú go bhfuil na rialuithe inmheánacha cuí in oibriúchán chun sócmhainní na heagraíochta a chosaint, agus chun cruinneas agus iontaofacht na dtairfead cuntasaíochta a chinntiú*
- *Cinntiú chomh mór agus is féidir luach ar airgead le baint amach ar feadh na heagraíochta*

Seirbhísí

- Cáin Mótair
- Rátaí/Cíos Tithíochta/Íocaíochtaí Iasachta Tithíochta/ Comhréireacht NPPR
- Oifig Ghinearálta - íocaíochtaí a phróiseáil do sholáthraithe agus párolla

Cleachtas Íocaíochta

Baineann forálacha Achta Íocaíochta Tráthúil Cuntais 1997 agus Rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhirt Thráchtála) 2002 le Comhairle Contae Longfoirt. Tá córais i bhfeidhm le cinntiú nach ngearrfar pionóis úis. Méid iomlán na bpionóis úis:

PIONÓIS ÚIS	Faic
-------------	------

Déantar gach iarracht chun comhréireacht a chinntiú leis an Acht agus Rialacháin agus pionóis úis a sheachaint. D'ainneoin sin, ní féidir le nósanna imeachta ach ráthaíocht réasúnta, gan a bheith absalóideach, a thabhairt in aghaidh neamh-chomhréireacht leis an reachtaíocht.

Caiteachas

ACHT AN RIALTAIS ÁITIÚIL 2001 - CUID 142 CAITEACHAS	
Liúntais Méara agus Eile	€66,000
Siamsaíocht agus Caiteachais Gaolmhara	€24,883
Íocaíochtaí Ionadaíochta, Caiteachais na mBall agus Ionadaíocht ag Comhdhálacha	€406,911
Iomlán	€497,794

Aonad Ginte Ioncaim

Tá an tAonad Ginte Ioncaim (IGU) freagrach as bailiúchán na príomh-shruthanna ioncaim don Chomhairle. Áirítear leis sin rátaí, cíos tithíochta, iasachtaí tithíochta agus cíosa RAS. Oibríonn an t-aonad freisin ar an ndeasc airgid a éascaíonn íocaíochtaí do chustaiméirí i gcomhair táirgí agus seirbhísí an Chomhairle. Déantar teastais comhréireachta a eisiúint de réir aonaid maidir le íocaíocht do tháille Cónaithe Príobháidigh Neamh-Thosaíochta (NPPR). Bhog feidhm iasachtaí tithíochta ó Thithíocht go dtí an aonad seo ag deireadh mhí an Mhárta 2018.

Tá achoimre thíos ar ár bhfeidhmíocht bhailiúcháin ioncaim do 2018 le comparáidí do 2017 agus 2016.

Catagóir	2018 % bailithe	2017 % bailithe	2016 % bailithe
Rátaí	89%	89%	84%
Cíosa	93%	92%	90%
Iasachtaí Tithíochta	55%	60%	57%

Rátaí

Tháinig feabhas ar an leibhéal gníomhaíochta thráchtála sa Chontae in 2018 agus bhí an folúntas maoine thráchtála laghdaithe go suntasach ó 2017. Oibríonn an Comhairle Scéim Dreasaigh ar Áitribh Tráchtála Folamha chun cuidiú le áitriú ar áitribh folamha

ag gnónna. Lean dul chun cinn i laghdú leibhéil riaráistí dlite don Chomhairle agus targaidí maidir le céatadán bailiúcháin bainte amach.

Cíos agus Iasachtaí Tithíochta

Tá IGU freagrach as cíos a bhailiú, socraithe ag an Rannán Tithíochta, táillí iasachta agus cuntais cíos agus iasachta a bhainistiú atá faoi riaráiste. Bhí an fheidhm iasachtaí tithíochta aistrihe ó Thithíocht go dtí IGU i mí an Mhárta 2018. Bhí méadú margaidh sna aighneachtaí i gcomhair iasachtaí do cheannacháin príobháideacha ó chuireadh i bhfeidhm Iasacht Tithíochta ag Atógáil na hÉireann. Tá éileamh leanúnach ann freisin i gcomhair iasachtaí chun ionaid maoiné an Chomhairle a cheannach faoi réir Scéime Cheannacháin (Incriminteach) na dTíonóntaí 2016.

Iasachtaí Tithíochta	Líon
Feidhmchláir	28
Faofa	19
Diúltaithe	11
Curtha ar aghaidh	21

Tháinig feabhas beag ar chéatadán bailiúcháin cíos go dtí 93% le linn 2018.

Bhí Fógraí Rabhaidh Tionóntachta eisithe do thionóntaí a sháraigh a n-oibleagáidí bainteach le cíos don Chomhairle agus nach ndearna idirbheartaíocht leis an gComhairle chun a riaráistí a réitiú. I líon an-bheag cásanna, fuarthas orduithe seilbhe neamh-focaíochta.

Cuireann an Comhairle i bhfeidhm Próiseas Ceartaithe ar Riaráiste Mhorgáiste (MARP) do chustaiméirí iasachta faoi dheacracht airgeadais. Tugann sé sin creat don Chomhairle agus faighteoirí iasachta chun riaráistí iasachta a bhainistiú agus a gcuid iasachtaí i gcúinsí áirithe. Lean an Comhairle ag athstruchtúrthú cuid de na iasachtaí úinéireachta roinnte nuair a bhí an t-iasachtaí faoi riaráiste. Leanfar ag déanamh feidhmithe céimnigh ar an bpróiseas seo in 2019 i gcohair iasachtaí d'úinéireacht roinnte agus iasachtaí blianachta faoi riaráiste a dteastaíonn athstruchtúrthú uaidh.

Cáin Mótair

Ní raibh aon fhorbairtí suntasacha i reachtaíocht um cháin mótair le linn na bliana. Bhí bailiúcháin cánach mhótair go háitiúil íseal arís ó 2017 (€3,846,914). Lean an t-ardú in idirbhirt chánach mótair ar líne le linn na bliana agus d'eascair sé sin i laghdú 9% bailiúcháin cánach mótair go háitiúil i Longfort.

Idirbhirt 2018	Líon	Méid
Ceadúnais Feithicle (Discs)	18,680	€3,256,468
Idirbhirt Ilghnéitheacha (Deimhniúcháin Clárúcháin Feithicle, Plátaí Trádála srl.)	3,861	€ 238,383
Iomlán Idirbhirt Chánach Mótair	22,541	€3,494,851

Tugann an Roinn Chórais Faisnéise seirbhísí oibriúcháin agus straitéiseach ICT don Chomhairle. Tá an roinn freagrach as an infreastruchtúr ICT agus freisin as riachtanais ICT sa todhchaí a phleanáil don eagraíocht. In acmhainn oibriúcháin, tá freagracht ag an roinn as córais ICT iolracha scaipthe ar feadh an Chontae in infreastruchtúr Ghréasán an Limistéir Leathan (WAN).

Le linn 2018, rinne Roinn IS Chomhairle Contae Longfoirt go leor tionscadail infreastruchtúir, digiteach agus bogearraí a sheachadadh, mar aon le feabhsuithe i Slándáil IT agus feabhas ar an ailtireacht ICT.

Rinneadh infheistíocht shuntasach i go leor limistéir feidhme tábhachtacha amhail córais gréasáin inmheánacha, WIFI Corparáideach, Seirbhís IT Leabharlainne, Bogearraí Slándála, Comhréireacht GDPR, Infreastruchtúr Fíorúil, chomh maith le feasacht ar an bPlean Leathanbhanda Náisiúnta agus Tionscadail Digiteacha eile. Lean obair tacaíochta oibriúcháin leanúnach in IT ag ídiú go leor ama acmhainne agus iarrachta go háirithe i réimsí CCTV Pobail, slándáil IT, agus tacaíocht d'fheidhmeanna IT ginearálta. Seo a leanas príomh-réimsí béime in 2018:

Infreastruchtúr Gréasáin

Tá gréasán ICT Chomhairle Contae Longfort comhdhéanta le go leor comhphárteanna casta a dteastaíonn bainistíocht leanúnach uathu, mar aon le cothabháil agus monatóireacht.

Is mar a leanas feabhsuithe suntasacha lenár n-infreastruchtúr le linn 2018:

- Cur i bhfeidhm réitigh WIFI Corparáidigh le oifigí cianda agus leabharlanna bhraíne.
- Cur i bhfeidhm an Tionscadail Leabharlainne Digitigh
- Athbhreithniú ar chumarsáidí meáin do WAN.
- Uasghrádú ar Infreastruchtúr Fíorúil.
- Tús le tairiscint gutha agus sonraí soghluaiste
- Uasghrádú leis an Inlíon Corparáideach
- Athbhreithniú ar gach líne gutha agus cumarsáide sonraí

Feidhmeanna IT agus Forbairt

Ag tacú le seachadadh seirbhíse timpeall Chomhairle Contae Longfoirt, tá sraith feidhmeanna bhogearraí a dteastaíonn bainistíocht agus tacaíocht leanúnach uathu. Áirítear leis na córais sin iPlan, iHouse, Agresso, ePayments, go leor suíomhanna gréasáin, go leor ardáin sna meáin sóisialta, iDocs, GIS agus aipeanna sonraí soghluaiste. Tá méid teoranta forbartha agus tacaíochta ann d'fheidhmeanna saincheaptha freisin. Áirítear le príomh-thionscadail sa réimse sin in 2018:

- Athbhreithniú straitéiseach ar gach cainéil sna meáin sóisialta in úsáid ag an gComhairle.
- Uasghrádú ar bhogearraí Cúltaca
- Uasghrádú ar Phróisis Riaracháin Bhunachar Sonraí.
- Cur i bhfeidhm áiseanna comhdhála agus oibre ghrúpa ar chóras Gutháin IP

Córais GIS

Lean Córas GIS an Chomhairle ag imirt ról tábhachtaigh ar feadh gach réimse gnó in 2018, agus is iad na forbairtí is suntasaí:

- Forbairt ar fheidhm ghléas soghluaiste chun iniúchtaí gan pháipéar ag an Rannán Tithíochta a éascú.
- Dearadh agus cur i bhfeidhm ar Fheidhm Iarratais Pleanála lena n-áirítear os cionn 45 tacar sonraí spásúil pleanála.
- Forbairt agus úsáid feidhme léarscáil dian chun freagra an údaráis áitiúil ar Stoirm Emma a éascú.
- Dearadh agus cur i bhfeidhm ar fheidhm soghluaiste chun Suirbhé Inrochtaineachta Longfoirt Aoisbháúil a éascú.
- Dearadh agus cur i bhfeidhm ar fheidhm cothabhála bóithre chun glaonna a thaifead bainteach le ceisteanna bóthair.
- Dearadh agus cur i bhfeidhm ar an bhfeidhm Iniúchta Áit Súgartha soghluaiste.
- Athbhreithniú agus táirgeadh léarscáilithe do na teorainneacha toghcháin áitiúil, dúichí vótaíochta agus stáisiúin vótaíochta le athruithe molta ag Coistí Teorainn an Toghcheantair Áitiúil.
- Forbairt ar fheidhmeanna léarscáil chun tacú le tionscadail digiteacha amhail leathanbhanda ardluais agus suirbhé bhall dubh soghluaiste.

Plean Leathanbhanda Náisiúnta agus Digiteach

Lean Rannán IT an Chomhairle ag imirt ról móire i gcur chun cinn cláir digitigh agus feasachta sa Chontae. Le linn 2018, ba iad na forbairtí is suntasacha:

- Leanamar ag obair chun breathnóireacht a éascú ar roghanna forála Leathanbhanda Ardluais idir Center Parcs agus an pobal áitiúil in aice leis an bhforbairt ionas gur féidir le cónaitheoirí mar thoradh le forbairt Center Parcs, leas a bhaint as Leathanbhanda Ardluais.
- D'éirigh go maith lenár n-aighneachtaí ón Roinn Tuaithe agus Clár Tionscnaíochta Digitigh Fhorbairt Pobail le dhá thionscadal digiteach faofa; Tionscadal Digiteach na Scoileanna agus nuashonrú ar an Aip Explore Longford. Thosaigh obair ar an dá thionscadal in 2018.
- Lean muid lenár n-obair ar na fadhbanna gutha agus sonraí soghluaiste laistigh an Chontae, ag obair le oibreoirí telco agus ionadaithe áitiúla chun teacht ar réitigh chun feabhas a chur ar an gclúdach sna limistéir a bhfuil béim orthu
- Bhíomar rathúil ag fáil maoinithe sa chlár WiFi4EU chun WiFi Baile a sholáthar i gceantair ainmnithe laistigh an Chontae.
- Thacaigh muid le Seachtain Chód AE le dhá ócáid eagraithe, ceann i mBaile Uí Mhatháin agus an ceann eile in Achadh na Cloiche
- D'oibrigh muid freisin le scoileanna sa Chontae agus an Roinn Tuaithe agus Forbartha Pobail chun Clár Seaimpín Digitigh Scoile a chur chun cinn. D'éirigh go hiontach leis an ócáid le go leor scoileanna ó Longfort ag glacadh páirt.
- Leanamar lenár n-ullmhúcháin i gcomhair Plean Leathanbhanda Náisiúnta, ag obair lenár Rannáin Pleanála agus Bóthair chun cuidiú feidhmiú céimneach gasta éifeachtach a éascú do Leathanbhanda Ardluais sa Chontae.



Rinneadh seoladh wi-fi poiblí saor in aisce nua in Lanesboro i mí Iúil, i ndiaidh maoinithe rathúil tríd an Scéim Bhailte agus Sráidbhalte.

Slándáil IT

Tá tábhacht mhór le Slándáil IT i ngeall ar scaipeadh malware ICT, víris agus ionsaithe fioscaireachta srl. Chuige sin caitheann an Roinn IT go leor ama agus iarrachta chun réimse bearta slándála a chur i bhfeidhm, a uasghrádú, a mhonatóireacht agus a bhainistiú ar an ngréasán, ardán r-phoist agus gléasanna, lena n-áirítear gléasanna soghluaiste agus táibléid. In 2018 d'athchuir muid ár mbogearraí scgtha gréasáin agus chríochnaigh muid iniúchadh slándála ar gach feidhmchlár.

Cosaint Sonraí

Tháinig 'Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí' (GDPR) (AE) 2016/679 in éifeacht ar an 25ú Bhealtaine 2018 agus bhí sé tarchurtha isteach i nDI na hÉireann trí mheán Achta um Chosaint Sonraí 2018. Le linn 2018, tháinig Oifigeach um Chosaint Sonraí agus Comhréireachta Faisnéise leis an roinn ICT chun comhréireacht na heagraíochta a chinntiú le gach oibleagáid i gcomhréir le reachtaíocht um Chosaint Sonraí.

Chuir an Comhairle tús le cleachta Léarscáilithe Sonraí laistigh gach rannáin chun léarscáil agus sruth sonraí pearsanta a aithint laistigh na heagraíochta, ag cinntiú eis sin gur phróiseáil Comhairle Contae Longfoirt sonraí pearsanta ar bhealach dlíthiúil, cóir agus follasach. Cuireadh tús freisin le soláthraithe Seirbhíse tríú páirtí freisin, ag cinntiú comhréireachta le gach cuid den reachtaíocht nua nuair a phróiseáiltear sonraí pearsanta ag 3ú páirtithe thar ceann an Chomhairle.

Cuairteanna ar an Suíomh Gréasáin

LÍON NA nAIMSITHE AR SHUÍOMH GRÉASÁIN		
SUÍOMH GRÉASÁIN	2017	2018
longfordcoco.ie	78,089	120,897
longfordlibrary.ie	16,391	39,533
longford.ie	-	4,642
Longfordppn.ie (A chuaigh beo in Qtr 3 2018)	-	918

RIALÚ TITHÍOCHTA AGUS TÓGÁLA, BÓITHRE, SEIRBHÍSÍ UISCE, SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL, SEIRBHÍSÍ DÓITEÁIN AGUS ÉIGEANDÁLA

TITHÍOCHT

Réamhrá:

Tá réimse roghanna Tithíochta Sóisialta ar fáil d'iarratasóirí faofa nach féidir leo lóistín a sholáthar óna n-acmhainní féin mar a leanas:

- Tithíocht sóisialta
- Léasanna RAS
- Léasanna
- Tithíocht sholáthraithe ag Comhlachtaí Tithíochta Deonach
- HAP (Íocaíocht Chúnamh Tithíochta).

Rinneadh measúnú reachtúil ar an riachtanas tithíochta in 2018. Déanfar an chéad measúnú ar riachtanais tithíochta eile in 2019. Bhí líon na n-iarratasóirí tithíochta faofa ag 31 Nollag 2018 ag 897.

Thosaigh Ligean Bunaithe ar Rogha in 2017. Ní raibh aon áitribh leithdháilte faoi réir Ligin ar Rogha in 2018.



D'iompaigh an tAire Eoghan Murphy an fód don fhorbairt Lanesboro nua

Foráil Tithíochta Speisialta

Seo a leanas na targaidí do thacaíocht tithíochta sóisialta foilsithe ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Tá achoimre freisin ar an bhfeidhmíocht ag 31 Nollag 2018.

	Targaid Fhoilsithe	Aschur Iomlán	Difríocht	% na Targaide Bainte Amach
CEANNACHÁIN	10	28	18	280%
LÉASÚ	15	35	20	233%
TARGAID THÓGTHA	44	54	10	122%
HAP AGUS RAS	152	209	57	138%

Ón eolas thuas, tabharfaidh tú faoi deara gur 326 é seachadadh foriomlán ó gach sruthanna. Ba é 221 an targaid. Léiríonn sé sin breis 40% ar an targaid.

Deisiúcháin ar Thithíocht Folamh agus Scéim Léasaithe

Thosaigh an scéim in 2017. Is príomh-chuid de Phlean Gníomhaíochta Ag Atógáil na hÉireann um Thithíocht agus Easpa Dídine. Má theastaíonn deisiúcháin ó mhaoín áirithe chun é a thabhairt go dtí Caighdeán Ligint, íocfaidh Comhairle Contae Longfoirt nó Comhlacht Tithíochta Faofa i gcomhair deisiúcháin roimh ré, agus dá bharr beidh an t-ionad maoinne ar fáil mar thithíocht shóisialta ar tréimhse léasaithe ar a laghad 10 mbliana. Tá critéir ann ar chóir cloí leo. Ní mór don áitreabh a bheith folamh ar feadh ar a laghad bliana. Ní mór go mbeidh éileamh tithíochta sa cheantar. Is é €40,000 an t-uasmhéid maoinithe incheadaithe lena n-áirítear VAT, troscán agus feistigh. Fuarthas 23 aighneacht don scéim seo. Bhí 6 árasán léasaithe in 2018 faoi réir na scéime seo.

Scéim Athnuaithe Ceannacháin

Thosaigh an scéim in 2017. Tá sé chun tacú le Údarás Áitiúla agus Comhlachtaí Tithíochta Faofa chun aonaid tithíochta a athchóiriú a dteastaíonn réiteach uathu agus iad a chur ar fáil i gcomhair tithíochta sóisialta. Ní mór don Scéim Athnuaithe agus Ceannacháin dul i dteannta leis an Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe, toisc gur féidir le LA agus AHB labhairt le úinéirí tithe folamha faoi úinéireacht phríobháideach a dteastaíonn deisiúcháin/réiteach uathu, leis an rogha chun an t-aonad a léasú/dheisiú, nó a cheannach/a réitiú. Ceannaíodh 3 ionad maoinne don scéim seo.

Easpa Dídine

Léirigh 72 duine in 2018. Déileáiltear le easpa dídine ar bhonn réigiúnach. Is é Comhairle Contae an Iarmhí an príomh-ghníomhaireacht do chontae Laoise, Longfoirt, Uíbh Fhailí agus an Iarmhí. Leis sin, tá Foireann Gníomhaíochta Easpa Dídine ag gach contae. Tagann an fhoireann seo le chéile gach 2/3 seachtain.

Scéim (Ceannacháin Incrimintigh) Tionónta

Thosaigh an Scéim (Ceannacháin Incrimintigh) Tionónta ar an 1ú Eanáir 2016. Chuir 25 tionónta isteach i gcomhair na scéime seo in 2017. Táthar ag déanamh athbhreithnithe ar an scéim seo ag Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

Iasachtaí Tithíochta

Lean faomhadh agus dul chun cinn ar iasachtaí tithíochta in 2018. Fuarthas 29 aighneacht. Bhí 19 faofa agus iasacht (21) curtha ar aghaidh.

Tithíocht Dheonach

Tá gaol fadtréimhseach ag Comhairle Contae Longfoirt leis an Earnáil Tithíochta Deonaigh agus rinneadh ranníocaíocht shubstainteach déanta ag an Earnáil Tithíochta Deonaigh i bhforáil Tithíochta Sóisialta sa Chontae. In 2017 thacaigh Comhairle Contae Longfoirt le Comhlacht Thithíochta Cluid in aighneacht CALF chun forála 7 aonad ag Cartrún Breac, Longfort.

Cothabháil agus Athcóriú

2018, tugadh ar iomlán €876,000 sa Bhuiséad i gcomhair cothabhála agus deisiúcháin Tithíochta an Údaráis Áitiúla. Déantar measúnú leanúnach ar an réimse seo le cinntiú go mbaintear amach dea-chleachtas agus luach ar airgead an t-am go léir.

Scéim Aisfheistithe Fuinnimh/Fuinneoga agus Doirse

Críochnaíodh Oibreacha ar Chuid 1 den Chlár Éifeachtachta Fuinnimh in 2016. Ní bhfuarthas aon leithdháileadh in 2018 faoi réir Coda 11 na scéime.

Bainistíocht Eastáit

Lean an tOifigeach Idirchaidrimh Tithíochta agus Bainisteoir Eastát ag obair le tionóntaí agus Cumainn Cónaitheoirí le linn 2017. Freastalaíonn tionóntaí nua ar chúrsaí riachtanacha réamh-thionóntachta.

Scéimeanna Deontais Tithíochta

In 2018, fuarthas iomlán comhcheangailte dhá chéad agus a haon () aighneacht faoi réir na scéimeanna sin. Bhí 144 aighneacht faofa faoi réir an trí Scéim Deontais:

- Scéim Deontais na nÁiseanna Soghluaisteachta
- Scéim Deontais Oiriúnaithe Tithíochta
- Scéim Deontais Chúnamh do Dhaoine Níos Síne

Ba é €571,692 an méid faofa.

Leis sin, rinneadh oibreacha míchumais le 24 teach sóisialta chun dul i ngleic le riachtanais liachta na n-áitritheoirí. Bhí costas €135,650 ar na oibreacha sin.

Lóistín do Thaisteálaithe

Lean an Clár Lóistín do Thaisteálaithe 2014-2018 ag Comhairle Contae Longfoirt. Leagann an clár seo amach straitéis 4 bhliana maidir leis an gclár agus cineál lóistín le bheith curtha ar fáil do Thaisteálaithe. Tagann Coiste Comhairleach um Lóistín do Thaisteálaithe Áitiúil le chéile agus tugann sé monatóireacht ar dhul chun cinn maidir le targaidí leagtha amach sa phlean.

Grúpa Tithíochta agus Stiúrtha Míchumais

Tá Plean Straitéiseach Tithíochta do Dhaoine le Míchumas i Longfort críochnaithe. Chas an Grúpa Stiúrtha Míchumais le chéile 3 uair in 2018. Tá Comhairle Contae Longfoirt chun 5% dá leithdháilte bliantúla a leithdháileadh do dhaoine le míchumas.

Caighdeán Lóistín faoi Chíos Príobháidigh

Tá an tÚdarás Áitiúil freagrach as cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú caighdeán lóistín san earnáil cíosa. Cuirtear maoiniú ar fáil don Údarás Áitiúil bunaithe ar líon na n-iniúchtaí déanta. Críochnaíodh 72 iniúchadh in 2018 agus tugadh comhairle do thiarnaí talún maidir le ceisteanna neamh-chomhréireachta.

Duaiseanna na nEastát Níos Fearr

Buaiteoir Ginearálta

Parkside, Baile Uí Mhatháin

Eastát Feabhsaithe is Fearr

Hazelwood, Cnoc na Góla

DÚICHE BHARDAIS BHAILE UÍ MHATHÁIN	
Eastáit níos lú ná 20 bliain d'aois	1Ú Taobh na Páirce 2Ú Curragh Rua 3Ú Foxhall Crescent
Eastáit níos mó ná 20 bliain d'aois	1Ú Smithfield Crescent 2Ú Cartron Road 3Ú Churchview, Lanesboro
Molta go hArd	Slí na Móna
DÚICHE BHARDAIS AN GHRANÁIRD	
	1Ú River Crescent, Béal Átha na Lao 2Ú Churchview, Droim Lis 3Ú Devine Crescent, Meathas Troim
DÚICHE BHARDAIS LONGFOIRT	
Eastáit Beaga	1Ú St Emer's 2Ú Park Villas
Eastáit Móra	1Ú Páirc Annaly 2Ú Springlawn 3Ú Páirc Teffia
COMÓRTAS GAIRDÍN	
Indibhidiúil is Fearr MD Bhaile Uí Mhatháin MD Ghránaird MD Longfoirt	12 Curragh Rua, Lanesboro 22 Churchview, Droim Lis 16 Annaly Park, Longfort
Buaiteoir Ginearálta	St Emer's, Longfort

SEIRBHÍŚÍ CHOMHSHAOIL

In 2018 rinne an Stiúrthóireacht Chomhshaoil réimse leathan gníomhaíochtaí faoi iniúchadh, cláir monatóireachta agus feasachta comhshaoil.

Clúdaíonn an chuid seo réimse éagsúil feidhmeanna agus seirbhísí. Is iad na príomh-shuíomhanna -

- Smachtú ar Thruailliú agus Bainistíocht ar Chaighdeán Uisce
- Bainistíocht ar Bhruscar agus Glanadh Sráide
- Bainistíocht ar Dhramhaíl agus Rialachán
- Feasacht ar Chomhshaoil
- Talaimh Adhlactha
- Seirbhísí Tréidliachta agus sábháilteacht Bhia
- Smachtú Madra agus Smachtú Capaill
- Struchtúir contúirteacha
- Suíomhanna tréigthe

Smachtú ar Thruailliú agus Bainistíocht ar Chaighdeán Uisce

Clúdaíonn reachtaíocht um smachtú ar thruailliú réimsí amhail truailliú uisce, truailliú an aeir agus núis torainn. Áirítear le gníomhaíochtaí shonracha glactha maidir le smachtú ar thruailliú imscrúdú ar thruailliú uisce, iniúchtaí feirme, ceadúnú ar dhíluchtú d'uisce agus cur i bhfeidhm ar chlár monatóireachta d'aibhneacha, lochanna, dabhaigh shéarachais agus líonadh talúin dúnta.

Bainistíocht d'Abhantraí

Bhí Treoir Chreat Uisce an AE trasuite isteach i ndlí na hÉireann ag Rialachán (Polasaí Uisce) an Chomhphobail Eorpaigh, 2003, a bhunaíodh go leor Dúichí Abhantraigh fúthu. Bhí sé sin athraithe in 2014 ina nglactar leis anois go bhfuil Éire mar Dhúiche Abhantraigh. Leis sin, cuireann na Rialachán Pholasaí AE (Polasaí Uisce) 2014 oibleagáidí nua ar údarás áitiúla i gcomhordú eiliminte rannpháirtíochta poiblí leis an Treoir Chreat Uisce. Éilíonn an socrúchán rialachais náisiúnta nua ón gComhairle Contae Longfoirt ar n-obair a chomhordú sa réimse seo leis an Oifig Pobail Uisce Údarás Áitiúil nua-shocraithe (LAWCO) i gCill Chainnigh. Leanann Comhairle Contae Longfoirt ag tabhairt monatóireachta ar an gcaighdeán uisce in aibhneacha agus lochanna i gcomhréir leis na Pleananna Bainistíochta ábhartha d'Abhantraí.

Saotharlann Comhshaoil

Tá Saotharlann Chomhshaoil Chomhairle Contae lonnaithe ag Park Road, Longfort. Is iad príomh-réimsí gníomhaíochta

- Monatóireacht agus rialú Truaillithe Uisce
- Monatóireacht ar Líonadh Talún
- Monatóireacht ar dhíluchtuithe d'eisiltigh tionsclaíoch
- Monatóireacht ar Chaighdeán Uisce in aibhneacha agus lochanna

Bainistíocht ar Bhruscar

Tá forfheidhmiú ar an Acht um Thruailliú Bruscair, 1997 - 2009 mar cheann de na meicníochtaí is tábhachtaí chun déileáil le truailliú bruscair i gContae Longfoirt. Déantar Smachtú ar Bhruscar go háirithe ag Bhardaigh Bruscair an Chomhairle.

Oibríonn an Comhairle go dlúth le Coistí Bhailte Slachtmhara áitiúla agus aithníonn sé an obair iontach déanta acu ar fud an chontae.

Leanann an Comhairle ag ionchúisiú ciontóirí bruscair agus is aidhm leis athshlánú costais iomlán a fháil nuair a théann cásanna go dtí an chúirt. Cuireadh tús, ar iomlán, le 19 ionchúiseamh in 2018 i gcomhair neamh-íocaíochta fíneálacha faoi réir Achta um Thruailliú Bruscair 1997. Bhí fíneálacha agus costais bronnta ag na Cúirteanna ar iomlán €9,670 in 2018.

Scuabadh Sráideanna

Lean an Comhairle lena chlár scuabtha sráide agus seirbhísithe ar bhoscaí bruscair i mbailte agus sráidbhailte an Chomhairle, i gcomhréir le Plean Bainistíochta ar Bhruscar Longfoirt. Bhí caiteachas ar an seirbhís seo ag €516,652 in 2018.

Plean Bainistíochta Dramhaíl 2015-2021

Is é an plean bainistíochta dramhaíl reatha do Chontae Longfoirt é Plean Bainistíochta Dhramhaíl Réigiúnach Oirthir-Láir na Tíre 2015-2021, ar fáil i gcomhair athbhreithnithe ag <http://emwr.ie/>. Tá Longfort mar cheann de 12 údarás áitiúil cleamhnaithe le Réigiún Dramhaíl an Oirthir-Láir na Tíre. Gníomhaíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar an phríomh-údarás curtha i bhfeidhm don plean. Oibríonn Comhairle Contae Longfoirt leis an gCoiste Stiúrtha Forfheidhmithe Dhramhaíl Náisiúnta (NWESC) agus trí Údarás Ceannais Réigiúnach Fhorfheidhmithe Dramhaíl (WERLA) ar fhorfheidhmiú dramhaíl agus cur i bhfeidhm tosaíochtaí náisiúnta comhaontaithe de réir aitheanta ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Forfheidhmiú Bainistíochta Dramhaíl

Tá réimse leathan feidhmeanna reachtúla ag údaráis áitiúla faoi réir reachtaíochta dhramhaíl Náisiúnta agus na hEorpa.

Áirítear le obair foirne Forfheidhmithe Dhramhaíl an Údaráis Áitiúil imscrúdú ar eachtraí dumpála mídhleathach, ag glacadh bearta ionchúisimh agus forfheidhmithe, ag forfheidhmiú rialachán freagrachta an léiritheora i gcomhair réimse leathan dramhaíl (lena n-áirítear Trealamh Leictreach agus Leictreonach, Ceallraí, Feithicilí Deiridh-an-tsaol, Boinn, Pacáistiú, Dramhaíl Bia, Plaisteach Feirme agus Dramhaíl Tógála agus Scartála). Le linn 2018, fuarthas 1581 gearáin nua dramhaíl agus bruscair agus rinneadh imscrúdú orthu, agus bhí 1,516 gearán réitithe (lena n-áirítear gearáin gan réiteach ó 2017).

Le linn 2018, dhírigh iniúchtaí dhramhaíl laethúla an Chomhairle ar 3 réimse tosaíochta. Ba iad sin: -

1. Dramhaíl
 - Boinn Dramhaíl
 - Dumpáil mídhleathach lena n-áirítear Dramhaíl Tógála agus Scartála
 - Comhréireacht an Tí agus Bainistíochta Dhramhaíl Tráchtála
 - Suíomhanna Buairte Neamhúdaraithe a dteastaíonn freagra Ilghníomhaireachta uathu
 - Tionscadal Comhréireachta Píolóta d’Fheithicilí Deiridh an tSaoil
2. Uisce
 - Iniúchtaí Feirme
 - Iniúchtaí WFD a dhéileáileann le coirp uisce ‘Faoi Riosca’
3. Aer
 - Rialacháin Breosla Soladaigh - ullmhúchán don toirmisc ar Ghual Deataithe

Le linn 2018, eisíodh ceithre Fhógra Rialacháin 10 do Bhailitheoirí Dramhaíl Bia agus tá forfheidhmiú ar siúil. Mhéadaigh líon na gnónna cláraithe faoi réir na Rialachán Boinn 42% ar iomlán 41 i Co. Longfoirt. Glacadh gníomh forfheidhmithe in aghaidh dhá shuíomh deireadh-an-tsaol neamhúdaraithe, a chuir stad leis an oibriúchán.

In 2018, cuireadh tús le 9 ionchúiseamh faoi réir Achta Truailliú Bruscair maidir le dumpáil mídhleathach. Fanann dumpáil mídhleathach dramhaíl an tí i gceantair tuaithe agus in áitribh folamha ina fhadhb suntasach agus bhí ar an gComhairle acmhainní suntasacha a chaitheamh chun na suíomhanna sin a ghlanadh.

Leis sin, ceadaíonn agus rialaíonn na Údaráis Áitiúla na áiseanna dramhaíl sin, cinntíonn siad bailiúchán neamhúdaraithe agus iompar dramhaíl ina limistéir feidhmiúla, tugann siad breithmheas ar fheidhmeanna pleanála maidir le tairiscintí bainistíochta dramhaíl, maoirseacht ar bhainistíocht dramhaíl in earnálacha tógála agus gnó, agus forfheidhmiú ar rialacháin freagrachta maidir le go leor sruthanna dramhaíl amháil pacáistiú, plaistigh feirme agus boinn. Déantar iniúchtaí comhshaoil i gcomhréir le plean iniúchta bliantúil an Chomhairle. Tá réim tuairiscithe éigeantach do Ghníomhaireacht um Chosaint an Chomhshaoil (EPA) i bhfeidhm i gcomhair gach iniúchtaí comhshaoil agus plean iniúchta comhshaoil an Chomhairle. Tá oibleagáidí tuairiscithe suntasacha freisin ag an Stiúrthóireacht Chomhshaoil agus ní mór di fardal a chur le chéile de gach sonraí dramhaíl do Chontae Longfort, a sheoltar ansin chuig an EPA.

Ní mór do na Údaráis Áitiúla cloí le Rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh (Rochtain ar Fhaisnéis ar an Timpeallacht) 2007. Faoi réir éisceachtaí áirithe, ní mór faisnéis a bhaineann leis an gcomhshaoil atá ag nó i gcomhair údaráis phoiblí a chur ar fáil ar iarracht d’aon duine. Tugtar comhairle agus treoraíocht ar bhainistíocht dhramhaíl do bhaill an phobail ar iarracht.

Is féidir breathnú ar “Pholasáí Forfheidhmithe an Chomhairle Contae ar Ghníomhaíocht Dhramhaíl Mídhleathach” a shuíomh gréasáin an Chomhairle ag www.longfordcoco.ie.

Oibríonn an Comhairle “Beolíne do Ghearáin Bruscair”. Is féidir le aon duine a fheiceann dumpáil mídhleathach dramhaíl tuairisciú a dhéanamh air, go rúnda, le glao ar 1850 434 450.

Tionscnaíocht Frith-dhumpála 2018

Mar chuid den Tionscnaíocht Frith-dhumpála 2018 rinne Comhairle Contae Longfoirt clár CCTV thar 12 seachtain ag díriú ar spotaí dubha uirbeacha agus tuaithe.

Bhí ocht gceamara soláthraithe ag TSS Ltd agus imlonnaithe i mí Lúnasa, Mheán Fómhair agus Deireadh Fómhair 2018. Bhí ceithre chinn in úsáid ag suíomhanna uirbeacha agus ceithre chinn ag suíomhanna tuaithe. Bhí 90+ braiteoireacht mar thoradh leis na ceamaraí.

Lean Comhairle Contae Longfoirt le CCTV sna limistéir uirbeacha agus ráta braiteoireachta suntasach fós.

Leis sin, d'fhógair Comhairle Contae Longfort Maithiúnas Tochta ag tús mhí Iúil 2018. Rinneadh bailiúcháin ar an 14ú agus 21ú Iúil 2018. Thar dhá bhliana, bhí 487 tocht bailithe agus athchúrsáilte.

Foráil Bainistíochta Dramhaíl d'Áiseanna

Faoi láthair, tá 25 suíomh fág anseo i gContae Longfort. Glactar le gloine glas, donn agus trédhearcach, chomh maith le cannaí alúmanaim, ag gach suíomh. Tonnáiste iomlán bailithe don athphróiseáil in 2018 ná 772 tonna gloine agus 24 tonna cannaí alúmanaim.

Suíomhanna Tréigthe

Glacann Comhairle Contae Longfoirt cur chuige ilghníomhaireachta chun dul i ngleic le loitiméireacht agus dumpáil mídhleathach ag suíomhanna tréigthe. Seoltar fógra i scríbhinn chuig úinéirí maoinne ag iarradh orthu a gcuid maoinne a chosaint agus gach dramhaíl curtha sa suíomh a bhaint.

Cuireadh ar iomlán 13 ionad maoinne ar an Taifead ar Shuíomhanna Tréigthe in 2018. Rinneadh cinneadh ag an mBainistíocht chun 4 ionad maoinne a cheannach le Ordú Ceannacháin Riachtanach, ag úsáid a gcumhachta faoi réir an Achta Tithíochta 1996. Cuireadh tús le próisis an C.P.O i nDeireadh Fómhair 2018. Go dtí seo, deimhníodh ceann den C.P.O.

Úsáid Fuinnimh

Iarrtar ó Chomhairle Contae Longfoirt, i gcomhréir le polasaí náisiúnta, ár n-ídiú fuinnimh a laghdú triain in 2020. Ós rud é gur tomhaltóir suntasach fuinnimh í an eagraíocht, léiríonn sé sin dúshlán suntasach agus cuirtear béim gach bliain ar fheabhsúchán incriminteach in éifeachtacht fhuinnimh. Ó dheireadh 2018, fanann Comhairle Contae Longfoirt ar an targaid chun cloí le 33% laghdú in ídiú fuinnimh roimh dheireadh 2020. In 2018, chaith Comhairle Contae Longfoirt €758,000 ar fhuinneamh agus scaoil sé 1,768 tonna dé-ocsaíd charbóin san atmaisféar.

Tá Comhairle Contae Longfoirt cleamhnaithe le Gníomhaireacht Fhuinnimh Láir na Tíre (MEA). I dteannta le MEA chríochnaigh Comhairle Contae Longfoirt clár iniúchtaí fuinnimh i ngach Áiseanna an Chomhairle in 2018. Ó shin, d'fhorbair sé straitéis infheistíochta do thionscadail feabhsúcháin fuinnimh do na blianta atá le teacht. In 2018, críochnaíodh tionscadal ar uasghráduithe soilsithe poiblí ag úsáid LED ag go leor suíomhanna.

Tá tionscnaíocht Bhainistíochta Fhuinnimh ar siúil agus ina nglactar bearta practiciúla chun ídiú fuinnimh ag an gComhairle a laghdú. Agus mar chuid d'Fhaisnéis chlár feasachta poiblí ag baint le bearta caomhnaithe fuinnimh, áirítear Pacaí Faisnéise a dháiltear i scoileanna agus ag cruinnithe a tharlaíonn i bpobail.

Rinne Comhairle Contae Longfoirt feabhsuithe i monatóireacht fhuinnimh le úsáid "Eilifint Fhuinnimh", seirbhís ar líne atá ann a éascaíonn anailís ar gach billí fónais (gás, ola, leictreachas, srl.) i dtéarmaí costais, méid ídithe, agus tonnaí CO2 scaoilte san atmaisféar.

Feasacht ar Chomhshaoil

Áirítear leis an ngné seo d'obair na Roinne:

- Glantachán Earraigh Náisiúnta
- Seachtain Náisiúnta na gCrann
- Bailiúcháin Táirgí Móra agus Dramhaíl Guaiseach
- Scoileanna Glasa
- Nollaig Ghlas
- Maoiniú Comhpháirtíochta Comhshaoil Áitiúil
- Deontais Feasachta Frith-Bhruscair
- Bailte Slachtmhara
- Speicis Ionracha

Glantachán Earraigh Náisiúnta

Rinneadh Glantachán Earraigh Náisiúnta 2018 le linn Aibreáin. Tugadh bailitheoirí bruscair, bibí agus málaí le có datha le haghaidh glantacháin pobail. Chláirigh os cionn 40 grúpaí agus scoileanna agus ghlac siad páirt i nglantacháin timpeall an Chontae.

Seachtain Náisiúnta na gCrann

Bhí Seachtain Náisiúnta na gCrann, atá eagraithe ag Comhairle Crann na hÉireann agus le tacaíocht ó Coillte agus Comhairle Contae Longfoirt, ag tarlú ón 4ú go dtí an 11ú Mhárta 2018. Cuireadh deis ar fáil do Ghrúpaí Pobail, Eagraíochtaí Bhailte Slachtmhara, Scoileanna agus eagraíochtaí eile sa Chontae chun crainn óga a fháil. Tugadh os cionn 200 crann óg do níos mó ná 30 grúpaí agus scoileanna pobail ar feadh na seachtaine.

Bailiúcháin Táirgí Móra agus Dramhaíl Guaiseach

Eagraíodh dhá bhailiúchán an-mhór agus dhá bhailiúchán guaiseach le linn 2018. Rinneadh bailiúcháin ag Longford Slashers agus Granard Mart. Bhí dramhaíl ginearálta agus inathchúrsáilte ar iomlán 8.26 tonna, agus 3.86 tonna dramhaíl guaiseach bailithe.

Scoileanna Glasa

Bhí an-rath ag Longfort arís chun gníomhaíocht a mhéadú i Scoileanna Glasa le linn 2018. Le linn 2018, d'athnuaigh ceithre scoil déag a mbrat glas agus fuair St John's N.S Battery Road agus Forgneý N.S. A mbrat glas freisin. Clúdaíonn na brait téamaí amhail bruscar agus dramhaíl, caomhnú fuinnimh agus uisce, Taisteal, Bithéagsúlacht agus Saorántacht Domhanda.

Nollaig Ghlas

Thug an Comhairle dhá phointe leag isteach i Longfort agus Droim Lis, inar féidir le sealbhóirí tí ar a gcrainn chun stialta, saor in aisce. Is féidir sean-chártaí Nollag a fhágáil freisin ag leabharlanna áitiúla ar fud an Chontae.

Deontais Feasachta Frith-Bhruscair

Fuair Longfort deontas feasachta frith-bhruscair le linn 2018 ar €16,000 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DECLG). D'fhorlón an Comhairle an maoiniú seo ag €6,857 ag tabhairt an bhuiséid iomláine go dtí €22,857. Is nós leis na Deontais Frith-Bhruscair agus Frith-Ghraifítí tacú le tionscnaíochtaí glanta suas, feachtais fógraíochta agus tionscadail athchúrsála scoile a mhaoiniú agus ábhair a sholáthar chun tacú le tionscnaíochtaí glanta suas pobail áitiúla.

Ciste Comhpháirtíochta Comhshaoil Chlár 21 Áitiúil

Fuair an Comhairle leithdháileadh €8,050 faoi réir na Scéime seo ón DECLG. Thug an Comhairle 50% cistí comhfhreagracha ag tabhairt iomláine an chistithe go dtí €16,100 chun tacú le tionscadail comhshaoil nuálaíochta, bunaithe ar phobal.

Grúpaí Pobail / Bailte Slachtmhara Longfoirt

Bhí bliain rathúil eile ag Comhairle Contae Longfoirt ag obair le Grúpaí Bhailte Slachtmhara agus Pobail ar fud Chontae Longfoirt agus fuair grúpaí maoiniú trí dheontais frith-bhruscair agus comhpháirtíochta comhshaoil áitiúla araon. Bhí bailitheoirí bruscair, lámhainní, agus go háirithe málaí le dathanna speisialta leithdháilte do ghrúpaí freisin ar iarratas. Eagraíodh fóram Bhailte Slachtmhara Chontae Longfoirt i mbaile Longfoirt le linn Márta 2018.

Speicis Ionracha

Lean cóireáil ghlúineach bhiorach le linn 2018 le €16,000 Maoinithe an Údaráis Áitiúil bronnta do chlár cóireála ar fud an chontae. Bhí 250 suíomh cóireáilte anois agus táthar ag súil go mbeidh an clár cóireála ag leanúint le linn 2019 agus 2020.

Talaimh Adhlactha

Déantar cuid mhaith den chothabháil tréimhsiúil ar reiligí ag foireann Scéime Sóisialta Tuaithe agus saorálaithe áitiúla an choiste reilige. Déanann Comhairle Contae Longfoirt ranníocaíocht dhíreach le Longford Community Resources Ltd, a thugann maoirseacht ar an Scéim Sóisialta Tuaithe. Oibríonn an Comhairle freisin scéim tacaíochta reiligí a thugann deontas ón Údarás Áitiúil do ghrúpaí áitiúla atá ag déanamh cothabhála ar an reilig.

SEIRBHÍSÍ DÓITEÁIN AGUS ÉIGEANDÁLA

Tá stáisiún ag an Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála i mBaile Uí Mhatháin, Meathas Troim, Gránard, Lanesboro agus Longfort. Tá foireann 48 fear múchta dóiteáin ag na stáisiún sin a d'fhreagair d'eachtraí dóiteáin agus tarrthála araon. Bhí an Roinn Dóiteáin gníomhach chun sábháilteacht dóiteáin a chur chun cinn an bhliain seo.

Rinne an Roinn Dóiteáin measúnú ar Dheimhniúcháin Sábháilteachta Dóiteáin, Aighneachtaí Pleanála agus Atreoruithe Iarratais Cheadúnas Cúirte. Rinneadh Iniúchtaí Sábháilteachta Dóiteáin ar áitribh tráchtála freisin.

		Líon
OIBRIÚCHÁIN	Líon iomlán glaoch amach - Eanáir go dtí Nollaig 2018	379
RIALÚ TÓGÁLA	Líon na Deimhniúcháin Dóiteáin próiseáilte in 2018	36

Tógáil Síneadh nua ar an Stáisiún Dóiteáin i mBaile Longfoirt tosaíthe i mí Feabhra 2018 agus sa sceideal le haghaidh críochnaithe in Aibreán 2019.

Fuair Briogáid Dóiteáin Ghránard Inneall Dóiteáin Aicme B Nua i mí na Samhna 2018 ar chostas timpeall €320,000 faoi réir Scéime Leithdháilte Náisiúnta i gcomhair 2016.

Tá costas €2,200,000 ag Seirbhís Dóiteáin Longfoirt le oibriú i gcomhair 2018 dá fhreagra oibriúcháin agus sruthanna oibre maolaithe araon.

Bhí na polasaithe a leanas molta tríd an SPC Comhshaoil in 2018 agus tar éis sin glactha ag an gComhairle iomlán -

1. Athbhreithniú ar Pholasaí Billeála Sheirbhís Dóiteáin agus Nósanna Imeachta
2. Plean Oibriúcháin Chuid 26 Seirbhíse Dóiteáin Nua.

Fógraíodh folúntas múchta dóiteáin 5 uair i gcomhair Lanesboro. D'earcaigh an tSeirbhís 2 iarratasóir oiriúnach i ndiaidh an chríochnaithe is déanaí.

Chuaigh Oifigeach an Stáisiúin P.J. Hynes ar scor ó Sheirbhís Dóiteáin Lanesborough i Lúnasa 2018 i ndiaidh 35 bliain seirbhíse.

D'éirigh fear múchta dóiteáin Hugh Devine ó Bhriogáid Dóiteáin Mheathas Troim i Meitheamh 2018 i ndiaidh 18 bliain seirbhíse agus Shane Matthews a d'éirigh as Briogáid Dóiteáin an Ghránard in Iúil 2018 i ndiaidh beagnach 3 bhliana seirbhíse.

Bhí cead faofa chun Príomhoifigeach Dóiteáin Cúnta a earcú.



Síneadh críochnaithe le déanaí ar Cheanncheathrú Seirbhíse Dóiteáin Chontae Longfoirt



